

ÍSEÁIA

An Chéad Chuid

Fáistíní ó roimh an gCogadh leis an tSuír agus le hEafráim

1 Fís Íseáia mhic Ámóz a chonaic sé i dtaobh Iúdá agus Iarúsailéim in aimsir Uiziá, Iótám, Áchaz agus Hiziciá, ríthe Iúdá.

In Aghaidh an Phobail Dhobhránta

2 Éistigí, a fhlaithesa, agus cuir cluais ort, a thalaimh, óir tá an Tiarna ag labhairt:

“Thóg mé agus d’oil mé clann mhac, ach d’éirigh siad amach i mo choinne.

3 Tá aithne ag an mart ar a úinéir, agus ag an asal ar chliabhán a mháistir, ach ní aithníonn Iosrael aon ní, ní thuigeann mo phobal dada.”



Pionós Iúdá

- ⁴ Och, a phobal na bpeacaí, a chine atá crom le drochbhearta,
a shliocht na míghníomh, a chlann thruaillithe!
Thréig siad an Tiarna, thug tarcaisne do Neach Naofa Iosrael,
d'iompaigh siad uaidh i leith.
- ⁵ Cá háit is féidir buille a bhualadh oraibh arís,
agus an feall ar siúl agaibh fós?
Tá an cloigeann uile breoite, an croí meata ar fad;
- ⁶ Ó bhonn na gcos go baithis, níl ball folláin ann:
créachtaí, fearbacha, cneánna oscailte
nach ndeachaigh bréid ná ceangal orthu,
ná cógais ola.
- ⁷ Tá bhur dtír ina fásach, tá bhur gcathracha loiscthe,
bhur dtailte, tá siad á gcreachadh os comhair bhur súl ag strainséirí;
díthreabh atá ann, mar a bhí nuair a scriosadh Sodom.
- ⁸ Ta iníon Shíón fágtha
mar bheadh bothán faire i bhfíonghort,
mar bheadh scáthlán i gcuibhreann cúcamar,
mar bheadh cathair faoi léigear.



⁹ Ach gur fhág Tiarna na Slua fuíoll áir,
ba chuma sinn nó Sodom,
ba le Gomorá ár samhail.

In Aghaidh na Fimíneachta

¹⁰ Éistigí le briathar an Tiarna,
a thaoisigh Shodom;
tugaigí cluas do reacht ár nDé,
a phobal Ghomorá!

¹¹ “Nach cuma liomsa bhur n-íobairtí gan áireamh?”
a deir an Tiarna.
“Tá mé dóthanach de reithí loiscthe
agus de shail na ngamhna,
níl dúil agam i bhfuil mhart agus phocán gabhair.

¹² Nuair a thagann sibh i mo láthair,
cé a d'iarr oraibh urlár mo thí a shiúl?

¹³ Éirigí as ofrálacha gan mhaith a thabhairt chugam;
cuireann an toit atá uathu déistin orm.
Féilte na ré nua, sabóidí, comhthionóil ...
ceiliúradh ná sollúntas níl dul agam a bhfulaingt níos mó.



- ¹⁴ Bhur réanna nua agus bhur n-oilithreachtaí,
is gráin liom iad i m'anam istigh.
Is ualach orm iad
agus tá mé tuirseach á n-iompar.
- ¹⁵ Nuair a shíneann sibh amach bhur lámha,
iompaím mo shúile uaibh.
A liacht paidreacha a deir sibh,
níl mise ag éisteacht.
Tá bhur lámha lán fola.
- ¹⁶ Nígí, glanaigí sibh féin.

Tógaigí bhur n-urchóid as mo radharc.
Éirigí as an olc a dhéanamh!

- ¹⁷ Foghlaimigí an mhaith a dhéanamh,
lorgaigí an rud cóir,
cuirigí in éadan ansmachta,
tugaigí a cheart don dílleachta,
agraigí cúis na baintrí.

- ¹⁸ Gabhaigí i leith ansin agus pléimis an scéal,
a deir an Tiarna.
Má bheadh bhur bpeacaí ar nós craoraig,
déanfar níos gile iad ná sneachta;



má bheadh siad chomh dearg leis an gcorcra,
amhail olann a dhéanfar iad.

- ¹⁹ Má thoilíonn sibh a bheith umhal,
íosfaidh sibh de thoradh na talún;
²⁰ ach má leanann sibh sa stailc agus sa cheannairc,
is é béal an chlaímh a íosfaidh sibhse.”

Tá béal an Tiarna tar éis labhairt.

Mairgneach ar Iarúsailéim

- ²¹ Conas a rinne striapach di,
an chathair dhílis?
Síón, a bhí lán de dhílseacht,
mar a raibh an ceart ina chónaí,
níl intí anois ach lucht dúnmharfa.
- ²² Tá d’airgead i ndiaidh athrú ina shal,
tá uisce trí do chuid fíona.
- ²³ Tá do phrionsaí ina lucht ceannairce,
le gadaithe atá a gcuidreamh.



Tá gach aon duine cíocrach chun brabúis
agus ag sodar i ndiaidh síneadh láimhe.
Ní thugann siad a cheart don dílleachta,
ná ní ghlaóítear cúis na baintrí choíche.

- ²⁴ Ar an ábhar sin, is í seo fáistine Thiarna Dia na Slua,
Neach Láidir Iosrael:
“Ha! beidh an ceann is fearr agam ar mo chéilí comhraic,
bainfidh mé sásamh as mo naimhde.
- ²⁵ Iompóidh mé mo lámh i do choinne,
glanfaidh mé an tsal asat san fhoirnéis,
agus tógfaidh mé uait an drochmhianach ar fad.
- ²⁶ Cuirfidh mé do bhreithimh ar ais mar bhí siad cheana,
do chomhairleoirí mar bhí siad anallód.
As sin amach, glaofar cathair na córach ort,
an chathair fhíréanta.”

- ²⁷ Déanfar Síón a athcheannach le hionracas,
agus le ceart an dream dá muintir a iompóidh ar ais.
- ²⁸ Lucht ceannairce agus peacaigh, brisfeair i dteannta a chéile iad
agus an dream a thréigeann an Tiarna, rachaidh siad in éag.



I gCoinne na gCrann Sacrála

- ²⁹ Sea, beidh náire oraibh de bharr na gcrann teiribinte
a bhfuil bhur sólás iontu,
agus beidh ceann faoi oraibh de bharr na ngairdíní
a chuireann cluain oraibh.
- ³⁰ Óir beidh sibh cosúil le teiribint
a bhfuil a duilliúr feoite
agus le gairdín
nach bhfuil uisce leis níos mó.
- ³¹ Déanfar barrach den duine teann
agus lasóg dá shaothar.
Loiscfear iad i dteannta a chéile
agus ní bheidh duine ann lena múchadh.

An tSíocháin Bhuan

2 Fís Íseáia mhic Ámóz i dtaobh Iúdá agus Iarúsailéim.

- ² Titfidh sé amach san am atá le teacht
go mbeidh an sliabh a bhfuil teach an Tiarna air
os cionn na sléibhte,
agus go dtógfar níos airde ná na cnoic é.



Tiocfaidh na ciníocha go léir ina sruth go dtí é;
³ is iomaí pobal a rachaidh ann agus a déarfaidh:

“Seo linn, téimis suas go sliabh an Tiarna
go teach Dhia Iacóib,
chun go múine sé dúinn a shlite
agus go siúlaimis a bhealaí.”
Óir ó Shíón rachaidh an dlí amach,
agus ó Iarúsailéim briathar an Tiarna.

⁴ Beidh smacht aige ar na ciníocha
agus déanfaidh sé réiteach idir an iomad pobal,
agus buailfidh siad a gclaímhthe amach ina soic chéachta
agus a sleánna ina gcorráin.
Ní thógfaidh na ciníocha an claíomh in aghaidh a chéile a thuilleadh
ná ní chleachtfaidh siad cogadh níos mó.

⁵ A theaghlach Iacóib, tagaigí,
agus siúlaimis i solas an Tiarna!

Fiosrú an Tiarna

⁶ Is ea, dhiúltaigh tú do do phobal,
do mhuintir Iacóib;



tá an tír lán le lucht feasa,
 agus le draíodóirí ar nós na bhFilistíneach;
 agus bítear ag bualadh boise le heachtrannaigh.

⁷ Tá a ndúiche lán airgid agus óir
 agus níl deireadh go deo lena dtaiscí;
 tá a ndúiche lán de chapail
 agus níl deireadh lena gcarbaid;

⁸ tá a dtír lán de dhéithe bréige ...
 Sléachtann siad go talamh i láthair saothar a lámh féin;
 os comhair an rud a dhealbhaigh a méara féin.

⁹ Ísleofar an duine, tabharfar céim síos don duine;
 ná maith dóibh é.

¹⁰ Imigh leat i measc na n-ailteanna,
 gabh i bhfolach sa láib,
 ar aghaidh scéin an Tiarna
 agus maise a mhórgachta,
 nuair a éiríonn sé
 chun an talamh a chroitheadh.

¹¹ Beidh ceann faoi ar an uabhar daonna;
 ísleofar díomas an duine.
 Is é an Tiarna amháin a ardófar, an lá sin.



- ¹² Sea, lá Thiarna na Slua a bheidh ann,
i gcoinne an uile uabhair agus dhíomais,
i gcoinne an uile ghradaim, chun a bhascadh,
¹³ i gcoinne chéadras na Liobáine go léir
agus chrann darach Bháiseán go léir,
¹⁴ i gcoinne na sléibhte buacacha ar fad
agus na gcnocán ard ar fad,
¹⁵ i gcoinne na dtúr ard uile
agus na mbábhún crioslaithe uile
¹⁶ i gcoinne loingeas Thairsís go léir
agus a n-earraí luachmhara go léir ...

- ¹⁷ Ísleofar an t-uabhar daonna,
tabharfar béim síos do dhíomas an duine.
Is é an Tiarna amháin a ardófar, an lá sin,
¹⁸ agus caithfear síos na déithe bréige go léir.

- ¹⁹ Imíge libh faoi scailpeacha na gcarraig,
isteach i bpluaiseanna an talaimh,
ar aghaidh scéin an Tiarna
agus maise a mhórgachta,
nuair a éiríonn sé
chun an talamh a chroitheadh.



²⁰ An lá sin, caithfidh an duine chuig na caocháin agus chuig na sciatháin leathair na híola airgid agus na híola óir a dhealbhaigh sé dó féin lena n-adhradh,

²¹ nuair a rachaidh sé a lorg dídine i ngága na gcarraig agus i scoilteanna na n-ailteanna ar aghaidh scéin an Tiarna agus maise a mhórgachta, nuair a éiríonn sé chun an talamh a chroitheadh.

²² Ná bíodh do mhuinín sa duine a thuilleadh, nach bhfuil ach puth ghaoithe ina pholláirí. Cén luach a chuirfí síos dó?

Ainriail in Iarúsailéim

3 Sea, féach, tá an Tiarna Dia na Slua, ag dul an uile chrann taca a bhaint de Iarúsailéim agus de Iúdá, (taca aráin agus taca uisce);
² gaiscíoch, ceithearnach, breitheamh agus fáidh, fear feasa, seanóir, ³ ceann feadhna, ceannasaí, comhairleoir, draoi agus ceard.



⁴“Tabharfaidh mé ógánaigh mar phrionsaí dóibh,
agus beidh siad faoi réir ag lucht baoise.”

⁵Tá na daoine ag déanamh leatroim ar a chéile
agus sin idir comharsana;
an gasúr ag caitheamh sotail leis an seanduine,
agus an daoscar leis an uasal,

⁶ionas go bhfaighidh gach aon greim ar a dheartháir i dteach a athar:
“Tá brat agat, bí i do thaoiseach orainn,
agus tóg an fothrach seo de theaghlach idir lámha.”

⁷Tabharfaidh an fear eile mar fhreagra air, an lá sin:
“Ní fear leighis mise,
níl arán ná brat i mo theach;
ná déanaigí taoiseach díomsa ar an teaghlach.”

⁸Go deimhin, tá Iarúsailéim ag dul in ainriocht,
tá Iúdá ag titim i bhfothracha,
óir, a gcaint agus a ngníomhartha i leith an Tiarna,
is masla iad ar a ghlóir.

⁹A sotal féin, is fianaise ina n-éadan é,
déanann siad gaisce as a bpeaca, amhail Sodom.
Is trua a gcás,
mar rinne siad a gcreachadh féin.



- ¹⁰ Abraigí: “Is méanar don fhíréan,
mar íosfaidh sé toradh a ghníomhartha;
- ¹¹ Is mairg don ainbheartach, tá an t-olc anuas air,
caithfear leis de réir saothar a lámh.”
- ¹² A phobal liom, atá faoi ansmacht gasúra
agus faoi anfhorlann ag mná.
A phobal liom, tá do lucht rialtais ar seachrán
agus iad ag milleadh an bhealaigh romhat.
- ¹³ Tá an Tiarna ag dul suas chuig a chathaoir bhreithiúnais,
tá sé ina sheasamh chun a phobal a chiontú.
- ¹⁴ Tá an Tiarna ag daoradh
seanóirí agus prionsaí a phobail.
“Is sibhse a chreachann an fíonghort
agus a cheileann seilbh an bhochtáin in bhur dtithe.
- ¹⁵ Cén ceart atá agaibh chun mo phobál a bhascadh,
agus aghaidh na mbochtán a bhrú?”
Is é sin fáistine Thiarna Dia na Slua.

Aitheasc do na Mná

- ¹⁶ Dúirt an Tiarna: “De bharr dhíomais
iníonacha Shíón,



mar go siúlann siad lena gceann suas
 agus iad ag caitheamh catsúile,
 mar go dtéann siad de ghearrchoiscéim,
 ag baint ceoil as a bhfáinní coise,

¹⁷Fágfaidh an Tiarna a gcloigeann gearbach
 agus a náire tarnocht.”

¹⁸Sa lá sin, tabharfaidh an Tiarna chun siúil fáinní múrnáin, corráin, síogairlíni, ¹⁹bráisléid,
 caillí, filléid, ²⁰cóiriú gruaise, slabhairíní coise, criosanna, boscaí cumhráin agus briochtaí,
²¹fáinní, sróiníní, ²²éadach luachmhar, fallaingeacha, cábaí, sparáin, ²³scátháin, línéadach
 mín, turbain agus caillí cloiginn.

²⁴In ionad an chumhráin, lofacht;
 in ionad creasa, súpán;
 in ionad gruaise cóirithe, cloigeann bearrtha,
 agus mar éide mhaiseach, éadach róin;
 in áit áilleachta, lorg an iarainn dheirg.

Baintreacha larúsailéim

²⁵Titfidh do chuid fear leis an glaíomh,
 agus do ghaiscígh sa choimheascar.



²⁶ Beidh do gheataí ag caoineadh agus ag déanamh mairgní;
agus beidh tú i do shuí ar an talamh, tarnocht.

4 Agus béarfaidh seachtar ban greim
ar aon fhear amháin, an lá sin:
“Gheobhaimid bia dúinn féin,” a déarfaidh siad,
“agus cuirfimid éadaí orainn féin;
ach lig dúinn d’ainm a thabhairt orainn féin,
tóg dinn cúis ár náire.”

Fuíoll Áir Iarúsailéim

² Sa lá sin, beidh geamhar an Tiarna
faoi loinnir agus faoi mhaise,
agus toradh na talún
mar ghlóir agus mar scéimh
ag iarmhar Iosrael.

³ An dream a mhairfidh de Shíón,
fuíoll áir Iarúsailéim
tabharfar naoimh orthu uile
agus clárófar ar rolla na beatha iad in Iarúsailéim.



An Foras Nua le Teacht

⁴Truailliú iníon Shíón,
 nuair a bheidh sí nite ag an Tiarna,
 agus Iarúsailéim glanta aige den fhuil a doirteadh
 le siorradh an bhreithiúnais agus siorradh an loiscthe,
⁵tiocfaidh an Tiarna a chónaí
 i ngach uile chuid de Shliabh Shíón
 agus orthu siúd a thagann le chéile ann,
 ina néal agus ina dheatach de lá,
 agus d'oíche, ina chaor thine luisneach.
 Óir os a chionn ar fad, beidh glóir an Tiarna
 ina léibheann ⁶agus ina both
 chun scáth a thabhairt sa lá in aghaidh an teasa,
 agus chun bheith ina tearmann agus ina dídean in éadan báistí agus stoirme.

Amhrán na Fíniúna

5 Canaim thar ceann mo chara
 duan a ghrá dá fhíonghort.

Bhí fíonghort ag mo chara
 ar chnocán torthúil.



- ² Rinne sé a romhar agus a ghlanadh ó chlocha,
agus chuir sé togha na bhfíniúnacha ann,
thóg sé túr faire ina lár,
agus thochail cantaoir ann leis.
Agus bhí sé ag dréim le caora fíona uaidh,
ach thug sé fiachaora dó.
- ³ Agus anois, a phobal Iarúsailéim
agus a mhuintir Iúdá,
tugaigí breithiúnas
idir mé féin agus an fíonghort seo liom.
- ⁴ Cad a d'fhéadfainn a dhéanamh ar son m'fhíonghoirt
nach bhfuil déanta agam?
Bhí mé ag dréim le caora fíona.
Cén fáth na fiachaora amháin?
- ⁵ Tá, cuirfidh mé in iúl daoibh anois
cad tá mé chun a dhéanamh le m'fhíonghort:
an clai a bhaint as chun go mbeidh sé ina fhéarach,
an balla a leagan chun go satlófar air.
- ⁶ Déanfar slad air, agus beidh sé gan bearradh gan saothrú,
agus sceacha agus driseacha ag fás air.



Crosfaidh mé ar na néalta
an fhearhainn a fhearadh air.

⁷ Óir, fíonghort Thiarna na slua,
is é teaghlach Iosrael é,
agus is iad muintir Iúdá an planda is rogha leis ann.
Bhí sé ag dréim le riar ceart agus seo fuilbheart,
le fíréantacht agus seo caoi léanamhar.

Na Mallachtaí

⁸ Drochrath orthu siúd a cheanglaíonn teach le teach,
agus a chuireann páirc i gcionn páirce,
go dtí go dtógann suas an láthair ar fad
agus gurb iad amháin atá lonnaithe sa tír.

⁹ Is amhlaidh a mhionnaigh Tiarna na Slua le mo chluasa:
“Is iomaí teach a leagfar!
Tithe breátha mórtasacha, ní bheidh cónaí iontu;

¹⁰ deich n-acraí d’fhíonghort, ní thabharfaidh siad ach bairille amháin,
agus deich mbuiséal síl, ní thabharfaidh ach aon bhuiséal amháin.”

¹¹ Is mairg dóibh siúd a mbíonn tóir acu
ó mhaidin moch ar an bpóit,



agus a shuíonn déanach san oíche
ag súmaireacht fíona.

¹² Níl ar a n-aire ach cláirseacha agus cruitcheol,
bodhráin agus feadóga,
agus fíon a gcuid meisceoireachta.
Ach obair an Tiarna, is beag a n-aird uirthi,
agus a bhfuil á dhéanamh aige, imíonn sé gan fhios dóibh.

¹³ Dá bharr sin seolfar mo mhuintir ar deoraíocht
de cheal tuisceana,
a n-uaisle stiúgtha ag an ocras,
agus an slua spalptha le tart.

¹⁴ Sea, leathfaidh Seól a chraos,
osclóidh sé a bhéal as miosúr,
agus síos ann leis an gcólp ghalánta,
agus iad ag liúireach le lúcháir!

¹⁵ Ísleofar an duine, agus an daonnaí, tabharfar céim síos dó
agus beidh ceann faoi ar lucht díomais.

¹⁶ Ardófar Tiarna na Slua as ucht ceart a bhreithiúnais,
agus foilseofar naofacht an Dé Naofa trína fhíréantacht.

¹⁷ Beidh uain ag iníor mar bheadh siad ar thalamh féaraigh,
beithígh bheathaithe agus mionnáin ag innilt i measc na bhfothracha.



¹⁸ Is mairg dóibh siúd a tharraingíonn creach orthu féin le teaghrán eallaigh,
agus an peaca

mar bheadh tarraingeáil chairte orthu!

¹⁹ Iad siúd a deir: “Brostaíodh sé! Déanadh sé deifir lena ghníomh
ionas go bhfeicfimid é;
bearta Neach Naofa Iosrael,
tagadh siad in aice linn agus cuirtear i gcrích iad,
chun gurb eol dúinn iad.”

²⁰ Is mairg a ghaireann maith den olc, agus olc den mhaith,
a dhéanann solas den dorchadas agus dorchadas den solas,
a dhéanann milseacht den searbhas agus searbhas den mhilseacht!

²¹ Is mairg a bhfuil meas saoithe acu orthu féin,
agus a cheapann go bhfuil siad thar a bheith glic!

²² Is mairg do ghaiscígh na pótaireachta,
agus do na laochra a mheascann an bhiotáille!

²³ Is mairg a scaoileann saor an ciontach ar bhreab,
ach a bhaineann a cheart den duine cóir!

²⁴ Mar alpann na lasracha an coinleach
agus mar a chailltear an cháith sa tine,
is amhlaidh a bheidh a bhfréamh siúd ag dreo
agus a shiabfar a bpéacán ar siúl ina dheannach,



as siocair gur dhiúltaigh siad do reacht Thiarna na Slua
agus gur chaith drochmheas ar bhriathar Neach Naofa Iosrael.

Fearg an Tiarna

- ²⁵ Is é sin an fáth ar tháinig fearg ar an Tiarna lena phobal
agus ar thóg sé a lámh lena mbascadh;
tá na taoisigh marbh aige, agus a gcorpáin ina luí
mar bheadh dramhaíl sna sráideanna.
Ach níl a racht ligthe faoi ina dhiaidh sin,
tá a lámh ag bagairt go fóill.

Ionradh na nAsáir each

- ²⁶ Déanfaidh sé comhartha do náisiún i gcéin,
ligfidh fead air ó imeall an domhain,
agus seo chugainn é go héadrom agus go huallach.
- ²⁷ Níl duine díobh atá traochta ná tuirseach,
ná duine atá ceantrom ná codlatach;
a chrios níl scaoilte dá chorróig ag aon duine acu
ná iall a chuid cuarán briste.



²⁸ Tá faobhar i gceart ar a shaigheada
 agus tá na boghanna uile rite aige;
 is crua ná scileach crúba a chuid capall,
 agus rothaí a charbad ar nós guairneán gaoithe.

²⁹ Búirthíl leoin bhaininn atá aige,
 agus béicíl mar bheadh coileán leoin ann;
 ligeann sé glam agus beireann ar a chreach,
 ardaíonn sé leis í agus níl duine ann chun í a bhaint de.

³⁰ Beifear ag búiríl ina éadan an lá sin
 mar bheadh búiríl na farraige ann.
 Beifear ag breathnú na tíre: dorchadas, duainéis,
 agus an solas ag dul faoi smúit agus faoi ghruaim.

Leabhar Ímeánuéil

Gairm Íseáia

6 An bhliain a bhfuair an Rí Uiziá bás, chonaic mé an Tiarna ina shuí ar ríchathaoir ard;
 agus an sanctóir líonta lena scuaine: ²bhí saraifíní os a chionn, sé cinn d'eiteoga ar
 gach aon acu; dhá cheann ag clúdach a ngnúise, dhá cheann lena gcosa a chlúdach, dhá
 cheann chun eitilte. ³Agus bhí siad ag scairteadh na bhfocal seo ar a chéile:



“Is naofa, naofa, naofa Tiarna na Slua.
Tá an talamh lán dá ghlóir.”

⁴Bhí bacáin na tairsí ar crith le glór an té a bhí ag scairteadh agus bhí an Teampall á líonadh le deatach. ⁵Arsa mise:

Is mairg dom, tá mé cailte,
óir is duine mé a bhfuil a bheola neamhghlan,
tá cónaí orm i measc pobal a bhfuil a mbeola neamhghlan
agus tá mo shúile tar éis amharc ar an Rí, Tiarna na Slua.

⁶Thainig ceann de na saraifíní ar eitilt chugam, agus aibhleog ina láimh aige a thóg sé le tlú ón altóir. ⁷Chuimil sé le mo bhéal í agus dúirt:

“Seo, cuimleadh í seo le do bheola,
tá do pheaca scriosta,
tá d’urchóid clúdaithe.”

⁸Ansin chuala mé glór an Tiarna, á rá:

“Cé a chuirfidh mé uaim? Cé a labhróidh thar mo cheann?”

D’fhreagair mise: “Seo anseo mise, cuir mise!” ⁹Dúirt sé liom:



“Imigh agus abair leis an bpobal seo:

‘Éistigí le bhur gcluasa agus gan dada a thuiscint,
breathnaigí le bhur súile agus gan aon rud a fheiceáil.

- ¹⁰ Déan croí an phobail seo trom,
déan a gcluasa bodhar,
dall a gcuid súl,
ar eagla go bhfeicfeadh a súile,
go gcloisfeadh a gcluasa,
go dtuigfeadh a gcroí,
go n-iompódh siad ar ais agus go ndéanfaí a leigheas.”

- ¹¹ Arsa mise: “Cá fhad, a Thiarna?” D’fhreagair sé mé:

“Go dtí go scriosfar na bailte agus go bhfágfar gan áitreabh iad,
na tithe gan duine daonna,
an tuath tréigthe,

- ¹² agus go ndíbrí an Tiarna na daoine as.

Fásach mór a bheidh i gcroílár na tíre,

- ¹³ agus má thagann an deichiú cuid de na daoine slán,

is é an scrios atá i ndán dóibh freisin,

ar nós na teiribinte, nach bhfuil fágtha di ar a leagan ach grágán.

Síol naofa is ea an grágán sin.”



An Chéad Rabhadh do Áchaz

7 Agus tharla in aimsir Áchaz, mac Iótám, mac Uiziá, rí Iúdá, go ndeachaigh Reizín, rí Arám, mar aon le Peacach, mac Ramailiá rí Iosrael, suas go Iarúsailéim lena hionsaí, ach níor éirigh leis a gabháil.

²Tugadh an scéala seo chuig teaghlach Dháiví: “Tá Arám tar éis dul isteach in Eafráim.” Agus tháinig crith ar chroí an rí agus ar chroí an phobail mar a thagann ar chrainn na coille roimh an ghaoth. ³Agus dúirt an Tiarna le hÍseáia: “Seo, gabhaigí in airicis Áchaz, tú féin agus do mhac Seár Iáisiúb, go bun chlais na Linne Uachtair, go bealach Pháirc an Úcaire, ⁴ agus déarfaidh tú leis:

Aire dhuit, ná bíodh imní ort, ná eagla;
ná bíodh do chroí anbhann,
de bharr an dá ghal soip úd,

⁵ as siocair Arám, Eafráim agus mac Ramailiá,
a bheith ag beartú thú a mhilleadh, á rá:

⁶ Téimis suas in éadan Iúdá chun scéin a chur ann
agus chun a ghabháil dúinn féin,
agus déanfaimid rí ann
de mhac Thaibéal.’

⁷ Mar seo a deir an Tiarna Dia:

‘Ní tharlóidh, ní mar sin a bheidh.



- ^{8a} Is í an Damaisc ceann Arám,
agus Reizín, ceann na Damaise;
- ^{9a} is í an tSamáir ceann Eafráim,
agus mac Ramailiá ceann na Samáire.
- ^{8b} Ach i gcionn a sé, ní hea, i gcionn a cúig de bhlianta,
beidh Arám scriosta, agus Eafráim caite síos.
- ^{9b} Ach mura seasann sibhse liomsa,
níl seasamh i ndán daoibh.”

An Dara Rabhadh: Comhartha Ímeánuéil

¹⁰ Agus labhair an Tiarna le hÁchaz arís agus dúirt: ¹¹“Iarr comhartha duit féin ar an Tiarna do Dhia, as duibheagáin Sheól aníos nó thuas in arda na spéartha.” ¹²D’fhreagair Áchaz: “Ní iarrfaidh, ní mé chun dúshlán an Tiarna a thabhairt.” ¹³ Ansin dúirt sé:

“Éistigí mar sin, a theaghlach Dháiví,
an é nach beag daoibh sárú ar dhaoine
go gcaithfidh sibh mo Dhia a shárú ina theannta sin?

- ¹⁴ Is é an Tiarna féin mar sin a thabharfaidh comhartha daoibh.
Seo, tá an ógbhean ag iompar
agus ar tí mac a shaolú,
agus tabharfaidh sí Ímeánuéil mar ainm air.



- ¹⁵ Bleacht agus mil a chothóidh é
go dtí go mbeidh a fhios aige
diúltú don olc agus an mhaith a roghnú.
- ¹⁶ Óir sula mbeidh fhios ag an bpáiste seo diúltú don olc
agus an mhaith a roghnú,
beidh an tír úd ina díthreabh,
agus eagla ortsa anois roimh a beirt rí.
- ¹⁷ Tabharfaidh an Tiarna ort féin agus ar do phobal
agus ar theaghlach d'athar
laethe nár tháinig a leithéid
ón am a scar Eafraím le Iúdá
(rí na hAsaíre).
- ¹⁸ Sa lá sin, ligfidh an Tiarna fead ar na mioltóga
as bun abhann na hÉigipte,
agus ar na beacha ó thír na hAsaíre,
- ¹⁹ chun go dtiocfaidís go léir a thuirling
ar na haltáin chrochta agus ar scailpeacha na gcarraigeacha,
ar sceacha agus ar thalamh féaraigh.
- ²⁰ Sa lá sin, beidh an Tiarna ag bearradh
le rásúr a fruilíodh taobh thall den Abhainn
(rí na hAsaíre);



an ceann agus fionnadh an choirp,
go fiú an fhéasóg is ea lomfaidh sé.

²¹ Sa lá sin, tógfaidh gach duine
aon bhó amháin agus dhá chaora,
²² agus de bharr flúirseacht an táil,
bia bleachta agus mil a chothóidh
a bhfuil fágtha sa tír.

²³ Sa lá sin, gach áit a bhfuil míle fíniúin,
arbh fhiú míle píosa airgid iad,
ní bheidh ann ach driseacha agus sceacha.

²⁴ Beidh gá le bogha agus le saigheada ag dul isteach ann,
óir driseacha agus sceacha a bheidh sa talamh ar fad.

²⁵ Na sléibhte a romhraíodh le rámhainn,
ní rachaidh aon duine iontu níos mo,
le heagla roimh na driseacha agus na sceacha;
fearann eallaigh a bheidh ann, agus réimse do chaoirigh.”

Saolaítear mac do Íseáia

8 Dúirt an Tiarna liom: “Tóg séala mór agus scríobh air i ngnáthlitreacha: Machaer
Seálál Hais Baz. ² Ansin faigh finnétithe dom atá inmhuinín: an sagart Úiriá agus
Zacairiá, mac Ibiricia.”



³Chuaigh mé i leith an bhanfháidh. Ghabh sí agus shaolaigh mac. Dúirt an Tiarna liom: “Tabhair Machaer Seálál Hais Baz mar ainm air, ⁴óir sula mbeidh an gasúr seo in ann ‘daidí’ na ‘mamaí’ a rá, iomprófar saibhreas na Damaisce agus creach na Samáire os comhair rí na hAsáire.”

Sileo agus Eofrataes

⁵Labhair an Tiarna liom arís agus dúirt:

⁶“As siocair go bhfuil an pobal seo ag cur suas d’uiscí Shileo a shileann go suaimhneach, agus go bhfuil sé ag creathnú roimh Reizín agus mac Ramailiá,

⁷cuirfidh an Tiarna ag líonadh in bhur gcoinne uiscí tréana domhaine na hAbhann (rí na hAsáire agus a ghlóir go hiomlán). Sceithfidh sí as a grinneall agus cuirfidh sí thar a bruacha ar fad;

⁸beidh sí ina tuile ar fud Iúdá, á bhá, agus líonfaidh sí suas go dtí an muineál, agus beidh a sciatháin spréite thar leithead do dhúiche, a Ímeánuéil.”



Scéin an Ionraidh

- ⁹ Bíodh fhios agaibh é, a náisiúna, scriosfar sibh;
 éistigí, a chiníocha i gcéin,
 ceanglaígí oraibh bhur n-airm, ach scriosfar sibh,
 ceanglaígí oraibh bhur n-airm, ach scriosfar sibh.
- ¹⁰ Beart má cheapann sibh, tá sé ó rath;
 focal má labhraíonn sibh, níl aon bhrí ann,
 mar tá Dia linne.

An Tiarna ina Cheap Tuisle

- ¹¹ Óir is amhlaidh seo a labhair an Tiarna liom,
 nuair a rug a lámh orm chun mé a cheapadh
 ó shlí an phobail seo a leanúint.
- ¹² “Ná tabhair comhcheilg
 ar gach a dtugann an pobal seo comhcheilg air;
 an ní is eagal leo,
 ná bíodh eagla ortsa roimhe, ná uamhan.
- ¹³ Tiarna na Slua,
 is é nach mór a naomhú;
 roimhesean a bheidh eagla oraibh, agus uamhan.



- ¹⁴ Eisean an sanctóir agus an ceap tuisle
eisean an charraig a bhainfidh leagan
as dhá theaghlach Iosrael;
é ina shás agus ina ghaiste
do mhuintir Iarúsailéim.
- ¹⁵ Agus bainfear tuisle as mórán díobh,
titfidh siad agus brisfear iad;
rachaidh siad sa dol agus béarfar orthu.”

Ráiteas Íseáia lena Dheisceabail

- ¹⁶ Tá an tiomna faoi chlúdach,
an teagasc faoi shéala agam
i gcroí mo dheisceabal.
- ¹⁷ Tá mé ag fanacht leis an Tiarna,
atá ag ceilt a ghnúise ar theaghlach Iacóib,
is ann atá mo dhóchas.
- ¹⁸ Mé féin agus an chlann a thug an Tiarna dom,
is tuar agus mana sinn in Iosrael
ó Thiarna na Slua,
a bhfuil a chónaí ar Shliabh Shíón.



- ¹⁹ Agus beidh siad á rá libh: “Fiafraígi de na taibhsí agus de lucht feasa a bhíonn ag bíogarnach agus ag durdáiil; – cinnte, ní foláir do phobal dul i gcomhairle lena dhéithe agus ar mhaithe leis na beo, comhairle a ghlacadh ó na mairbh,
- ²⁰ chun teagasc agus tiomna a fháil.”
Nach cinnte gur mar sin a labhróidh siad, mar níl breacadh lae i ndán dóibh.

An Seachrán Oíche

- ²¹ Beidh siad ag siúl na tíre, faoi anró agus faoi ocraas agus leis an ocraas tiocfaidh fearg orthu agus cuirfidh siad mallacht lena rí agus lena nDia; ag amharc in airde dóibh
- ²² nó ag breathnú síos ar an talamh, níl ann ach anbhroid agus dorchadas, gruamacht na hanbhuaine, agus ní fheicfidh siad ach an oíche.
- ²³ An ea nach mbíonn gruamacht mar a mbíonn anbhuaín?



An Eipeafáine

San am atá thart thug sé béim síos do thír Zabúlun agus do thír Naftáilí, ach san am atá ag teacht ardóidh sé bealach na farraige, an taobh thall den Iordáin, Gailíl na gciníocha.

9 An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas,
chonaic siad solas mór;
agus ar mhuintir na tíre gruama
tá solas ag lonrú.

2 Chuir tú go mór lena n-áthas,
mheadaigh tú ar a lúcháir;
tá siad ag déanamh gairdis os do chomhair,
mar a dhéanann in aimsir an fhómhair,
amhail an gairdeas lena roinntear an chreach.

3 Óir an chuing a bhí anuas orthu,
an choirb ar a nguailí,
agus slat an aintiarna,
déanann tú smionagar díobh mar a rinne tú lá briste Mhidián.

4 Óir gach coisbheart catha,
agus gach fallaing a tumadh san fhuil,
tá siad loiscthe,
tá siad dóite le tine.



⁵ Óir rugadh leanbh dúinn,
 tugadh mac dúinn;
 tá an tiarnas ar a ghualainn,
 agus is é ainm atá air:
 “Comhairleoir iontach”, “Dia láidir”,
 “Athair síoraí”, “Prionsa na síochána”.

⁶ Níl teorainn lena thiarnas
 ná críoch lena shíocháin
 ar chathaoir ríoga Dháiví
 agus ar a ríogacht,
 ag cur bun agus taca leo,
 sa cheart agus san fhíríantacht feasta go brách.
 – Díograis dhílis an Tiarna a chuirfidh sin i gcrích.

Díoltas an Tiarna

⁷ Caitheann an Tiarna focal le Iacób
 agus titeann sé ar Iosrael.
⁸ Pobal iomlán Eafraím agus muintir na Samáire,
 aithníonn siad é.
 Dúirt siad ina ndíomas
 agus i sotal a gcroí:



- ⁹ “Tá na brící tar éis titim, tógfaimid le clocha gearrtha;
tá na seiceamair leagtha, cuirfimid céadrais ina n-áit.”
- ¹⁰ Ach tá an Tiarna ag dreasú a naimhde i gcoinne an phobail seo,
tá sé ag gríosú a gcéilí comhraic:
- ¹¹ Arám thoir agus na Filistínigh thiar,
alpann siad Iosrael go cíocrach.
Ach níl a fhearg síothlaithe;
tá a lámh sínte amach i gcónaí.
- ¹² Ach níor fhíll an pobal ar an té a bhí á bhualadh,
níor lorg sé Tiarna na Slua;
- ¹³ mar sin tá an Tiarna i ndiaidh ceann agus eireaball a theascadh d’Iosrael,
pailm agus giolcach in aon lá amháin.,
- ¹⁴ (Seanóir agus móruasal – sin é an ceann;
fáidh na bhfíseanna bréagacha, is é sin an t-eireaball.)
- ¹⁵ Lucht treoraithe an phobail seo, tá siad ar strae,
agus an dream atá siad a threorú, tá siad ar seachrán.
- ¹⁶ Sin é an fáth nach dtabharfaidh an Tiarna anacal dá n-ógánaigh,
ní bheidh trua aige dá ndílleachtaí ná dá mbaintreacha.
Tá an pobal seo aindiaga ainbheartach ar fad,
tá a gcaint seafóideach.
Ach níl a fhearg síothlaithe,



tá a lámh sínte amach i gcónaí.

¹⁷ Is ea, loisceann an urchóid mar bheadh tine ann;
alpann sé driseacha agus sceacha,
ansin cuireann sé tine le mothair na foraoise
agus téann an deatach in airde ina ghuairneáin.

¹⁸ Fearg Thiarna na Slua is í chuir an tír trí thine,
agus is cuma nó breosla an pobal.

Níl duine acu a thugann anacal dá bhráthair,
gach aon ag alpadh feoil a chomharsan.

^{19a} Gearrann siad ar dheis, agus tá ocras orthu fós;
slogann siad ar chlé, agus níl siad sásaithe.

²⁰ Alpann Manaise Eafráim, agus Eafráim Manaise,
agus tá an bheirt acu in éadan Iúdá.

Ach níl a fhearg síothlaithe,
tá a lámh sínte amach i gcónaí.

10 Is mairg dóibhsean a reachtaíonn reachtanna éagóra,
do scríobhaithe scríbhinní na hurchóide,

² a dhiúltaíonn an cothrom do na dearóil,
agus a chuireann bochtáin mo mhuintire as a gceart,
a dhéanann na baintreacha a chreachadh
agus a dhéanann slad ar na dílleachtaí.



³ Cad a dhéanfaidh sibh lá na hanachana
nuair a thiocfaidh an tubaiste ó chríoch i gcéin?
Cé chuige a rithfidh sibh ar lorg cabhrach?
Cá bhfágfaidh sibh bhur saibhreas in bhur ndiaidh?

⁴ Níl agaibh ach umhlú síos i measc na gcimí,
nó titim i measc na marbh.
Ach níl a fhearg síothlaithe,
tá a lámh sínte amach i gcónaí.

In Éadan Rí na hAsaíre

⁵ Is mairg don Asaír, don tslait sin mo chorraí,
an bata atá á bheartú agam le barr feirge!

⁶ In éadan náisiúin aindiaga a chuir mé uaim é,
i gcoinne pobal a chuir fearg orm a leag mé a chúram air,
chun iad a chreachadh agus a shlad,
agus satailt orthu mar shalachar na sráide.

⁷ Ach níorbh é sin an rún a bhí aige féin,
ní amhlaidh don bhreith a thug sé ina chroí.
Ní raibh ina chroí siúd ach fonn díscithe,
an iomad náisiún a stróiceadh ó chéile.



- ⁸ Bhí sé ag rá: “Nach cuma nó ríthe mo cheannairí go léir?
Nach ionann iad Calno agus Cairceimis?
- ⁹ Nach ionann Hamát agus Arpád?
nó an tSamáir agus an Damaisc?
- ¹⁰ Mar a d’aimsigh mo lámh ríochtaí na n-íol,
a ba líonmhaire dealbh ná Iarúsailéim agus an tSamáir,
- ¹¹ mar a rinne mé leis an tSamáir agus lena cuid íol,
nach amhlaidh fós a chaithfidh mé le Iarúsailéim agus lena dealbha?”
- ¹² Nuair a bheidh a shaothar críochnaithe ag an Tiarna ar Shliabh Shíón agus in Iarúsailéim, smachtóidh sé toradh an díomais i gcroí rí na hAsaíre agus sotal a shúile dána. ¹³ Óir dúirt sé:

“Le neart mo láimhe a rinne mé é,
agus le mo ghaois, mar is mé atá críonna:
chuir mé críocha náisiún ar ceal,
agus rinne mé slad ar a stór.

Chaith mé a lucht cónaithe ar a mbéal faoi sa láib

- ¹⁴ D’aimsigh mo lámh, mar i nead a bheadh sé,
saibhreas na gciníocha.
Mar a thógfá uibheacha a tréigeadh,
bhailigh mé chugam an talamh ar fad,
agus níor greadadh sciathán,



níor osclaíodh gob, níor chualathas gíog.”

¹⁵ An ceadmhach don tua bheith ag déanamh gaisce i gcoinne fear a oibrithe?

Nó don toireasc mórtas a dhéanamh in éadan fear a láimhsithe?

Ionann is dá mbeadh an tslat ag bogadh an té a ardaíonn í,
agus an bata ag cur anam sa té nach adhmaid é.

¹⁶ Is é sin an fáth a gcuirfidh Tiarna na Slua
meath ar a chuid gaiscíoch;
faoina rachmas thíos beidh dóiteán ag dó
mar a dhóinn tine.

¹⁷ De sholas Iosrael déanfar tine.
agus bladhaire dá Neach Naofa,
ag loisceadh agus ag alpadh a dhriseacha
agus a sceacha in aon lá amháin;

¹⁸ maise na foraoise agus na ngairdíní,
ciorróidh sé idir chorp agus anam,
beidh sí cosúil leis an othar atá ag meath.

¹⁹ Fuílleach chrainn na foraoise b'fhurasta a gcuntas,
scríobhfadh páiste síos iad.

Ainm Seár laisiúb

²⁰ Sa lá sin,
fuílleach Iosrael agus ar tháinig slán de theaghlach Iacóib,



ní bheidh siad ag brath níos mó ar an té a bhuaileann iad,
 ach beidh siad ag brath go fírinneach ar an Tiarna,
 Neach Naofa Iosrael.

²¹ Fillfidh fuílleach, fuílleach Iacóib,
 ar an Dia láidir.

Fógra na Tubaiste

²² Óir dá mb'ionann do phobal, a Iosrael, agus gaineamh na farraige, ní fhillfidh díobh
 ach fuílleach. Tá a léirscrios socraithe, rud a fhágfaidh an fhíríantacht ag cur thar maoil.

²³ Óir an léirscrios atá socraithe aige, cuirfidh an Tiarna i gcrích é ar fud na tíre ar fad.

Fáistine

²⁴ Is é sin an fáth a labhraíonn Tiarna na Slua mar seo:

“A phobal liom, a bhfuil do chónaí i Síón,
 ná bíodh eagla ort roimh an Asaír a bhuaileann thú le bata,
 agus a thógann an tslat i do choinne.

²⁵ Óir tamaillín beag fós
 agus beidh deireadh leis an bhfíoch,
 scriosfaidh m'fheargsa iad.



- ²⁶ Os a chionn siúd craithfidh Tiarna na Slua an lasc,
mar a rinne nuair a threascair sé Midián ag carraig Horaeb,
agus nuair a shín sé a shlat in aghaidh na farraige
agus a thóg í os cionn bealach na hÉigipte.
- ²⁷ Sa lá sin,
sleamhnóidh a ualach siúd de do ghualainn,
agus tógfar a chuing de do mhúineál.”

Ionradh Namhad

- Tá sé ag déanamh anall orainn bealach Rimeon,
²⁸ tá sé ag teacht thar Áiat, ag dul trasna Mhigreon;
i Micmeás tá a scuaine iompair fágtha i loc aige.
- ²⁹ Anall leo ón talamh thall,
i nGeaba atá siad ar ceathrúin oíche.
Tá Rámá ar bhall amháin creatha,
Gibeá Sól ag imeacht ina tháinrith;
- ³⁰ A Bhat Gailím, liúraigh leat!
A Laiseá, éist léi!
Tabhair freagra uirthi, a Anatót!
- ³¹ Tá Madmaená ag teicheadh,
muintir Ghéibím ar a seachnadh.



- ³² An lá seo féin déanfaidh sé sos i Nob.
Bagróidh sé a lámh ar shliabh iníon Shíón,
ar chnocán Iarúsailéim.
- ³³ Féach, seo an Tiarna Dia na Slua
ag teascadh na ngéag lá huafás.
Tá barra na gcrann á ngearradh,
agus na bilí is bródúla á leagan.
- ³⁴ Tá ceartlár na foraoise ag titim leis an tua;
tá an Liobáin agus a glóir ag turnamh.

Teacht an Rí Chóir

- 1** Tá bachlóg ag eascar as bun chrann Ieise,
agus gas ag teacht óna fhréamh;
- ² tá spiorad an Tiarna ag lonnú air,
spiorad na heagna agus na tuisceana,
spiorad na comhairle agus na cumhachta,
spiorad an eolais agus eagla an Tiarna.
(In eagla an Tiarna is ea tá a dhúil.)
- ³ Ní thugann sé breith de réir na cosúlachta,
ná ní chuireann tuairim de ar scéal scéil.



- ⁴ Ach déanann sé cóir agus ceart do na dealbha agus tugann breithiúnas cothrom i leith dearóile na tíre. Bata is ea a bhriathar a bhuaileann an t-anduine, agus gaioth an fhocail uaidh, maraíonn sé an t-urchóideach.
- ⁵ Is í an chóir bréid cheangail a choime, agus tá an dea-rún ina chrios ar a chorróga.
- ⁶ Tá an mac tíre ina chónaí leis an uan, an pantar sínte le taobh an mheannáin ghabhair; tá an gamhain agus an coileán leoin ar marthain in éineacht agus gasúr óg á mbuachailleacht.
- ⁷ Tá an bhó agus an béar ag snaidhmeadh caradais, agus a gceanna beaga in aon ál le chéile; tá an leon ag ithe cocháin ar nós na mart.
- ⁸ Tá an leanbh cíche ag súgradh faoi phrochóg an chobra, ar phluais na nathrach leagann an naíonán a lámh.
- ⁹ Díth ná dochar ní dhéantar níos mó ar fud mo shléibhe bheannaithe go léir, óir tá an talamh lán le heolas ar an Tiama mar a líonann an fharraige leis an lán mara.



Filleadh na nDeoraithe

- ¹⁰ Sa lá sin, beidh beangán ó fhréamh Ieise
ina sheasamh mar chomhartha do na ciníocha.
Beidh na náisiúin ag dul ina mhuinín
agus beidh a áit chónaithe faoi mhaise agus faoi ghlóir.
- ¹¹ Sa lá sin, ardóidh an Tiarna a lámh as an nua
chun fuílleach a phobail a athghabháil,
a mbeidh fágtha tar éis deoraíocht na hAsaíre agus na hÉigipte,
ó Phatros agus ó Chúis agus ó Éalám,
ó Shionár agus Hamát agus ó chríocha na farraige.
- ¹² Cuirfidh sé comhartha in airde le haghaidh na náisiún,
agus baileoidh sé ar díbríodh as Iosrael le chéile;
cruinneoidh sé muintir scaipthe Iúdá ó cheithre arda an domhain.
- ¹³ Beidh deireadh ansin le héad Eafráim,
agus brúfar naimhde Iúdá síos;
ní bheidh Eafráim in éad le Iúdá feasta,
ná Iúdá ina namhaid ag Eafráim níos mó.
- ¹⁴ Tabharfaidh siad ruathar siar ar shleasa na bhFilistíneach,
i gcuideachta a chéile déanfaidh siad slad ar chlann an Oirthir;
beidh Eadóm agus Móáb faoina gceannas
agus clann Amón ag géilleadh dóibh.



- ¹⁵ Agus triomóidh an Tiarna camas mhuir na hÉigipte,
 agus sínfidh amach a lámh os cionn na hAbhann;
 le neart a anála roinnfidh sé ina seacht srutháin í,
 agus beifear ag siúl trasna tirimchosach,
- ¹⁶ sa dóigh go mbeidh clochán ann faoi choinne fuílleach a phobail,
 ar mhair beo i ndiaidh deoraíocht na hAsáire,
 díreach mar bhí faoi choinne Iosrael
 nuair a tháinig siad aníos as an Éigipt.

Dhá Dhuan Alaithe

- 1** Déarfaidh tú an lá sin:
 “Tugaim buíochas duit, a Thiarna;
 bhí fearg ort liom
 ach tá d’fhearg síothlaithe
 agus thug tú sólás dom.
- ² An bhfeiceann sibh, is é Dia mo shlánaitheoir,
 tá muinín agam agus nílím eaglach níos mó,
 óir is é an Tiarna mo neart agus mo cheol;
 is é mo shlánú é.”
- ³ Agus beidh sibh ag tarraingt uisce go lúcháireach
 as toibreacha an tslánaithe.



⁴ Déarfaidh sibh an lá sin:

“Tugaigí buíochas don Tiarna,
glaoi­gí air ina ainm!

Fógraigí a éachtaí don phobal,
meabhraigí gurb oirirc dá ainm.

⁵ Canaigí don Tiarna, óir tá iontais déanta aige;
ní mór iad a fhoilsíú ar fud an domhain iomláin.

⁶ Gáirigí le háthas agus liúirigí,
sibhse a bhfuil cónaí oraibh i Síón,
óir is mór le rá é in bhur measc
Neach Naofa Iosrael.”

Fáistíní i dTaobh Chiníochas na Coigríche

In aghaidh na Bablóine

13 Fógra ar an mBablóin, de réir mar taispeánadh d’Íseáia, mac Ámóz.

² Ar an genocán sceirdiúil cuirigí comhartha in airde,
crochaigí suas an ghairm slua.

Bagraigí lámh orthu i leith
chun go dtaga siad go geataí na n-uaisle.



- ³ Tá ordú tugtha agam do mo chuid óglach beannaithe;
tá mé ag glaoch le teann feirge ar mo laochra,
agus is iad atá cíocrach chun caithréime.
- ⁴ Éistigí! Torann ar na sléibhte
mar bheadh slua ollmhór ag callán.
Éistigí! Búirthíl na ríochtaí agus na náisiúin i dtionól.
Is é Tiarna na Slua atá ag gairm slógadh chun catha.
- ⁵ Tá siad ag teacht ó thír i gcéin,
ó chianchríocha na spéire,
an Tiarna agus feidhmeannaigh a fheirge,
chun an talamh ar fad a chreachadh.
- ⁶ Déanaigí olagón! óir tá sé i ngar, lá an Tiarna;
tá sé chugaibh ina léirscrios ó Dhia na n-uilechumhacht.
- ⁷ Dá bharr sin tá na lámha uile ar sileadh,
agus croí an uile dhuine go fann;
- ⁸ tá scéin orthu agus scaoll,
tá siad i bpriacail ar nós mná seolta.
Tá siad ag breathnú ar a chéile
agus a ngnúiseanna lasta le náire.
- ⁹ Tá lá an Tiarna chugaibh go cruálach,
le fraoch agus le fearg loiscneach,



chun fásach a dhéanamh den tír
agus na peacaigh a theascadh as.

¹⁰ Óir réaltaí neimhe ina mbuíonta,
ní chuirfidh siad a solas ag lonrú a thuilleadh;
tiocfaidh smúit ar an ngrian ar éirí di,
ní thabharfaidh an ghealach a solas níos mó.

¹¹ Smachtóidh mé an domhan cláir as ucht a urchóide,
agus na ciontaigh de bharr a mí-rúin;
cuirfidh mé críoch le sotal na mórtasach
agus ísleoidh mé díomas lucht an uafáis.

¹² Déanfaidh mé daoine níos gainne ná scoth an óir,
níos teirce ná ór Óifír.

¹³ Is é sin an fáth a dtiocfaidh ballchrith ar na spéartha,
go mbogfaidh an talamh as a áit,
le barr buile Thiarna na Slua,
sa lá a spréachfaidh a fhearg.

¹⁴ Ansin, mar a bheadh fia á sheilg,
mar a bheadh tréad caorach gan duine lena locadh,
tabharfaidh gach aon a aghaidh ar a mhuintir féin,
agus teithfidh chun a dhúiche féin.

¹⁵ Gach aon a dtiocfar air, sáithfear le scian é;
gach aon a mbéarfar air, titfidh sé leis an gclaíomh.



- ¹⁶ Bascfar a bpáistí os comhair a dhá súl,
déanfar slad ar a dtithe agus éigean ar a mná.
- ¹⁷ Seo, tá mé ag gríosú na Méideach ina n-aghaidh,
gur cuma leo airgead agus gur táir leo ór.
- ¹⁸ Tá na gasúir á mbascadh agus na girseacha á mbrú.
Toradh na broinne ní trua leo,
ná níl trócaire ina súil d'aon mhac máthar.
- ¹⁹ An Bhablóin, péarla na ríochtaí,
seod agus práinn na gCaidéach,
beidh sí ar nós Shodom agus Ghomorá
nuair a threascair Dia iad.
- ²⁰ Ní bheidh cónaí ansin níos mó,
ná áitreabh ann ó ghlúin go glúin go deo.
Ní chuirfidh an tArabach suas a bhoth ann a thuilleadh,
ná na haoirí a dtréada ann i gcró.
- ²¹ Beidh a ngnáthóga ag na hainmhithe allta ann,
agus beidh a cuid tithe lán d'ulchabháin.
Beidh cónaí ar éanlaith an aeir ansin,
agus na púcaí ag rince ina lár.
- ²² Beidh mic tíre ag glaoch ar a chéile ina hárais,
agus na madraí allta ina pálás sháile ...



Tá a haimsir ar na gaobhair,
ní chuirfear a laethe ar cairde.

Filleadh ón Deoraíocht

14 Sea, glacfaidh an Tiarna trua do Iacób agus toghfaidh sé Iosrael arís agus bunóidh sé iad ina dtír féin. Tiocfaidh an coimhthíoch a cheangal leo agus cloífidh sé le teaghlach Iacóib.² Tiocfaidh na ciníocha faoina gcoinne agus déanfaidh siad iad a thionlacan ar ais ionsar a n-áit dúchais, agus fostóidh teaghlach Iosrael iad mar sclábhaithe agus searbhóntaí dóibh féin ar thalamh an Tiarna. Tógfaidh siad mar bhraighdeanaigh iad siúd ag a raibh siad ina mbraighdeanaigh, agus beidh smacht acu ar lucht a mbrúite.

Aoir ar Bhás Aintiarna

³ An lá a dtabharfaidh an Tiarna faoiseamh duit tar éis do chrá agus do chorraíola, agus tar éis na daoirse déine a raibh tú daortha ann, crochfaidh tú suas an t-amhrán seo mar aoir ar rí na Bablóine:

⁴ Féach mar tá deireadh leis an aintiarna!
Féach mar tá deireadh lena dhíomas!



- ⁵ Tá bata na n-urchóideach briste ag an Tiarna,
agus slat ríoga na bhflatha,
- ⁶ an té a ghreadadh na ciníocha go fíochmhar
le buillí agus le béimeanna,
a smachtaíodh na náisiúin le fraoch,
á gciapadh gan sos.
- ⁷ Tá an talamh uile ag ligean a scíthe faoi shuaimhneas;
gáireann sé amach a racht áthais.
- ⁸ Na crainn ghiúise féin, tá lúcháir orthu as do chás,
tá agus ar chéadrais na Liobáine:
“Óir thit tusa ar lár,” arsa siad,
“ní thagann aon duine aníos dár leagan.”
- ⁹ Tá Seól thíos corraithe faoi do chionn
chun teacht ag fáiltiú romhat.
Dúisíonn sé taisí na sean in onóir duit,
a raibh ina dtaoisigh ar talamh;
cuireann sé suas as a suíocháin ríoga
rítthe na náisiún ar fad.
- ¹⁰ Seo mar chuireann an t-iomlán acu forrán ort:
“Tusa freisin, tá tú scriosta mar atáimidne;
rinneadh leat mar rinneadh linn féin.”



- ¹¹ Tá do phoimp caite síos go Seól,
mar aon le ceol do chuid cláirseach;
na péisteanna atá mar leaba fút
agus na cnumhóga ina gclúdach os do chionn.
- ¹² Nach breá mar tá tú tite ó na spéartha,
a sholas na solas agus a mhic na maidine!
Nach breá mar caitheadh anuas ar talamh thú,
tusa a mbíodh na ciníocha uile faoi do réir!
- ¹³ Bhítheá á rá leat féin i do chroí:
“Dreapfaidh mé go barr na bhflaitheas;
os cionn réaltaí Dé a thógfaidh mé mo chathaoir ríoga.
Suífidh mé ar an sliabh
mar a mbailíonn na déithe i ndáil chomhairle
in iargúil an tuaiscirt i gcéin.
- ¹⁴ Rachaidh mé suas go barr na néalta dubha,
beidh mé cosúil leis an Té is airde.
- ¹⁵ Ach féach, tá tú caite síos go Seól,
go híochtar an duibheagáin féin.”
- ¹⁶ Iad siúd a fheiceann thú, breathnaíonn siad ort,
stánann ort agus déanann a machnamh:



“An é sin an fear a chuireadh an domhan ar crith,
a leagadh na ríochtaí ar lár,

¹⁷ a rinne fásach den talamh
agus fothracha de na bailte,
agus nár scaoil cime as braighdeanas riamh?”

¹⁸ Ríthe uile na náisiún, tá siad ina luí faoi ghradam,
gach aon ina thuama féin.

¹⁹ Ach tusa, tá tú caite amach as d’uaigh
mar bheadh dramhaíl déistineach,
ár agus coscairt chlaímh sa mhullach ort,
agus tú ar chlocha na díge i do chosair chró.

²⁰ Ní bheidh cuid ar bith leo siúd agat san adhlacadh.
Óir tá do thír féin scriosta agat,
agus do mhuintir díothaithe.
Ní bheidh iomrá go deo arís
ar ál sin na n-urchóideach.

²¹ Cuirigí eirleach in áirithe dá chlann mhac
i gcúiteamh ar mhírún a n-athar.
Ná héirídís go deo arís
chun an domhan a ghabháil ina seilbh,
chun aghaidh na talún a chlúdach lena líon.



Fáistine in Éadan na Bablóine

²²“Éireoidh mé suas ina n-éadan – briathar Thiarna na Slua – agus teascfaidh mé den Bhablóin a hainm agus a hiarsma. Gan síol gan sliocht a bheidh sí – briathar an Tiarna.
²³Déanfaidh mé fearann don ghráinneog aisti, agus riasc. Scuabfaidh mé í le scuab an scriosta – briathar Thiarna na Slua.”

An Asaír le Scrios

- ²⁴Thug Tiarna na Slua a mhionn air, á rá: “Cinnte!
 Díreach mar a thuar mé, is amhlaidh a thiocfaidh isteach.
 An rud a shocraigh mé, is é a chuirfear i gcrích:
- ²⁵An Asaír a bhriseadh i mo dhúiche féin,
 í a bhascadh ar mo shléibhte.
 Sleamhnóidh a cuing díbh,
 sleamhnóidh a hualach de bhur ngualainn.’
- ²⁶Is é seo an beart ar cinneadh air
 in éadan na talún go hiomlán;
 is í seo an lámh atá sínte amach
 in éadan na náisiún.
- ²⁷Ó chinn Tiarna na Slua ar a bheart,
 cé a leomhfadh a chur ar ceal?



Má shíneann sé amach a lámh,
cé a thabharfadh air í a tharraingt chuige isteach?

Foláireamh do na Filistínigh

²⁸ An bhliain a bhfuair Áchaz rí bás a tugadh an fháistine seo:

²⁹ Ná bíodh gairdeas ortsa, a Fhilibistía go léir,
de bharr gur briseadh an bata a bhíodh do do léasadh,
óir as pór na péiste tiocfaidh nathair,
agus a thoradh sin arís, beidh ina dhragan sciathánach.

³⁰ Ach beidh na bochtáin ag iníor ar mo thailte féaraigh,
agus na truáin ag ligean a scíthe go slán sábháilte.
Maidir le do shliochtsa, áfach, tabharfaidh mé a mbás le hocras
agus maróidh mé a bhfuil fágtha díbh.

³¹ Lig uaille sa gheata! Glaoigh ar chabhair sa chathair!
Bíodh scéin ort, a Fhilibistía go léir!
Óir tá namhaid ag triall aduaidh ina dheatach
agus fágálach ní bheidh ina chuid cathlán.



³² Cén freagra a thabharfar ansin
do theachtairí an chine sin?

An méid seo, gurb é an Tiarna a bhunaigh Síón ina háit,
agus is ann a gheobhaidh dearóile a mhuintire dídean.

Olagón ar Mhóáb

15 Fáistine i dtaobh Mhóáb.

An oíche a ndearnadh creach ar Ár,
fágadh Móáb ina thost;
an oíche ar creachadh Cír,
fágadh Móáb ina thost.

² Táthar ag dul suas go teampall Dhíobón,
suas ar na hardáin chun caoineadh;
ar Neabó agus i Maedabá
tá Móáb ag olagón.

Tá gach cloigeann bearrtha,
gach féasóg lomtha;

³ sna sráideanna tá éadach róin orthu,
agus ar bharr na dtithe táthar ag caoineadh.



Sna cearnóga tá gach aon ag olagón
agus an gol ag briseadh orthu.

⁴Tá Heisbeon agus Eileálae ag éagoin,
chomh fada le Iahaz tá siad le cloisint.

Is uime sin atá corróga Mhóáb ar crith,
agus a anam ag creathnú.

⁵Tá mo chroí ag éagoin ar son Mhóáb,
agus a uaisle ar teicheadh fad le Zoar.

Och! fána Lúichít suas
atá a dtriall agus iad ag caoineadh.
Ar bhealach Horonáim
tá siad ag gol go coscarthach.

⁶Och! uiscí Nimrím,
is sceirdiúil an áit í;
tá an féar feoite, an sraith ghlas seargtha,
lusra níl ann níos mó.

⁷Is é sin an fáth a bhfuil a soláthar déanta
agus a bhfuil a maoin á hiompar acu
thar Sruthán na Saileach anonn.



⁸ Och! déanann an liúireach cuairt chríoch Mhóáb;
fhad le hEaglaím tá a uailleach le cloisint,
a uailleach fad le Béar Éilím.

⁹ Och! tá uiscí Dhímeon ina dtuile fola;
ach tá tubaistí le teacht fós ar Dhímeon,
leon ar fhuíoll air Mhóáb
agus ar iarmhar na tíre sin.

Muintir Mhóáb ar Lorg Dídine

16 Cuirigí uain mar bhronntanas
chuig rialtóir na tíre,
ón gCarraig ar thaobh na díthreibhe
go sliabh iníon Shíón.

² Ag cleitearnach anonn is anall
mar a bheadh nead scolamán tréigthe,
is amhlaidh atá iníonacha Mhóáb
cois áthanna an Arnón.

³ “Tabhair comhairle dúinn,
tabhair breith ar ár gcas.



Sín amach do scáth mar bheadh coim na hoíche ann
i lár an lae ghil.

Cuir iad siúd atá scaipthe i bhfolach,
ná déan brath ar an teifeach.

⁴Lig dóibh cur fúthu i do theach,
muintir scaipthe sin Mhóáb;
bí i do thearmainn acu
i gcoinne an chreachadóira.

Nuair a bheidh deireadh leis an ansmacht,
críoch leis an gcreachadóireacht,
agus lucht chosarbolg imithe as an tír,
⁵is ann a bhunófar an chathaoir ríoga faoi chineáltas,
agus beidh ina shuí inti faoi dhílseacht,
i mboth Dháiví,
breitheamh ar mór leis an ceart
agus ar luath chuige cíocras na córach.”

Mairgneach i dtaobh Mhóáb

⁶Chualamar trácht ar uabhar Mhóáb,
uabhar as miosúr,



uaillmhian agus borra agus bród,
mórtas tóin gan taca.

⁷ Dá dheasca sin, tá muintir Mhóáb ag caoineadh Mhóáb.
Tá siad go léir ag caoineadh le chéile.
i ndiaidh cístí rísín Chír Harasait
tá siad ag mairgneach go cráite.

⁸ Óir tá tailte Heisbeon faoi chrann smola
agus fíniúin Shibmeá,
a mbeireadh a gcrobhaingí bua
ar thiarnaí na náisiún.

Shroiseadh siad fhad le Iazaer,
bhíodh siad spréite amach chomh fada leis an bhfásach;
bhí a gcraobhacha ag leathadh amach
thar farraige anonn.

⁹ Uime sin, tá mé ag caoineadh mar a chaoineann Iazaer,
i ndiaidh fíniúin Shibmeá;
silfidh mé mo dheora oraibh go fras
a Heisbeon agus a Eileálae.



Óir thar do thorthaí agus thar fhómhar an fhíona
 chualathas gáir chatha;
¹⁰ tá an t-áthas agus an lúcháir
 imithe as gort agus garraí.

Sna fíonghoirt níl ceol
 ná liú áthais le cloisint;
 níl aon fhíon á fháscadh sna cantaoirí,
 tá an húrta-hárta ina thost.

¹¹ Dá bharr sin, ar son Mhóáb
 tá mo chliabh mar chláirseach ar crith,
 agus mo chroí istigh ar son Chír Harasait.

¹² Saothar in aisce ag Móáb a theacht chun teampaill,
 á thraochadh féin ag scrínte na n-ardán;
 a dhul isteach ina shanctóir a ghuí,
 níl gar ann dó.

Fáistine i dtaobh Mhóáb

¹³ Gurb é sin an focal a labhair an Tiarna i gcoinne Mhóáb fadó. ¹⁴ Ach anois deir sé: “I gcionn trí bhliain, ag áireamh mar a dhéanfadh fear aimsire, beidh maise agus mórgacht



Mhóáb ina ndíol tarcaisne d’ainneoin líon a mhuintire, agus beidh a bhfuilleach tearc, tanaí, gan acmhainn.”

I dtaobh na Damaisce

17 Fáistine i gcoinne na Damaisce.

Tá an Damaisc chun scor mar chathair,
ní bheidh ann ach carnán fothrach.

² Beidh a cuid bailte tréigthe go deo,
agus tréada ag iníor ina n-áit;
luífidh siad síos iontu gan duine lena ruaigeadh.

³ Tá Eafráim ag dul a dhúnphort a chailliúint,
agus an Damaisc a réimeas;
caithfear le fuilleach Arám
mar a chaithfear le glóir chlann Iosrael.
Briathar Thiarna na Slua.

⁴ Sa lá sin beidh claochlú ar ghlóir Iacóib;
beidh a shail go trua tairteolach.

⁵ Amhail nuair a tharraingíonn an buanaí gabháil den arbhar chuige,
agus go mbaineann a lámh na diasas;
amhail nuair a bhíonn na ceannóga á gnuasach i ngleann Rafáim.



⁶ Níl fágtha ach an cnuasach;
 amhail nuair a bhailtear crann olóige,
 a dó nó a trí de chaora fágtha ar a bharr,
 a ceathair nó a cúig ar ghéaga an chrainn.
 Briathar an Tiarna, Dia Iosrael.

⁷ Sa lá sin breathnóidh an duine ar a Chruthaitheoir agus casfaidh a shúile i dtreo Neach Naofa Iosrael. ⁸ Ní bhreathnóidh sé níos mó i leith na n-altóirí, déantús a lámh féin, ná ní amharcaidh ar an rud a rinne a mhéara féin. na cuailí coisricthe agus galláin na gréine.

In Éadan Gairdíní Adóinis

⁹ Sa lá sin, beidh do bhailte tréigthe
 mar a bhí bailte mhuintir [Amór agus Hiv,]
 a fágadh nuair a bhí clann Iosrael ag teacht.
 Díthreabh a bheidh iontu,

¹⁰ mar go ndearna tú dearmad ar Dhia do shlánaithe,
 agus nár choinnigh tú cuimhne ar Charraig do nirt.
 Óir plandaíonn tú plandáil in onóir d'Adóinis,
 cuireann tú slapair de chuid na coigríche inti;

¹¹ an lá a gcuireann tú iad, bíonn siad ag geamhrú agat,
 agus le teacht na maidine bíonn bláth ar do churadóireacht;



ach beidh an fómhar millte lá an léin,
agus an phian gan leigheas.

Rabhar ta na gCiníocha

¹² Och: búiríl na sluaite ollmhóra,
búiríl mar a bheadh búiríl na mórmhara,
tuargaint na náisiún ag tuargaint
mar a bheadh tuargaint an lán mara.

¹³ Bagraíonn sé orthu,
scinneann siad i bhfad ar shiúl láithreach,
á siabadh mar lochán i mbéal na gaoithe ar na harda,
mar a bheadh sí gaoithe i mbéal na stoirme.

¹⁴ Um thráthnóna, scéin ar fad;
roimh mhaidin níl siad ann níos mó.
Is í seo cinniúint ár gcreachadóirí,
is é is dán don dream a rinne slad orainn.



Fáistine in Éadan Chúis

18 Chugatsa atáim, a thír na sciathán seabhránach,
 ar an taobh thall d'aibhneacha Chúis,
²tusa a sheolann do chuid teachtaí uait ar an bhfarraige,
 ag taisteal in áirtheáí giolcach ar dhroim na n-uiscí.

Imígí libh, a theachtairí meara,
 chun cine na scafairí griandaite,
 chuig an náisiún a raibh eagla rompu riamh anall,
 cine cumhachtach caithréimeach,
 sa tír a shileann na haibhneacha.

³A mhuintir an domhain uile,
 a áitreabhacha na talún go léir,
 breathnaígí, tá an comhartha á chrochadh in airde;
 éistigí, tá an stoc á shéideadh.

⁴Óir is é seo atá an Tiarna a rá liom:
 “Ón áit a bhfuil mo chónaí,
 tá mé ag breathnú uaim go socair,
 le linn loinnir agus ruithne teasa,
 le ceo drúchta i mbrothall an fhómhair.”



⁵ Roimh fhómhar an fhíona, agus aimsir na mbachlóg thart,
nuair a aibíonn an bláth chun caor,
gearrtar na péacáin leis an gcorrán,
déantar beangáin a scoitheadh agus a theascadh.

⁶ Fágfar ansin iad go léir
le haghaidh éin chreiche na sléibhte
agus ainmhithe allta na talún.
Caithfidh na héin an samhradh ag gabháil dóibh,
agus na hainmhithe allta an geimhreadh.

⁷ Ag an am sin tabharfar bronntanais chuig Tiarna na Slua ó chine na scafairí griandaite,
ón náisiun a raibh eagla rompu riamh anall, ón gcine cumhachtach caithréimeach sa tír a
shileann na haibhneacha; tabharfar iad chuig an áit ina lonnaíonn ainm Thiarna na Slua, ar
shliabh Shíón.

I gCoinne na hÉigipte

19 Fáistine i gcoinne na hÉigipte.

Seo an Tiarna ag teacht, ag marcaíocht go mear ar scamall;
chun na hÉigipte atá a thriall.



Tá íola na hÉigipte ar crith roimhe,
tá tuirse chroí ar mhuintir na hÉigipte.

² Dreasóidh mé na hÉigiptigh in éadan a chéile,
beidh siad ag troid bráthair in aghaidh bráthar,
cara in aghaidh carad, baile in aghaidh baile,
ríocht in aghaidh ríochta.

³ Beidh mearbhall ar an Éigipt,
mar cuirfidh mé a gcomhairle trí chéile;
beidh siad ag lorg faisnéise ó dhéithe bréige agus ó dhraoithe,
ó lucht feasa agus asarlaíochta.

⁴ Tá mé chun an Éigipt a thabhairt
isteach i lámha aintiarna,
agus beidh réimeas ag rí danartha orthu.
Seo é briathar Thiarna Dia na Slua.

⁵ Rachaidh uiscí na mara i ndísc,
beidh an abhainn spalptha tirim,

⁶ beidh boladh bréan ó na díogacha,
agus srutháin na Níle ag titim agus ag triomú.



- 7 Seargfaidh na feagacha agus na giolcacha,
agus gach a bhfásann ar bhruacha na Níle.
Críonfaidh plandaí na Níle go léir,
siabfar ar shiúl agus ní fheicfear iad níos mó.
- 8 Beidh na hiascairí ag mairgneach
agus lucht caite duan sa Níl ag caoineadh;
lucht spréite eangacha ar an uisce,
beidh siad ag olagón.
- 9 Bainfear siar as lucht saothraithe an lín,
as lucht cardála fós agus lucht fite an éadaigh bháin.
- 10 Beidh alltacht ar na sníomhadóirí
agus beaguchtach ar lucht ceirde ar fad.
- 11 Amadáin chríochnaithe iad, prionsaí Zoan;
na comhairleoirí is críonna atá ag Forann, tá siad dobhránta.
Conas a leomhann sibh a rá le Forann:
“Dalta de chuid na saoithe is ea mise,
de shliocht na seanríthe anallód”?
- 12 Cá bhfuil siad, na saoithe seo agaibh?
Amach leo anois agus léiríodh siad duit



a bhfuil socraithe ag Tiarna na Slua
a bhfuil i ndán aige don Éigipt.

¹³ Amadáin iad prionsaí Zoan;
tá prionsaí Nof á mealladh féin.
Tá an Éigipt ar seachrán acu,
ag ceannairí seo a cuid cúigí.

¹⁴ Chuir an Tiarna isteach iontu
meadhán agus mearbhall intinne.
Tá an Éigipt ag tuisleadh acu i ngach rud a dhéanann sí,
mar a bheadh fear meisce ag tuisleadh ina chuid orla.

¹⁵ Ní bheidh dada san Éigipt gur féidir leo a dhéanamh,
le ceann ná le heireaball, le pailm ná le giolcach.

An Éigipt agus an Asaír le hlompú

¹⁶ Sa lá sin, beidh na hÉigiptigh mar mhná, scaoll agus scanradh iontu ó bhagairt na
lámhe atá an Tiarna a bhagairt orthu. ¹⁷ Beidh dúiche Iúdá ina hábhar uamhain ag an
Éigipt. Gach uair a luafar leo í, tiocfaidh eagla orthu de bharr na seifte atá ceaptha ag
Tiarna na Slua ina gcoinne. ¹⁸ Sa lá sin, beidh cúig bailte i dtír na hÉigipte agus teanga
Chanán á labhairt acu, a thabharfaidh mionn dar Tiarna na Slua; beidh Cathair na Gréine
ar cheann acu. ¹⁹ Sa lá sin, beidh altóir in onóir don Tiarna i lár thír na hÉigipte agus



gallán coisricthe dó in aice na teorann.²⁰ Beidh siad ina gcomhartha agus ina bhfianaise do Thiarna na Slua i dtír na hÉigipte. Nuair a ghlaofaidh siad ar an Tiarna in am an leatroid, cuirfidh sé slánaitheoir chucu á gcosaint agus á bhfuascailt.²¹ Agus cuirfidh an Tiarna é féin in aithne do na hÉigiptigh agus admhóidh siad é agus déanfaidh umhlóid dó le hÍobairtí agus le hofrálacha. Déanfaidh siad móideanna don Tiarna agus comhlíonfaidh iad.²² Ansin, má bhuail an Tiarna na hÉigiptigh go crua féin, leigheasfaidh sé iad. Iompóidh siad i leith an Tiarna agus tabharfaidh sé toradh ar a nguí agus leigheasfaidh iad.²³ Sa lá sin, beidh bealach mór ann ón Éigipt go dtí an Asaír. Tiocfaidh an Asaír chun na hÉigipte, agus an Éigipt chun na hAsaíre. Beidh an Éigipt agus an Asaír ag adhradh Dé le chéile.

²⁴ Sa lá sin, beidh beannacht ar Iosrael, mar aon leis an Éigipt agus an Asaír, a dtriúr, i lár na talún. Beannóidh Tiarna na Slua iad, á rá: “Bíodh beannacht ar mo phobal, an Éigipt, ar an Asaír, déantús mo lámh, agus ar Iosrael, m’oidhreacht.”

Gabháil Aisdeod

20 An bhliain ar tháinig an tArdoifigeach go hAisdeod, arna chur uaidh ag Sargon, rí na hAsaíre, d’ionsaigh sé Aisdeod agus ghabh é.² San am sin, bhí an Tiarna tar éis labhairt trí mhinistreacht Íseáia mhic Ámóz. Dúirt sé leis: “Gabh agus scaoil an t-éadach roin atá thart ar do choim agat agus bain na cuaráin de do chosa.” Rinne sé amhlaidh agus bhí sé ag gabháil thart tarnocht agus cosnocht.³ Ansin dúirt an Tiarna: “Díreach mar bhí mo sheirbhíseach Íseáia ag gabháil thart tarnocht agus cosnocht ar feadh trí bhliain,



ina chomhartha agus ina mhana don Éigipt agus do Chúis, ⁴is amhlaidh a dhéanfaidh rí na hAsáire cimí na hÉigipte agus deoraithe Chúis a chinnireacht ar shiúl leis, idir óg agus aosta, tarnocht agus cosnacht agus másnocht. ⁵Agus beidh eagla agus náire oraibh as Cúis, a raibh bhur muinín ann, agus as an Éigipt, a raibh sibh chomh teann sin aisti. ⁶Agus déarfaidh muintir an chósta anseo: ‘Féach ar tharla don té a raibh muinín againn ann agus a ndeachaigh muid chuige ar lorg cabhrach agus dídine ar rí na hAsáire. Cén bealach éalaithe atá againn anois?’”

Turnamh na Babilóine

21 Fáistine i dtaobh an mhachaire cois na farraige.

Gairfean chugainn
ar nós séideáin ag scuabadh an deiscirt,
ag teacht isteach as an bhfásach,
isteach as tír an uafáis

² – is scáfar an fhís a fuair mé –
tá fear na creiche i mbun creiche,
tá an sladaí ag slad.

“Suas leat, a Éalám,
suas chun an léigir libh, a Mhéideacha!
Cuirfidh mise críoch leis an gcaoineadh.”



- ³ Is uime sin atá mo chorróga
ar bhall amháin creatha;
fuair na freanga greim orm,
mar bheadh freanga mná seolta;
tá mé róbhuartha le cloisint,
róscanraithe le feiceáil.
- ⁴ Tá mearbhall ar mo chroí;
tá scaoll orm de bharr an chreatha;
an clapsholas a raibh mé ag dréim leis,
is cúis chearthaí dom é.
- ⁵ Tá an bord á chóiriú
agus á chlúdach le héadach;
táthar ag ithe agus ag ól ...
Suas libh, a cheanna feadhna!
Smearaigí bhur sciath.
- ⁶ Óir seo an rud a dúirt an Tiarna liom:
“Gabh agus cuir fear i mbun faire,
fógraíodh sé an méid atá le feiceáil aige.



- ⁷ Feiceann sé marcshlua,
marcaigh ina mbeirt agus ina mbeirt,
marcaigh ar asail, marcaigh ar chamaill.
Tá sé ag airdeall, ag airdeall go haireach.”
- ⁸ Scairt an fear faire ansin:
“Ar thúr na faire, a Thiarna,
tá mé i mo sheasamh an lá ar fad,
agus oíche in aghaidh na hoíche i mbun mo gharda.
- ⁹ Féach, seo chugainn an marcshlua,
na marcaigh ina mbeirt agus ina mbeirt.”
Agus tháinig an freagra ar ais:
“Tá sí ar lár, tá an Bhablóin ar lár,
agus dealbha a cuid déithe uile
ina smionagar ar talamh.”
- ¹⁰ A phobal liom atá do do bhualadh
i do choirce ar an láithreán buailte,
an ní a chuala mé ó Thiarna na Slua, ó Dhia Iosrael,
is é atá á fhógairt agam duit.



Freagra ar Mhuintir Eadóm

¹¹Fáistine i dtaobh Eadóm.

Táthar ag glaoh orm as Saeír:

“A fhir fhaire, cá fada fós an oíche?

A fhir fhaire, cá fada fós an oíche?”

¹²Is é freagra an fhir fhaire:

“Chugainn an mhaidin,

agus an oíche arís ina diaidh.

Más gá daoibh fiafraí, bígí ag fiafraí;

ach iompú thart is gá daoibh, agus filleadh.

Fáistine do na hArabaigh

¹³Fáistine fá choinne an mhachaire.

A bhuíonta fáin na nDéadánach,

arb é scrobarnach an mhachaire is ceathrúin oíche daoibh,

¹⁴tugaigí uisce libh in airicis lucht an íota;

a mhuintir Théamá, amach libh le bia ar chionn na dteifeach.



¹⁵ Óir is ón gclaíomh atá siad ag teitheadh,
 ó fhaobhar an chlaímh,
 ón mbogha agus é lúbtha,
 agus ó bhroid an chatha.

I gCoinne Chéadár

¹⁶ Is ea, labhair an Tiarna liom mar seo: “Bliain amháin eile, a háireamh mar a dhéanfadh fear aimsire, agus beidh críoch le glóir agus le neart Chéadár. ¹⁷ De líon lucht na mboghanna, de ghaiscígh chlann Chéadár, is beag a bheidh fágtha, óir is é an Tiarna, Dia Iosrael, a dúirt é.”

I gCoinne Gairdeas Míthráthúil Iarúsailéim

22 Fáistine in aghaidh Ghleann Hionnom.

Cad tá ort go bhfuil tú imithe suas ar fad
 ar bharr na dtithe,

² a chathair an challáin, a bhaile na cীরibe,
 agus tú lán de ghairdeas?

Ní coscar claímh do choscar,
 ná ní sa chath a thit do chuid marbh;



³ tá do cheannfoirt uile i ndiaidh a thabhairt do na boinn,
ina bpríosúnaigh gan bogha a lúbadh.

An chuid is cróga agaibh, tá siad ina bpríosúnaigh,
tar éis gur theith siad i bhfad ar shiúl.

⁴ Is ar an ábhar sin a deirim:

“Tompaíгі uaim go gcaoine mé go goirt;
ná bíгі ag brú sóláis orm
i ndíothú iníon mo mhuintire.”

⁵ Óir lá trioblóide agus treascartha agus tranqlaim atá chugainn,
agus is é an Tiarna Dia na Slua faoi deara é.

Sa ghleann sin Hionnom tá ballaí á leagan,
táthar ag scairteadh ar chabhair ar an sliabh.

⁶ Tá Éalám ag breith chuige a bholgán saighead,
agus Arám ag dul sa diallait;
tá Cír ag baint an chumhdaigh dá sciath.

⁷ An chuid is áille de do ghleannta,
tá siad breac le carbaid;
tá an marshlua in ionad os coinne na ngeataí.

⁸ Agus sin críoch le cosaint Iúdá.



I gCoinne Ullmhú Míleata

Bhí do shúil an lá sin
le harmlann Áras na Foraoise.

⁹ Bhreathnaigh sibh chomh líonmhar
agus bhí na bearnaí i múr chathair Dháiví.

Cheap sibh uiscí na Linne Íochtair.

¹⁰ Rinne sibh tithe Iarúsailéim a chuntas,
agus leag sibh cuid acu chun an múr a dhaingniú.

¹¹ I lár báire, rinne sibh obair idir an dá mhúr
faoi choinne uisce na Seanlinne.

Ach níor chuimhnigh sibh ar an gCruthaitheoir
ná ní fhaca an Té a mhúnlaigh an t-iomlán fadó riamh.

¹² Bhí an Tiarna Dia na Slua ag gloach oraibh an lá sin
chun caoineadh a dhéanamh agus mairgneach,
chun sibh féin a bhearradh agus éadach róin a chur oraibh.

¹³ Ina ionad sin, siamsa atá ar siúl agus sult,
mairt á marú agus caoirigh á gcoscairt,
feoil á halpadh agus fíon á ól; agus sibh ag ceapadh:
“Ithimis agus ólaimis,
mar beidh an bás againn amárach.”



- ¹⁴ Fuair mo chluasa an foilsíú seo ó Thiarna na Slua:
 “Ní dhéanfar sásamh sa pheaca seo go deo,
 go dtí go bhfaighe sibh bás,”
 a deir an Tiarna Dia na Slua.

In Éadan Aire

- ¹⁵ Seo mar a deir an Tiarna Dia na Slua:
 “Imigh leat chuig an feidhmeannach seo,
 chuig Seabná, maor an pháláis, agus abair leis:
- ¹⁶ ‘Cén ceart nó cén gnó atá agat anseo
 go bhfuil tú ag gearradh tuama duit féin ann,
 ag gearradh amach tuama ar an ard,
 ag snoí seomra duit féin sa charraig?’
- ¹⁷ Féach, steallfaidh an Tiarna amach thú
 d’aon steall amháin;
 tá sé ag dul i ngleic agus i ngreim leat.
- ¹⁸ Corann agus cornann sé thú i do chorna,
 agus caitheann i do cheirtlín thú i dtír leitheadach amach.
 Is ann a gheobhaidh tú bás,
 agus is ann a fhágfar na carbaid a bhfuil tú chomh teann astu;
 tusa atá i do chúis náire do theaghlach do thiarna.”



Fáistine eile in Éadan Sheabná

- ¹⁹ Brisfidh mé as do phost thú,
as d'ionad stróicim thú anuas;
- ²⁰ agus an lá céanna glaoim ar mo sheirbhíseach, Eiliácaím mac Hilciá.
- ²¹ Tá mé chun a ghléasadh i d'ionarsa,
chun é a fheistiú le do shursaing,
agus tugaim do chumhacht isteach ina láimh,
agus beidh sé ina athair ag muintir Iarúsailéim,
agus ag teaghlach Iúdá.
- ²² Tá mé ag leagan eochair theach Dháiví ar a ghualainn;
má osclaíonn sé, ní dhúnfar;
má dhúnann, ní osclófar.
- ²³ Cuirim i bhfostú é mar bheadh tairne in áit dhaingean:
déanfar cathaoir onóra de i gcomhair theaghlach a athar.

Turnamh Chlann Eiliácaím

- ²⁴ Beidh maoin theaghlach a athar ar fad crochta as – idir shíol agus shliocht – na mionghréithe go léir, idir choirn agus chrúisciní. ²⁵ Sa lá sin – briathar Thiarna na Slua – tabharfaidh sé uaidh, an tairne sin a cuireadh i bhfostú san áit dhaingean. Ropfar amach é



agus titfidh sé. Agus an t-ualach iomlán atá ag crochadh as, brisfear é, óir tá an Tiarna tar éis labhairt.

Dán ar an Tuír agus Síodón

23Fáistine i dtaobh na Tuíre.

Caoinigí, a longa Thairsís,
mar tá bhur longfort scriosta.
Ar a mbealach ó thír Chitím
is ea chuala siad an scéala.

²Déanaigí mairgneach, a mhuintir an chósta,
a cheannaithe Shíodóine,
a mbíodh bhur bhfeidhmeannaigh ag taisteal na bhfarraigí
³agus na bóchna móire.

Arbhar na Níle agus fómhar na hAbhann
a rinne a saibhreas,
agus bhíodh sí ag díol leis an domhan mór.

⁴Náire agus ceann faoi ort, a Shíodón,
óir seo mar a labhraíonn an tréanmhuir:
“Tinneas clainne níl orm feasta, ná ní bheirim leanbh;



níl clann mhac agam le tógáil
ná iníonacha le hoiliúint.”

- ⁵ Nuair a gheobhaidh siad an tuairisc san Éigipt,
beidh siad ar crith de bharr chinniúint na Tuíre.
- ⁶ Tógaigí oraibh go Tairsís siar, a deir siad,
bígí ag mairgneach, a mhuintir an chósta.
- ⁷ An é sin bhur gcathair ghriothalánach,
a bhfuil cáil uirthi ón seanam anall,
a dtugadh a cosa ag taisteal i bhfad i.,
chun cónaí a dhéanamh i gcéin?
- ⁸ Cé a cheap an beart seo
i gcoinne Tuír na gcoróineacha,
a mbíodh a ceannaithe ina bprionsaí,
agus a trádálaithe ar mhóruaisle na talún?
- ⁹ Is é Tiarna na Slua a bheartaigh,
chun díomas a scéimhe a íslíú,
chun toicithe na talún a chaitheamh síos.
- ¹⁰ Téigí le talmhaíocht, a mhuintir Thairsís,
níl an calafort ann níos mó!



¹¹ Shín an Tiarna amach a lámh os cionn na farraige
agus chroith sé a cuid ríochtaí;
thug sé an t-ordú go scriosfaí dúnfoirt Chanán.

¹² Dúirt sé: “Ná bíodh lúcháir ort níos mó,
a mhaighdean ar a ndearnadh éigean,
a iníon Shíodóine!
Dá n-éireofá agus triall anonn go Citím;
thall ansin fiú, níl scíth i ndán duit ach oiread.”

¹³ Féach an tír seo dár dhual longa!
Thóg na Caidéigh a dtúir léigir.
Leag siad a cuid daingean
agus d’fhág ina ballóg í.

¹⁴ Caoinigí, a longa Thairsís,
mar tá bhur longfort scriosta!

An Tuír á cur faoi Smacht

¹⁵ Tarlóidh sé an lá sin go ndéanfar dearmad ar an Tuír go cionn deich mbliana agus trí scór. Ach nuair a thiocfaidh rí eile i gcoróin, i gcionn deich mbliana agus trí scór, beidh an Tuír cosúil le striapach an amhráin:



¹⁶Tóg do chláirseach, déan cuairt na cathrach,
a striapach bhocht thréigthe!
Seinn go binn, croch suas do cheol,
spreag cuimhne ort sna daoine arís!

¹⁷Mar sin i gcionn deich mbliana agus trí scór tiocfaidh an Tiarna ar a chuairt chuig an Tuír. Tosóidh sí arís ar chúiteamh a cuid striapachais a fháil. Deanfaidh sí striapach di féin le ríochtaí an domhain uile ar dhroim talún. ¹⁸Ach déanfar a sochar agus a tuarastal a thiomnú don Tiarna; ní chruinneofar ná ní chuirfear i dtaisce iad. Is dóibh siúd a chaitheann a saol os comhair an Tiarna a rachaidh a sochar, chun go mbeidh a sáith le hithe acu agus éadach galánta.

Fáistine faoi Iá Breithiúnais Dé

An Breithiúnas

24Féach, tá an Tiarna ag creachadh na talún,
tá sé á scriosadh agus á hiompú bun os cionn;
tá a muintir á scaipeadh aige,
²idir chléir agus thuath, idir uasal agus íseal,
máistreás agus searbhónta, díoltóir agus ceannaitheoir,
iasachtóir agus iasachtaí, creidiúnaí agus féichiúnaí.



- ³ Creachta agus seanchreachta atá sí, mar thalamh;
sladaithe agus deargshladaithe a bheidh,
mar a d'ordaigh an Tiarna.
- ⁴ Tá an talamh faoi bhrón agus in ísle brí,
tá an domhan ag meath agus in ísle brí,
tá neamh agus talamh ag meath.
- ⁵ Tá an talamh truailithe
faoi chosa a cuid áitreabhach,
óir sháraigh siad na dlíthe, bhris na reachtanna,
choill an conradh síoraí.
- ⁶ Is ar an ábhar sin atá crann smola ag alpadh na talún
agus a háitreabhaigh ag íoc as a gcionta.
Is uime sin atá áitreabhaigh na talún ina ngualach dóite,
agus gan ach beagán den chine daonna fágtha.

An Chathair Scriosta

- ⁷ Tá an fíon faoi bhrón, an fhíniúin ag meath,
agus lucht an ghliondar croí ag osnaíl.
- ⁸ Tá deireadh le meadhar na mbodhrán,
agus críoch le callán lucht gairdis;
tá deireadh le meadhar na gcláirseach.



- ⁹ Ní ólann siad fíon níos mó agus iad ag ceol,
agus is searbh leis na pótaí an bhíotáille.
- ¹⁰ Tá cathair an neamhní ar lár,
tá gach teach dúnta agus níl dul isteach iontu.
- ¹¹ Táthar ag mairgneach sna sráideanna cheal fíona;
tá deireadh leis an uile lúcháir,
tá an t-áthas díbeartha ón tír.
- ¹² Níl fágtha sa chathair ach léirscrios,
tá an geata briste ina chonamar.
- ¹³ Is amhlaidh sin a bheidh an talamh ar fad,
i gcás na gcíníocha uile,
mar a bhíonn na crainn olóige nuair a chraitear an toradh astu,
mar a bheadh deasca na fíniúna agus fómhar an fhíona déanta.
- ¹⁴ Gáireann daoine amach in ard a gcinn, liúnn siad le barr áthais;
canann siad mórgacht an Tiarna ó chois na farraige thiar.
- ¹⁵ Sna hoileáin freisin táthar ag glóiriú an Tiarna,
agus i gcríocha na farraige ainm an Tiarna, Dia Iosrael.
- ¹⁶ Ó chríocha na cruinne cloisimid iad ag ceol: “Glóir don Fhírén!”
Ach deirimse: “Is leor, is leor sin!
Drochrath ar lucht fill a dhéanann feall,
ar lucht fill a dhéanann feall go fealltach!”



- ¹⁷ Scéin agus clais agus gaiste
is ea do chuid, a dhuine atá i do chónaí ar talamh!
- ¹⁸ An té a theitheann ó thorann na scéine,
titfidh sé sa chlais;
má dhreapann sé aníos as an gclais,
béarfar air sa ghaiste.

An Breithiúnas Fós

- Óir tá fuinneoga na bhflaitheas ar leathadh,
agus bunsraith na talún ar crith.
- ¹⁹ Tá an talamh briste ina smionagar,
tá an talamh á scoilteadh agus á scáineadh,
tá an talamh ag crith agus ag creathnú.
- ²⁰ Tá an talamh ag stangadh mar bheadh fear meisce ann,
tá sé ag longadán mar bheadh scáthlán ann;
is trom é an t-ualach air a chuid peacaí,
titeann sé gan éirí i ndán dó.
- ²¹ An lá sin, léasfaidh an Tiarna slua na spéire sa spéir,
agus abhus ar talamh ríthe na talún.
- ²² Baileofar i dtoll a chéile iad ar nós cimí i bpluais,
caithfear isteach sa charcair iad



agus i ndiaidh na mblianta fada gheobhaidh siad a bpionós.

²³ Beidh náire ar an ngealach, agus ceann faoi ar an ngrian,
óir déanfar rí de Thiarna na Slua
ar shliabh Shíón in Iarúsailéim
agus foilseofar a ghlóir i láthair a sheanáirí.

Urnaí Al taithe

25 A Thiarna, is tú mo Dhia;
móram thú agus ceiliúram d'ainm;
mar chuir tú do bheartaíocht iontach i gcrích,
comhairle ar cinneadh uirthi fadó riamh,
chuir go fíréanta agus go fírinneach.

² Óir d'fhág tú cathracha ina gcarnáin chloch
agus bailte poirt ina gconamar.
Ní baile é feasta dúnfort na ndíomasach,
ní dhéanfar a atógáil arís go deo.

³ Is uime sin a thugann an cine borb seo glóir duit;
uime sin atá eagla ar chathracha na náisiún danartha romhat.

⁴ Mar is tearmann thú don dearóil,
tearmann don dealbh in am a ghátair;
dídean ón stoirm agus scáth ón teas,



mar is cosúil confa na mborb le doineann gheimhridh.

⁵ Mar a bheadh spalladh triomaigh ar an bhfásach,
ceansóidh tú gleo lucht an díomais;
mar a mhúchtar an teas faoi scáth scamail,
cuirfear ceol na mborb ina thost.

Fleá Dheireadh Aimsire

⁶ Ullmhóidh Tiarna na Slua
ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir
cóisir saille, cóisir do rogha na bhfíonta,
de smior na saille, de thogha agus de rogha na bhfíonta;

⁷ agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin
a bhí ag clúdach na gciníocha go léir,
agus an eisléine a bhí ag folach na náisiún uile;

⁸ cuirfidh sé an bás ar ceal go deo.
Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir;
tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile;
óir is é an Tiarna a dúirt é.

⁹ Déarfai an lá sin: “Breathnaí, is é ár nDia é,
a raibh muid ag dréim le slánú uaidh;
is é an Tiarna é, a raibh muid ag dréim leis.



Déanaimid gairdeas agus lúcháir mar gur shlánaigh sé sinn”;

¹⁰ óir tá lámh an Tiarna ag lonnú ar an sliabh seo.

Tá Móáb á shatailt síos ina áit féin,
mar a shatlaítear cochán síos i gclais aoiligh;

¹¹ agus síneann sé amach a lámha ansin,
mar a shíneann snámhadóir amach iad chun snámha.

Ach tugann an Tiarna béim síos dá uabhar
le gach bang dá ndéanann sé.

¹² Do bhábhúin arda uaibhreacha
scriosann sé iad, leagann sé iad,
caitheann sé síos iad sa láib.

Duan Bua

26 An lá sin, beidh an laoi seo á ceol ar thalamh Iúdá:

“Tá baile daingean againn;
leag sé amach bábhún agus forbhalla dár ndídean.

² Osclaígí na geataí! Isteach leis an bpobal fíréanta,
an té a sheasann lena ghealltanais,

³ atá bunúsach ó chroí, a choinníonn an tsíocháin,
óir is asatsa atá a mhuinín.



- ⁴ Bíodh bhur muinín as an Tiarna go deo,
óir is é an Tiarna an charraig shíoraí;
⁵ d'ísligh sé an dream a bhí ina gcónaí ar na harda,
muintir an dúnfoirt daingin,
leagann sé iad, leagann iad ar lár,
caitheann sé síos iad sa láib;
⁶ cosa na n-úiríseal agus na mbochtán,
siúlann siad orthu ina gcoiscéim.”

Salm

- ⁷ Is díreach bealach an fhíréin,
réitíonn tú bóthar díreach don fhíréan.
⁸ Is ea, ar bhealach do chuid breithiúnas
tá muid ag fanacht ort, a Thiarna,
is é d'ainm agus do chuimhne tnúthán ár n-anama.
⁹ Bíonn m'anam ag dréim leat san oíche,
agus mo spiorad do do lorg ionam féin istigh;
nuair a fhoilsítear do bhreithiúnais ar talamh,
foghlaimíonn muintir an domhain ceart agus cóir.



¹⁰ Má thugtar fabhraíocht don urchóideach,
ní fhoghlaímíonn sé ionracas.

i dtír na córa, déanann sé urchóid;
ní fheiceann sé maorgacht an Tiarna.

¹¹ A Thiarna, tá do lámh tógtha in airde;
ní fheiceann siad í.

Feiceadh siad do dhúthracht i leith an phobail seo, is bíodh náire orthu;
an tine a lasadh le haghaidh do naimhde, alpfaidh sí iad.

¹² A Thiarna, is tú a thugann síocháin dúinn,
óir caitheann tú linn de réir mar tá tuillte againn.

¹³ A Thiarna, a Dhia linn,
bhí réim ag tiarnaí seachas tú féin orainn
ach ní aithnímid ach tusa feasta,
ní aithnímid ach d'ainmse amháin.

¹⁴ Marbh atá siad siúd, agus níl saol i ndán dóibh arís.
Scáilí is ea iad, ní éireoidh siad níos mó,
mar tá siad smachtaithe scriosta agat
agus tá a gcuimhne curtha ar ceal.

¹⁵ Méadaigh do phobal, a Thiarna, méadaigh é;
tabhair glóir don phobal,
cuir fairsinge le críocha na tíre go léir!



- ¹⁶ A Thiarna, san anbhroid dúinn tá muid do do lorg;
anacair agus ansmacht, ba iad siúd do phionós orainn.
- ¹⁷ Mar bhean ag iompar, ag lúbarnach is ag screadach i dtinneas clainne,
is amhlaidh dúinn féin, a Thiarna, os do chomhair;
- ¹⁸ ghabh muid gin, tá muid i bpriacal mar bheimis ag saolú;
ach níor thug muid spiorad an tslánaithe ar an saol,
níl áitritheoirí á mbreith don domhan níos mó.
- ¹⁹ Beidh saol ag do chuid marbhánach arís,
éireoidh a gcoirp as an nua;
músclaígí, déanaigí gairdeas,
sibhse uile atá sínte sa láib;
óir is geal é mar dhrúcht do dhrúchtsa,
agus tiocfaidh sliocht ar thír na scáth.

Freagra an Tiarna

- ²⁰ Imigh, a phobal liom, gabh isteach i do sheomraí
agus dún na doirse i do dhiaidh.
Gabh i bhfolach seal nóiméid
go dtí go dté an fhearg thart.



²¹ Óir féach, tá an Tiarna ag teacht as a áras amach
chun a n-urchóid a aifirt ar mhuintir an domhain go léir.
Tá an talamh chun an fhuil a doirteadh air a aiseag,
agus ní choinneoidh sé a chuid marbh faoi chlúdach níos mó.

27 An lá sin, smachtóidh an Tiarna
lena chlaíomh crua, lena chlaíomh mór laidir,
Leviatan, an nathair éalaitheach,
Leviatan, an nathair lúbarnach:
maróidh sé dragan na farraige.

Fíniúin an Tiarna

² An lá sin, canaigí an fíonghort taitneamhach!

³ Mise, an Tiarna, atá i mo chaomhnóir air;
bím de shíor ag coinneáil uisce leis
ar eagla go dtitfeadh a dhuilliúr;
de lá agus d'óiche bím á chaomhnú.

⁴ Fearg níl orm a thuilleadh!
Fiú má bhíonn sceacha agus driseacha ann,
cuirfidh mé cogadh orthu, dófaidh mé iad go léir!



⁵ Sin nó cead acu dul ar mo choimirce
 agus síocháin a dhéanamh liom.
 Is mairg nach ndéanann siad síocháin liom!

Trócaire agus Pionós

- ⁶ Sna laethe atá le teacht cuirfidh Iacób péacáin amach,
 tiocfaidh bláth agus toradh ar Iosrael;
 líonfaidh sé aghaidh na talún le torthaí.
- ⁷ An é gur leadhb Dia é mar a leadhb sé lucht a leadhbtha?
 Ar bhásaigh é mar a bhásaigh sé lucht a bhásaithe?
- ⁸ Chuir tú smacht air, á thiomáint amach agus á dhíbirt;
 chuir sé an ruaig air lena anáil bhorb, mar bheadh an ghaoth anoir ann.
- ⁹ Is amhlaidh sin a dhéantar leorghníomh in urchóid Iacóib
 agus seo é an luach a ghlanfaidh a pheaca:
 go gcaitheann sé le clocha na n-altóirí go léir
 mar a chaithfeadh leis an chloch aoil a mheiltear.
 Cuaillí beannaithe ná galláin na gréine ní fhágfar ina seasamh
- ¹⁰ óir tá an chathair dhaingean ina fásach,
 tá sí tréigthe dearóil mar bheadh díthreabh ann.
 Is ann a thagann an tréad ag iníor,
 is ann a luíonn siad fúthu agus a chrinneann na craobhacha.



¹¹ Tá na géaga críon, sa chaoi go scoitear iad;
tagann mná agus lasann siad an tine leo.
Óir is pobal é seo atá gan tuiscint,
mar sin, an té a chruthaigh iad, níl trua aige dóibh;
an té a dhealbhaigh iad, ní thaispeánann fabhar dóibh.

Fáistine

¹² An lá sin, déanfaidh an Tiarna an grán a bhualadh
ó shruth na hAbhann go caise na hÉigipte,
agus baileofar sibh aon ar aon, a chlann Iosrael.

¹³ An lá sin, séidfear an stoc mór
agus tiocfaidh siad siúd a bhí cailte i dtír na hAsaíre
agus iad siad a díbríodh go críocha na hÉigipte,
agus adhrfaidh siad an Tiarna ar an sliabh beannaithe in Iarúsailéim.

Dánta i dTaobh Iosrael agus Iúdá

Foláireamh faoi choinne na Samáire

28 Is mairg don choróin dhíomasach úd ag pótairí Eafráim,
do bhláth feoite a háilleachta agus a huabhair,



agus í in airde os cionn an ghleanna mhéith;
is mairg don dream sin agus iad dallta le fíon!

²Féach, seo chugainn duine cumhachtach tréan ón Tiarna,
mar bheadh siabadh clocha sneachta ann, mar bheadh stoirm dhíobhálach,
mar bheadh díle d’uiscí tréana ag cur thar bruach;
agus caithfidh sé síos lena láimh iad ar lár.

³Satlófar faoi chosa iad,
coróin dhíomasach sin phótairí Eafráim

⁴agus bláth feoite a háilleachta agus a huabhair,
in airde mar atá siad os cionn an ghleanna mhéith.

Mar bheadh fige luath i dtús an tsamhraidh:
an té a fheiceann é, stoitheann é
agus ní luaithe ina láimh é ná tá sé slogtha aige.

⁵An lá sin, coróin ghlóire a bheidh i dTiarna na Slua,
mionn ríoga álainn i gcomhair fuílleach a phobail;

⁶anáil an chirt a bheidh ann faoin té atá i gcathaoir an bhreithiúnais,
agus anáil na calmachta faoi lucht ruaigthe an namhad ón ngeata.

In Éadan na Sagart agus na Saobhfháithe

⁷Tá siad siúd ag stangaireacht faoi oibriú an fhíona,
tá siad ar seachrán ag an bpóit.



Tá meadhrán sna sagairt agus sna fáithe le barr dí,
 tá mearbhall orthu le fíon;
 tá siad ar seachrán ag an bpóit,
 tá siad ag stangaireacht agus ag aislingíocht,
 tá siad ag tuisliú agus iad ag tabhairt a mbreithiúnas.

⁸ Óir tá na boird go léir clúdaithe le horla,
 oiread agus ball glan amháin níl le fáil.

⁹ “Cé atá sé ag iarraidh a chur ar an eolas, an fáidh seo?
 Cé dhó ab áil leis a shoiscéalaíocht a mhíniú?
 Do pháistí, an ea, nua-choiscthe ón mbainne,
 do leanaí atá á mbaint den chíoch?”

¹⁰ Níl aige ach:
 ‘Reacht i ndiaidh reachta, reacht i ndiaidh reachta,
 ceacht i ndiaidh ceachta, ceacht i ndiaidh ceachta,
 breis bheag anseo, breis bheag ansiúd.’”

¹¹ Is ea cinnte, is le beola stadacha agus i dteanga eachtrannach
 atá sé ag dul a labhairt leis an bpobal seo,

¹² pobal ar dhúirt sé leo uair: “Seo scíth daoibh!
 Tabhair scíth don duine tuirseach!
 Is é seo an suaimhneas!”

– Ach níorbh áil leo éisteacht.



- ¹³ Agus sin é an fáth gur mar seo atá an Tiarna ag labhairt leo:
 “Reacht i ndiaidh reachta, reacht i ndiaidh reachta,
 ceacht i ndiaidh ceachta, ceacht i ndiaidh ceachta,
 breis bheag anseo, breis bheag ansiúd,”
 sa chaoi go dtitfidh siad i ndiaidh a gcúil as a gcoiscéim,
 go mbrisfear iad, agus go sáinneofar agus go ngabhfear.

In Éadan Lucht Droch-Chomhairle

- ¹⁴ Éistigí le briathar an Tiarna, a lucht na hábhachta,
 atá ag rialú an phobail seo in Iarúsailéim!
- ¹⁵ Deir sibh: “Tá conradh déanta againn leis an mBás,
 agus le Seól tá muid tagtha ar réiteach.
 Rabharta an aimhlis, nuair a thiocfaidh sé thart,
 ní shroichfidh sé fad linne;
 mar tá dídean faighte againn sa bhréag,
 agus sa chealg fuaireamar foscadh.”

Fáistine

- ¹⁶ Is uime sin a labhraíonn an Tiarna Dia mar seo:
 “Féach, tá cloch á leagan agam i Síón, cloch dhearfa,



cloch choirnéil luachmhar, cloch bhoinn:

an té a bhfuil creideamh aige, ní chlisfidh sé.

¹⁷ Agus is í an chóir a bheas ina dorú ingir agam agus an fhíréantacht mar leibhéal agus mé á leagan. Ach scuabfaidh an clochshneachta dídean na mbréag leis agus cartfaidh na huiscí bhur bhfoscadh chun siúil”;

¹⁸ brisfear bhur gconradh leis an mBás, agus bhur réiteach le Seól ní sheasfaidh.

Nuair a thagann rabharta an aimhlis, brúfaidh sé síos lena thoirt sibh;

¹⁹ gach uair a dtagann, sroichfidh sé sibh.

Maidin in aghaidh na maidne tiocfaidh sé ar a chuairt, tiocfaidh de lá agus d’óiche; agus cúis scéine a bheidh ann a scéal a scaoileadh.

²⁰ Beidh an leaba róghairid le síneadh uirthi, agus an clúdach róchaol chun tú féin a shoipriú ann.

²¹ Is ea, éireoidh an Tiarna mar a d’éirigh sé ar shliabh Parazaím; tiocfaidh riasradh air mar a tháinig i ngleann Ghibeón chun a ghníomh a chur i gcrích – agus is ait an gníomh é! – chun a shaothar a shaothrú – agus is aduain an saothar sin!



- ²² Dá bhrí sin, scoirigí den ábhacht,
ar eagla go dteannfaí bhur gcuibhreacha oraibh;
óir chuala mé anois scrios na tíre go hiomlán
á fhógairt thar ceann an Tiarna Dia na Slua.

Parabal an Fheirmeora

- ²³ Tugaigí cluas agus éistigí le mo ghlór,
bígí aireach agus tugaigí libh a bhfuil á rá agam.
- ²⁴ An é nach ndéanann an treabhdóir dada seachas treabhadh,
seachas an talamh a bhriseadh agus a fhuirseadh?
- ²⁵ An amhlaidh, nuair a bhíonn sé cothrom aige,
nach gcrattheann sé lus mín air, nach gcuireann sé coimín,
agus cruithneacht agus eorna ina dhiaidh sin,
agus an spealt ar an imeall amuigh?
- ²⁶ An té a mhúineann an riail sin dó,
is é a Dhia é atá á theagasc.
- ²⁷ Agus ar ndóigh, ní bhuailtear an lus mín le carr sleamhnáin,
ná coimín le roth cairte;
ach buailtear an lus mín le slat
agus coimín le súiste.



²⁸ Ná ní dhéantar arbhar an aráin a bhrú go hiomlán;
an té a thiomáineann rothaí na cairte air,
buaileann sé amach é, ach ní dhéanann sé a bhrú.

²⁹ Ó Thiarna na Slua an méid sin freisin;
is iontach é le haghaidh comhairle
agus is cumasach a chríonnacht.

Dán ar Iarúsailéim, dar Leasainm Airéal

29 Och, a Airéal, a Airéal,
a chathair ba longfort do Dháiví.

Cuir bliain i gceann bliana,
tagadh na féilte thart ina gcúrsa;
² ansin cuirfidh mé Airéal i ngéibheann,
beidh éagoin ann agus éagnach.

Beidh tú i d'Airéal agam go dearfa, i do thóiteán tine;
³ suífidh mé campa i do choinne mar a rinne Dáiví,
cuirfidh mé túir léigir thart timpeall ort,
tógfaidh mé claíocha léigir i d'éadan.

⁴ Beidh tú leagtha ar lár – do ghlór ag labhairt ón talamh
agus do chaint ag teacht go huiríseal ón láib.



Tiocfaidh do glór as an talamh aníos mar bheadh glór taibhse ann,
agus do chaint as an láib ina gíogarnach.

^{5c} Agus go tobann, gan choinne,

⁶ beidh cuairt agat ó Thiarna na Slua,
le toirneach, le torann agus le fuaim ollmhór,
le doineann agus le hanfa agus lasair de thine loiscneach

^{5a} Ar nós deannach mín a bheidh slua do naimhde ansin

^{5b} agus mar lóchán á shiabadh le gaoth an slua danartha.

⁷ Mar bhrionglóid agus mar fhís de chuid na hoíche
do shluaite na gciníocha agus iad ag cur cogaidh ar Airéal.

⁸ Amhail duine ocrach a dhéanann brionglóid go bhfuil sé ag ithe,
músclaíonn sé agus a bholg folamh;
nó duine tartmhar ag brionglóideach go bhfuil sé ag ól,
músclaíonn sé go fannlag agus é spallta;
is amhlaidh a bheidh le sluaite na gciníocha
a chuireann comhrac ar shliabh Shíón.

⁹ Bígí bómánta agus dobhhránta,
bígí dall agus caoch;
bígí ar meisce, ach ní le fíon,
ag tuisliú, ach ní le tréan póite.



¹⁰Óir tá an Tiarna tar éis toirchim suain
a dhoirteadh sa mhullach oraibh;
thug sé dúnadh ar bhur súile, na fáithe,
agus chuir sé dallóg ar bhur gceann, an lucht físe.

An Foilsiú ina Rún

¹¹Tá fíis agus fáistine mar bheadh na focail i leabhar séalaithe agaibh anois. Tabhair a leithéid sin de leabhar do dhuine a bhfuil léamh aige agus abair leis: “Léigh sin.” Is é a fhreagraíonn sé: “Ní féidir liom, mar tá an leabhar faoi shéala.” ¹²Nó tabhair an leabhar do dhuine nach bhfuil léamh aige agus abair leis: “Léigh sin.” Is é a fhreagra: “Níl léamh agam.”

Fáistine

¹³Deir an Tiarna:

“De bharr nach dtaobhaíonn an pobal seo mé ach ina gcaint,
agus nach dtugann onóir dom ach ó bheola,
san áit gur fada uaim atá a gcroí
agus nach bhfuil ina gcráifeacht ach aitheanta daonna
atá de ghlanmheabhair acu,



¹⁴ mar sin féach, seo arís mé i gcionn éachta leo,
 éacht i ndiaidh éachta agus eachtra.
 Cuirfear eagna a lucht eagna ar ceal,
 tiocfaidh claochló ar éirim a lucht éirime.”

In Éadan Lucht Droch-Chomhairle

¹⁵ Is mairg dóibh siúd a théann i bhfolach go domhain
 d’fhonn a seifteanna a cheilt ar an Tiarna,
 ag beartú a gcealga sa dorchadas
 agus á rá: “Cé fheiceann sinn ná cé aithníonn sinn?”

¹⁶ Bunoscionn atá cúrsaí agaibh!
 An ionann an criadóir agus a chuid cré?
 An féidir don déantús a rá faoi fhear a dhéanta:
 “Ní dá dhéanamh siúd mise”?
 nó don bpota a rá faoin bpotaire:
 “Níl ceird ar bith aige”?

¹⁷ Achar gairid fós, agus is gairid é,
 go mbeidh an Liobáin ag tiontú ar ais ina ghairdín,
 agus gairdín a áireofar ina choill ar a bhoirbe fáis.



¹⁸ An lá sin, beidh na focail le clos ag bodhair agus leabhar á léamh,
agus as lár an dúcháin agus an dorchadais
tiocfaidh radharc i súile na ndall.

¹⁹ Beidh gairdeas ar na dearóile as an Tiarna arís,
agus aoibhneas ar dhaoine bochta as Neach Naofa Iosrael,
²⁰ mar ní ann don aintiarna níos mó, tá críoch le fear na fonóide,
agus tá lucht drochfhuadair á ndísciú go léir:

²¹ an dream seo a chiontaíonn duine le focal,
a chuireann gaiste i mbealach an bhreithiúin sa gheata,
a chuireann cúis chóir ó mhaith le fianaise bhréige.

²² Dá thairbhe sin, is mar seo a labhraíonn an Tiarna,
Dia theaghlach Iacóib,
an té a rinne Abrahám a fhuascailt:

“Ní bheidh náire ar Iacób feasta,
ní bheidh sé bán san aghaidh níos mó,
²³ óir feicfidh sé saothar mo lámh ina láthair
agus déanfaidh sé m’ainmse a naomhú.
Beidh Neach Naofa Iacóib á naomhú,
beidh eagla roimh Dhia Iosrael.



²⁴Tiocfaidh lucht an mhearbhall intinne chun tuisceana,
agus rachaidh lucht manráin le foghlaim.”

In Éadan na hAmbasáide chun na hÉigipte

30 Is maire do chlann na ceannairece!
– briathar an Tiarna é seo.

Tá beart á chur i bhfeidhm acu nach liomsa é,
ag snaidhmeadh páirtíochta nár shéid m’anáilse fúithi,
ionas go bhfuil cion sa mhullach ar chion á charnadh acu.

²Tá siad bailithe leo ag tarraingt ar an Éigipt,
gan comhairle a iarraidh ó mo bhéal,
ag lorg dídine faoi dhídean Fhorainn
agus foscadh ar scáth na hÉigipte.

³Ina hábhar náire agaibh a bheidh an dídean sin Fhorainn,
foscadh scáth na hÉigipte ina chúis mearbhaill daoibh;

⁴cé go bhfuil a thaoisigh tar éis teacht go Zoan,
agus a theachtairí imithe fhad le Hánaes.

⁵Tá féiríní ar iompar acu siúd uile
chuig pobal nach fearrde iad é,
nach dtabharfaidh cabhair ná cúnamh dóibh
ach náire agus masla.



Fáistine Eile

⁶Fáistine dar teideal: Ainmhithe na Tíre Theas.

Trí dhúiche an anró agus na hanbhuaine
is fearann don leon baineann, do leon na búiríola,
don nathair nimhe agus don dragan eiteogach,
a saibhreas ar dhroim asal acu,
a dtaiscí ar chruit chamall acu,
agus iad á n-iompar chuig pobal nach fearrde iad é.

⁷Óir tá cabhair na hÉigipte díomhaoin agus baoth;
is é sin an fáth a dtugaim mar ainm uirthi:
Ráhab na leisce.

Tiomna

⁸Imigh anois, gearr ar tháibléad an méid seo,
scríobh ar scrolla é,
chun go mbeidh sé san am atá le teacht
ina fhianaise bhuan:



⁹ Is pobal míréireach iad seo,
is clann bhréagach,
clann nach áil leo éisteacht
le reacht an Tiarna.

¹⁰ Deir siad le lucht físe:
“Ná bíodh físeanna agaibh”.
agus leis na fáithe:
“Ná tuaraigí an ceart dúinn”.

“Déanaigí plámas linn,
bíodh físeanna mealltacha agaibh dúinn;

¹¹ fágaigí an bealach, casaigí i leataobh ón tslí;
as ár radharc leis mar Neach Naofa Iosrael.”

¹² Ar an ábhar sin a deir Neach Naofa Iosrael:
“De bhrí gur beag libh an rabhadh seo,
agus go bhfuil bhur muinín sa chamastaíl agus san fheall,
agus gurb iad is crann taca agaibh,

¹³ léireofar daoibh an cion seo
a bheith mar a bheadh balla ard
agus gág anuas ann,
bolg amach air agus é i ríocht titim,



- a dtagann maidhm air go tobann, i seal faiteadh súl,
14 a bhriseann ar nós soitheach potaire
á smísteáil síos gan trua gan taise,
– ionas nach bhfuil le fáil sa chonamar
oiread agus sligín a chorródh an tine ar an teallach
nó a thaoscfadh uisce as an sistéal.”
- 15 Óir is mar seo a labhraíonn an Tiarna Dia, Neach Naofa Iosrael:
San iompú croí agus sa chiúnas a bhí an slánú i ndán daoibh,
sa suaimhneas agus sa mhuinín a bhí bhur neart,
ach níorbh áil libh.”
- 16 Díirt sibh: “Ní amhlaidh! Teithfimid ar muin chapaill!”
Go deimhin féin, is ag teitheadh a bheidh sibh!
“I gcarbaid mheara a theithfimid!”
Maith go leor! Is mear mar a rachfar sa tóir oraibh!
- 17 Teithfidh míle, agus gan ach duine aonair ag bagairt,
bagairt ó chúigear agus teithfidh deich míle,
go dtí nach mbeidh fágtha díbh
ach mar bheadh cuaille ar bharr cnocáin,
mar bheadh comhartha ar mhullach sléibhe.



¹⁸ Ach tá an Tiarna ag fanacht le hionú an mhaithiúnais,
is ar an ábhar sin a éiríonn sé agus a ghlacann trua daoibh;
óir Dia cóir is ea an Tiarna,
is méanar don dream a bhfuil a súil leis.

An Rathúnas le Teach

¹⁹ Sea, a phobal Shíón, a bhfuil cónaí ort in Iarúsailéim, ní bheidh tú ag gol níos mó. Maithfidh sé duit ar chloisteáil do chaoineadh dó, agus tabharfaidh sé toradh air ar an toirt. ²⁰ Cé go dtugann an Tiarna duit arán na hanbhuaine agus uisce na duainéise, an té a theagascann thú, ní cheilfidh é féin feasta, agus feicfidh do shúile an Té a theagascann thú. ²¹ Cloisfidh do chluasa an focal seo i do dhiaidh: “Seo an bealach, leanaigí é”, cuma ar dheis nó ar chlé a chasfaidh sibh. ²² Measfaidh tú ansin gur neamhghlan do phlátáil airgid do chuid íol agus do chlúdach óir do chuid dealbh. Caithfidh tú uait iad mar bheadh rud truailithe ann; “Gread leat!” a déarfaidh tú leo. ²³ Agus tabharfaidh sé báisteach le haghaidh an tsíl a chuirfidh tú sa talamh, agus an t-arán a thugann an talamh uaidh, beidh sé blasta agus beathúil. Beidh do chuid eallaigh ag innilt an lá sin ar fhéarach leathan. ²⁴ Na daimh agus na hasail a threabhann an talamh, beidh coirce blasta le hithe acu, a ndearnadh cáitheadh air le sluasaid agus le cáiteog. ²⁵ Agus ar gach sliabh ard agus gach cnoc mór beidh srutháin uisce agus sreabha lá an áir nuair a thitfidh na dúnfoirt. ²⁶ Beidh solas na gealaí ar aon dul le solas na gréine agus solas na gréine seacht n-uaire



níos gile fós, ar nós solas seacht lá le chéile, sa lá a gceanglóidh an Tiarna créacht a phobail agus a leigheasfaidh sé fearbacha a bhuillí.

Brisfear an Asaír

- ²⁷ Breathnaigí! Tá ainm an Tiarna ag teacht ó chríoch i gcéin,
is loiscneach a fhearg, is trom an t-ualach atá air.
tá a bheola ag cur thar maoil le cuthach,
agus a theanga ina tine chraosach.
- ²⁸ Tá a anáil mar thuile in abhainn,
a thiocfadh go muineál ar dhuine.
Tá sé ag teacht chun na náisiúin a chriathrú i gcriathar an mhillte,
chun béalbhach a chuid srianta a chur le giall na gcíníocha.
- ³⁰ Tabharfaidh an Tiarna faoi deara go gcloisfear mórgacht a ghlóir,
agus taispeánfaidh sé lascadh a láimhe,
i bhfraoch a chuid feirge, i gceartlár tine craosaí,
i séideán báistí agus clochshneachta.
- ³¹ Óir is é glór an Tiarna a chuirfidh coiscríú ar an Asaír,
agus í faoi bhuillí a bhata.
- ^{32a} gach buille den bhata
agus den phionós a leagfaidh an Tiarna uirthi.



²⁹ Beidh bhur gceolsa, áfach, mar bheadh oíche chinn féile ann,
agus aoibhneas ar chroí gach aon.

Ar nós an té a bhuaileann bóthar le ceol na bhfeadóg
ar a bhealach ionsar shliabh an Tiarna, ionsar charraig Iosrael,
^{32b} le bodhráin agus le cláirseacha agus le damhsaí ...

³³ Óir is fada leac teallaigh ullamh cois Toifit,
agus ullamh le haghaidh Mhoilic chomh maith,
clais dhomhain leathan, lán cocháin agus adhmaid,
agus anáil an Tiarna ag cur tine leis, mar a bheadh rabharta ruibhe ann.

In Éadan na hÉigipte

31 Mo léan iad siúd atá ag dul síos chun na hÉigipte ar lorg dídine,
atá ag cur a muiníne i gcapaill,
agus a ndóchas i líon na gcarbad
agus i marcshlua neartmhar,
ach nach bhfuil a súil le Neach Naofa Iosrael ar aon chor
ná nár lorg comhairle an Tiarna.

² Ina dhiaidh sin féin, tá an Tiarna seiftiúil go leor
chun an tubaiste a chur faoi deara freisin;
ní dual dó dul siar ar a fhocal,



ach éireoidh sé amach in éadan baicle na n-urchóideach,
ina gcoinne siúd a chuidíonn le lucht na míghníomhartha.

³ Daoine is ea na hÉigiptigh agus ní déithe;
is feoil a gcuid each agus ní spiorad;
agus nuair a shínfidh an Tiarna amach a lámh,
bainfear tuisle as fear an chuidithe
agus titfidh an fear ar cuidíodh leis ina theannta,
agus caillfear iad go léir le chéile.

In Éadan na hAsáire

⁴ Sea, is mar seo a dúirt an Tiarna liom:
Mar a bheadh leon nó coileán leoin ag gnúsacht os cionn a chreiche,
agus na haoirí á ngairm amach líon a slua ina choinne,
gan scáth a theacht air lena scairteach,
ná scaoll lena gcallán,
is amhlaidh a thiocfaidh Tiarna na Slua anuas chun catha
ar shliabh Shíón agus ar a chnocán ard.

⁵ Ar nós mar bhíonn éanlaith ar foluain,
is amhlaidh a dhéanfaidh Tiarna na Slua cumhdach ar Iarúsailéim,
á cumhdach agus á baint as braighdeanas,



ag ligean léi agus á scaoileadh saor.

⁶ Filligí ar an té atá séanta agus dúshéanta agaibh, a chlann Iosrael.

⁷ Sea, an lá sin caithfidh gach duine uaidh
na híola airgid agus na híola óir
atá dealbhaithe agaibh le bhur lámha ciontacha.

⁸ Rachaidh an Asaír síos roimh chlaíomh nach ón duine é
agus alfar é le claíomh nach daonna;
teithfidh sé ar aghaidh an chlaímh
agus déanfar sclábhaithe dá chuid óglach.

⁹ Tréigfidh sé a dhúnfort le tréan eagla
agus fágfaidh a thaoisigh an meirge le barr scéine.
Fáistine é seo ón Tiarna féin a bhfuil tine ar lasadh aige i Síón
agus foirnéis aige in Iarúsailéim.

Ceart an Rí

32 Is é an ceart is bun le ríogacht an rí
agus an chóir le flaitheas na bhflatha;

² is cosúil gach aon acu le foscadh ón ngoath, le fothain ón anfa,
amhail srutháin uisce i dtalamh tirim,
amhail fuarthan carraige móire i bhfearann spallta.



³ Ní bheidh sram ansin ar na súile a fheiceann,
beidh na cluasa a chloiseann ar bior,
⁴ beidh croí lucht luathintinne ag cleachtadh críonnachta
agus teanga na dtrudairí ag labhairt go héasca agus go soiléir;
⁵ ní thabharfar uasal feasta ar an amadán,
ná ní bheidh clú na cneastachta ar an gcaimiléirí.

Ní ionann don Amadán agus don Uasal

⁶ Óir bíonn an t-amadán ag stealladh amaidí
agus a chroí ag meabhrú an oilc,
chun an urchóid a chur i gcrích,
chun labhairt go hiomrallach faoin Tiarna,
chun an t-ocrach a fhágáil agus a bholg folamh
agus deoch a dhiúltú don té a bhfuil tart air.
⁷ Maidir leis an gcaimiléirí, tá a chaimiléireacht mallaithe;
bíonn sé ag ceapadh seifteanna chun na bochtáin a mhilleadh le bréaga,
fiú agus an ceart ag cúis na ndearóile;
⁸ ach an té atá uasal, is uasal dá bhearta,
agus an rud uasal, is é á chuireann sé i bhfeidhm.



Do Mhná Sócúilacha

- ⁹ A mhná an tsócúil, bígí in bhur seasamh,
éistigí le mo ghlór;
a iníonacha na rómhuiníne,
tugaigí cluas do mo chaint!
- ¹⁰ I gcionn bliana agus corradh
beidh sibh ar crith, a mhná na rómhuiníne,
óir meathfaidh barr na fíniúna;
fómhar ní bheidh ann ar aon chor.
- ¹¹ Bígí ar crith, a mhná an tsócúil,
bíodh buaireamh oraibhse atá rómhuiníneach;
bainigí díbh, nochtaigí sibh féin,
fáiscigí suas bhur gcóitiní oraibh!
- ¹² Buailigí bhur n-ucht
i ndiaidh na dtailte taitneamhacha,
i ndiaidh na fíniúna a bhí torthúil,
- ¹³ i ndiaidh dúiche mo mhuintire
mar a bhfuil sceacha agus driseacha ag fás,



i ndiaidh gach teach a raibh lúcháir ann
sa chathair chaithréimeach.

- ¹⁴ Óir tá an pálás tréigthe,
agus torann an bhaile ina thost;
beidh cnoc Oifil agus an Port Mór
ina bpluaiseanna go deo,
réimse macnais do na hasail allta,
féarach na dtréad.

Slánú ón Tiarna

- ¹⁵ Doirtfear orainn as an nua
an Spiorad ón aird thuas;
déanfar gairdín den fhásach ansin
agus fásfaidh an gairdín ina choill chraobhach.
- ¹⁶ Beidh an ceart ag lonnú san fhásach,
agus an gairdín ina áit chónaithe ag an gcóir;
- ¹⁷ an tsíocháin a bheidh mar thoradh ar an gcóir,
agus is é is tairbhe don cheart suaimhneas agus sábháilteacht go deo.



- ¹⁸ Lonnóidh mo phobal in áitreabh síochána,
i dtithe iontaofa, in ionaid chónaithe shócúlacha,
¹⁹ - leagfar an choill agus tabharfar béim síos don chathair.
²⁰ Is méanar daoibh ansin agus sibh ag cur síl le hais gach srutháin,
agus an damh agus an t-asal a scaoileadh agaibh saor amach.

Salm Dóchais

33 Och, a chreachadóir, agus tú féin gan creachadh,
a fheallaire nach ndearnadh feall ort fós!
nuair a bheidh deireadh le do chreachadh, déanfar creach ortsa;
nuair a bheidh críoch le feall agat, déanfar feall ort féin.

² A Thiarna, bí ceansa linn,
is leatsa atá ár súil.
Bí i do lámh shábhála againn gach maidin,
slánaigh sinn in aimsir trioblóide.

³ Le torann do theacht teitheann na ciníocha,
nuair a éiríonn tú, as go brách leis na náisiúin;
⁴ scuabtar suas a gcreach mar a scuabfadh lócaistí í,
tugtar áladh uirthi ar nós áladh de chuid na míolta sin.



⁵Tá an Tiarna in airde, mar tá a chónaí san aird thuas;
líonann sé Síón le ceart agus le cóir.

⁶Is é cúl taca na haimsire é;
an eagna agus an t-eolas, is iad sin an stór a shlánaíonn,
is í eagla an Tiarna is taisce dó.

Idirghabháil ón Tiarna

⁷Éist mar tá fir chalma ag gaoch ar chabhair os ard,
na teachtaí a cuireadh ag lorg síochána, tá siad ag gol go léanmhar.

⁸Tá na bealaí móra tréigthe,
níl aon duine ag taisteal na mbóithre.
Tá an conradh briste, agus drochmheas ar na finnétithe,
ní thugtar aird ar an duine a thuilleadh.

⁹Tá an tír ag mairgneach agus ag meath;
tá an Liobáin feoite le náire.
Is geall le gaineamhlach Seárón;
tá Báiseán agus Cairmeil suaite lomtha.

¹⁰“Anois,” arsa an Tiarna, “táimse ag éirí,
anois éireoidh mé i mo sheasamh, anois ardóidh mé mé féin.



- ¹¹ Caith is ea a ghabh sibh sa bhroinn, agus conlach a chuirfidh sibh ar an saol; tiocfaidh gaoth mar a bheadh tine ann chun sibh a alpadh.
- ¹² Beidh na ciníocha á ngoradh go dtí go bhfágtar ina luathreán iad, mar a bheadh dealgacha á ngearradh agus á gcur sa tine.
- ¹³ Sibhse atá i bhfad i gcéin, éistigí lena bhfuil déanta agam; agus a mhuintir anseo in aice liom, admháigí mo chumhacht.”
- ¹⁴ Tá uamhan ar na peacaigh i Síón, tá na haindiagaigh ar bhall amháin creatha. Iad ag fiafraí: “Cé againn a sheasfaidh loisceadh na tine seo? Cé acu againn a sheasfaidh na lasracha síoraí?”
- ¹⁵ An té a mhaireann go fíréanta, a labhraíonn go hionraic, agus a chuireann suas do bhrabús na héagóra, a bhagraíonn a lámh chun an bhreab a dhiúltú, a dhúnann a chluas i gcoinne beartais fhola agus a dhruideann a shúile chun nach bhfeicfeadh sé an t-olc
- ¹⁶ – beidh a chónaí siúd san aird thuas, dún suite ar charraig is ea a thabharfaidh dídean dó, soláthar cinnte aráin aige, agus uisce nach dtéann i ndísc.



An Ghlóir le Teacht

- ¹⁷ Feicfidh do shúile an rí seo ina áilleacht,
dearcfaidh siad ar dhúiche chianchríochach;
- ¹⁸ meabhróidh tú an rud a b'uafás croí duit:
Cá bhfuil sé siúd a bhíodh ag cuntas?
Cá bhfuil an té a dhéanadh an meá?
Cá bhfuil fear comháirimh na seod?
- ¹⁹ Go deo arís ní fheicfidh tú an cine barbartha,
cine na hurlabhra doiléire dothuisceana,
cine na briotaíola gan bhrí.
- ²⁰ Dearn ar Shíón, cathair ár gcuid féilte,
luíodh do shúile ar Iarúsailéim,
í ina háitreabh daingean, ina both nach dual di aistriú,
nach stoithfear a cuailí, nach mbrisfear a cordaí choíche.
- ²¹ Is ann is álainn don Tiarna inár bhfianaise,
ceantar aibhneacha agus sruthán craobhach,
mar nach dtrialann soitheach rámha ar bith,
mar nach seolann aon ártach arrachtach;
- ^{23a} tá a théada scaoilte,
ní choinníonn siad an crann seoil níos mó,
ní chrochann siad an comhartha in airde.



²² Óir is é an Tiarna ár mbreitheamh, is é an Tiarna ár reachtóir,
is é an Tiarna ár rí agus ár bhfuascailteoir.

^{23b} Roinnfear creach agus éadáil mhór ansin;
go fiú na bacaigh, déanfaidh siad slad.

²⁴ Níl áitreabhach a déarfaidh choíche arís: “Tá mé breoite”;
an pobal a lonnóidh ann, maithfear dóibh a gcionta go léir.

Críoch le hEadóm

34 Gabhaigí i leith, a chiníocha, go n-éiste sibh;
a phobala, tugaigí aire;
éisteadh an talamh agus gach a bhfuil ann,
an domhan cláir agus a shliocht go léir!

² Óir tá fearg ar an Tiarna leis na ciníocha ar fad,
tá sé i bhfíoch leis an slua acu go léir;
tá siad curtha faoi gheasa a millte aige,
tá siad tugtha suas aige don ár.

³ Tá a gcuid marbhán á gcartadh amach,
agus boladh ag éirí óna gcoirp;

tá a gcuid fola ina slaoda ar na sléibhte;

⁴ tá slua na spéartha ar fad ag titim as a chéile.



Tá na spéartha á gcornadh suas mar bheadh scrolla ann
 agus slua na reann ag feo,
 mar a bheadh craobhacha fíniúna ag feo,
 mar dhuilliúr feoite an chrann figí.

⁵ Óir tá mo chlaíomh ar maos sna spéartha ...
 Féach, tá sé ag tuirlingt ar Eadóm,
 ar an gcine atá daortha damhnaithe agam.

⁶ Tá claíomh ag an Tiarna agus é sách le fuil,
 tá sé bealaithe le blonag,
 le fuil na n-uan agus na ngabhar,
 le geir cheathrún na reithí.

Mar tá íobairt ag an Tiarna i mBozrá
 agus eirleach mór aige i bhfearann Eadóm.

⁷ Tá ciníocha ag titim mar a thitfeadh damhra allta,
 in ionad tarbh, tá pobal gaiscíoch á leagan.

Tá a dtalamh siúd múchta le fuil,
 agus a gcreáfóg á leasú le geir.

⁸ Óir lá díoltais ag an Tiarna atá ann
 agus bliain chúitimh ag curadh cosanta Shíón.



- ⁹ Beidh srutháin thír Eadóm arna n-iompú ina bpic agus a créafóg ina cloch ruibhe; tá an dúiche in aon dóiteán pice amháin.
- ¹⁰ Oíche nó lá ní théann múchadh uirthi, tá an toit ag dul suas uaithi de shíor; beidh ina fásach ó ghlúin go glúin, duine daonna ní ghabhfaidh tríthi go deo.
- ¹¹ Beidh sí ina gnáthóg ag an mbonnán buí agus ag an ngráinneog; beidh cónaí ann ag an scréachóg agus ag an bhfiach dubh; sínfidh an Tiarna dorú an éagrutha léi, agus leibhéal na foilmhe.
- ¹² Beidh [a n-áit chónaithe ag na púcaí inti]; ní bheidh a cuid uaisle ar fáil níos mó, ní ghairfear ríthe inti feasta agus beidh a taoisigh go léir ina neamhní.
- ¹³ Ina cuid pálás beidh sceacha ag fas, agus driseacha agus feochadáin ina dúnta; beidh sí ina huaimheanna ag madraí allta, mar áitreabh ag ulchabháin.



¹⁴ Casfaidh cait allta le faolchúnna inti,
 agus beidh na púcaí ansin ag glaoch ar a chéile;
 is inti a rachaidh an chailleach oíche ar ceathrúin,
 ar lorg suaimhnis di féin.

¹⁵ Déanfaidh an nathair a nead inti agus béarfaidh a cuid uibheacha;
 is inti a rachaidh sí ar gor agus a ligfidh amach a hál;
 is inti fós a bhaileoidh na seabhaic le chéile,
^{16c} gach aon acu agus a leathéan in éineacht leis.

^{16a} Cuardaigí i leabhar an Tiarna agus léigí;
 oiread agus ceann amháin níl in easnamh!
^{16b} Óir is é a bhéalsan a d'ordaigh é,
 agus a spioradsan a thug le chéile iad.

¹⁷ Óir tá a gcinniúint uile curtha ar chrainn aige.
 is í a lamhsan a roinn a gcuid orthu leis an dorú.
 Beidh seilbh acu uirthi go deo,
 beidh siad ina gcónaí inti ó ghlúin go glúin.

Breithiúnas Dé

35 Déanadh an díthreabh agus tír an triomaigh lúcháir,
 bíodh gairdeas ar an ngaineamhlach agus é faoi bhláth;



tagadh bláthanna air chomh tiubh leis an gcróch,
déanadh sé gairdeas le gártha agus le ceol.

² Maise na Liobáine tugtar dó,
scéimh Chairmell agus Sheárón lena chois sin;
beidh maise an Tiarna le feiceáil acu seo
agus scéimh an Dé seo againne.

³ Déanaigí láidir na lámha atá faonlag
agus cuirigí téagar sna glúine atá ag lúbadh;

⁴ abraigí le lucht an chroí mhearaithe:
“Músclaigí bhur misneach; ná bíodh eagla oraibh.

Breathnaigí! Is é bhur nDia atá ann,
tá sé chugaibh leis an díoltas atá ag dul daoibh;
Dia atá ann ag agairt a chúitimh,
agus é ag teacht do bhur slánú.”

⁵ Déanfar a súile do na daill an uair sin
agus réiteofar cluasa na mbodhar;

⁶ beidh an bacach ag léimneach mar a bheadh fia ann
agus teanga an bhalbháin ag gabháil ceoil le lúcháir.
Óir brúchtfaidh uisce aníos san fhásach



agus srutháin i bhfearann an triomaigh;
⁷ déanfar linn den talamh spallta
 agus toibreacha uisce de thír an tarta.

Na huaimheanna mar a dtéadh na madraí allta a chónaí,
 beidh siad ina mothar cíbe agus giolcach ...

⁸ Beidh bealach mór agus bóthar ansin
 a dtabharfar mar ainm air an Bealach Beannaithe;
 ní shiúlfaidh an neamhghlan an treo sin,
 ná ní bheidh lucht baoise ag fánaíocht ar a fhad.

⁹ Ní bheidh leon ar bith ansin feasta
 ná aon chreachadóir d'ainmhí allta;
 ach an dream atá i ndiaidh a bhfuascailte, is iad a shiúlfaidh é,
¹⁰ agus an dream atá saortha ag an Tiarna, leanfaidh siad abhaile é.

Tiocfaidh siad go Síón, ag liúireach le gairdeas,
 agus aoibhneas síoraí ina choróin ar a gceann;
 tiocfaidh áthas agus aoibhneas ag triall ina gcuideachta,
 agus beidh casaoid agus crá bailithe leo ar shiúl.



Ionradh Shanaichéiríb

36 Sa cheathrú bliain déag de réimeas an rí Hiziciá, thug Sanaichéiríb, rí na hAsaíre, faoi dhúnbhailte Iúdá agus ghabh sé iad. ²Ó Láicis chuir rí na hAsaíre an tArdoifigeach mar aon le slua mór saighdiúirí ag triall ar Hiziciá rí in Iarúsailéim. Thóg siad ionad in aice le sileán na Linne Uachtair ar an mbóthar go Gort an Úcaire. ³Chuaigh reachtaire an pháláis Eiliácaím mac Hilcíá, Seabná an rúnaí, agus Ióách mac Ásáf an callaire, chuaigh siad amach ina airicis. ⁴Dúirt an tArdoifigeach leo: “Abraigí le Hiziciá gurb í seo teachtaireacht an rí mhóir, rí na hAsaíre: Cad is bun leis an muinín seo agat? ⁵An dóigh leat gur fiú focail bhaotha comhairle agus laochas chun cogaidh? Cé air a bhfuil tú ag brath anois gur éirigh tú amach i m’éadan? ⁶Ar an Éigipt? Más ea, tá tú ag brath ar shifín briste nach ndéanann ach lámh aon duine atá ag baint taca as a tholladh is a threaghdadh. Mar sin atá ag Forann, rí na hÉigipte, le daoine a chuireann a muinín ann. ⁷Déarfaidh sibh liom, b’fhéidir: ‘Is sa Tiarna ár nDia atá ar muinín,’ ach nár leis siúd na hardáin bheannaithe agus na haltóirí a thóg Hiziciá chun siúil, á rá le muintir Iúdá agus Iarúsailéim: ‘Is os comhair na haltóra seo amháin a sléachtfaidh sibh.’ ⁸Seo anois, cuir an geall seo le mo thiarna rí na hAsaíre: Tabharfaidh mé dhá mhíle each duit ach tú marcaigh a chur ar fáil dóibh. ⁹An gcuirfidh tú suas fiú don duine is lú de shearbhóntaí mo thiarna, agus tú ag brath ar an Éigipt le haghaidh carbad agus marcach? ¹⁰Rud eile fós, an dóigh leat gur gan fhios agus ar neamhchead don Tiarna atá mé i ndiaidh a theacht chun an tír seo a ionsaí agus a scrios? Ní amhlaidh; ach an Tiarna féin a dúirt liom: ‘Gabh suas i gcoinne na tíre sin agus scrios í!’”



¹¹Dúirt Eiliácaím, Seabná agus Ióách leis an Ardoifigeach: “Má is é do thoil é, labhair linn do sheirbhísigh in Aramais, óir tuigimid í; ná labhair linn in Eabhrais in éisteacht an phobail atá ar na ballaí.” ¹²Ach dúirt an tArdoifigeach leo: “An le do thiarna agus leatsa a chuir mo thiarnasa uaidh mé le seo á rá? Ní hea, ach leis na daoine seo atá ina suí ar na ballaí agus gur dual dóibh a gcac féin a ithe agus a mún féin a ól bhur ndála féin?”

¹³Ansin d’éirigh sé ina sheasamh agus scairt sé amach in ard a chinn in Eabhrais: “Éistigí le teachtaireacht an rí mhóir, rí na hAsaíre! ¹⁴Seo iad focail an rí: Ná cuireadh Hiziciá an dallamullóg oraibh! Ní bheidh sé in ann sibh a shábháil. ¹⁵Ná bíodh muinín agaibh as an Tiarna ar chomhairle Hiziciá, agus é á rá: Tiocfaidh an Tiarna ár dtarrtháil cinnte, ní ghéillfear an chathair seo suas do rí na hAsaíre. ¹⁶Ná héistigí le Hiziciá, óir seo iad focail rí na hAsaíre: Déanaigí síocháin liomsa, ¹⁷géilligí domsa agus beidh gach duine agaibh ag ithe toradh a fhíniúna féin agus a chrann figí féin, agus ag ól uisce a umair féin, go dtí go dtaga mise chun sibh a thabhairt go tír cosúil le bhur dtír féin, tír gráin agus fíona, tír aráin agus fíonghort. ¹⁸Ná cuireadh Hiziciá amú sibh, á rá: ‘Sábhálfaidh an Tiarna sibh.’ An bhfuil dia ar bith de dhéithe na náisiún a bhí in ann a thír a shábháil ar rí na hAsaíre? ¹⁹Cá bhfuil déithe Hamát agus Arpád? Cá bhfuil déithe Shafaravaím? Cá bhfuil déithe thír na Samáire? Ar shábháil siad an tSamáir orm? ²⁰De dhéithe na dtíortha uile, cé acu a shábháil a dtír orm? Agus cén chaoi a bhfuil an Tiarna le Iarúsailéim a shábháil?”

²¹D’fhan na daoine ina dtost gan focal astu, óir ba é a d’ordaigh an rí dóibh: “Ná tugaigí freagra air.” ²²Tháinig reachtaire an pháláis Eiliácaím mac Hilcíá, Seabná an rúnaí



agus Ióách mac Ásáf an callaire, tháinig siad ar ais i láthair Hiziciá agus a gcuid éadaigh stróicthe acu, agus d’inis dó ar dhúirt an tArdoifigeach.

Comhairle Íseáia Fáidh á Lorg

37 Ar a chlos sin dó, stróic an rí Hiziciá a chuid éadaigh, chuir éadach róin air féin agus chuaigh isteach i dTeampall an Tiarna. ²Chuir sé reachtaire an pháláis Eiliácaím, Seabná rúnaí agus seanóirí na sagart, iad go léir gléasta in éadach róin, go dtí an fáidh Íseáia mac Ámóz. ³Dúirt siad leis: “Seo teachtaireacht ó Hiziciá: Lá anbhuaine is ea é seo, lá aithise agus náire. Tá na leanaí i mbéal a mbreithe agus níl an neart ann lena saolú. ⁴Éisteadh an Tiarna do Dhia le focail an Ardoifigh a chuir rí na hAsáire uaidh chun an Dia beo a mhaslú, agus baineadh sé éiric amach sna focail a chuala sé! Cuir suas paidir ar son an fhuíll atá fágtha.”

⁵Nuair a bhí airí an rí Hiziciá tagtha i láthair Íseáia, ⁶dúirt seisean leo: “Déarfaidh sibh le bhur máistir: Seo é briathar an Tiarna: Ná bíodh eagla ort tar éis a bhfuil cloiste agat nuair a bhí giollaí rí na hAsáire ag caitheamh masla liom. ⁷Tá mé chun spiorad a chur ann agus cloisfidh sé scéala a thabharfaidh ar ais chuig a thír féin é; cuirfidh mé faoi deara go dtitfidh sé leis an gclaíomh ansin.

An tArdoifigeach ar ais Arís

⁸D’imigh an tArdoifigeach leis ar ais agus fuair sé rí na hAsáire ag déanamh ionsaí ar Libneá, mar bhí cloiste aige go raibh sé tar éis Láicis a fhagáil. ⁹Ach nuair a fuair Sanaichéirib scéala go raibh Tiorhácá, rí Chúis, ar a bhealach chun cath a chur air, chuir



sé teachtairí ionsar Hiziciá an dara huair lena rá leis: ¹⁰“Seo mar a labhróidh sibh le Hiziciá, rí Iúdá: An Dia seo agat a bhfuil do mhuintir ann, ná cuireadh sé amú thú lena gheallúint nach dtabharfar Iarúsailéim isteach i lámha rí na hAsaíre. ¹¹Chuala tú cinnte a bhfuil déanta ag ríthe na hAsaíre ar na tíortha go léir, á dtabhairt suas don léirscrios, agus an dóigh leat go dtiocfaidh tusa slán? ¹²Ar fhéad a gcuid déithe na náisiúin a chreach mo shinsir a tharrtháil – Gózán, Hárán, Reizif, agus muintir Éidin a bhí i dTeil [Básár]? ¹³Cá bhfuil siad, na ríthe a bhí ar Hamát, Arpád, Safarvaím, agus ar Haena agus Íveá?”

¹⁴Thóg Hiziciá an litir ó lámha na dteachtairí agus léigh í. Ansin chuaigh sé suas go Teampall an Tiarna agus spreigh sé amach os comhair an Tiarna í. ¹⁵Agus chuir Hiziciá suas an phaidir seo i láthair an Tiarna: ¹⁶“A Thiarna na Slua, a Dhia Iosrael, atá anseo i do shuí ríoga ar na ceiribíní, is tusa aon Dia ríochtaí an domhain ar fad, is tusa a rinne neamh agus talamh.

¹⁷Claon do chluas chugam, a Thiarna, agus éist liom; oscail do shúile, a Thiarna, agus amharc orainn. Éist le focail Shanaichéiríbh a chuir sé uaidh a mhaslú Dé bheo.

¹⁸“Tá sé fíor, a Thiarna, gur chreach ríthe na hAsaíre na náisiúin go léir agus a gcuid tailte; ¹⁹chaith siad a ndéithe sa tine, óir ní déithe a bhí iontu ach saothar ó lámha daoine, adhmaid agus cloch; agus ar an ábhar sin, cuireadh ar ceal iad. ²⁰Ach anois, a Thiarna, a Dhia linn, sábháil sinn ar a neart, impím ort, agus bíodh fhios ag náisiúin uile an domhain gur tú amháin is Dia ann, a Thiarna!”



Eadráin Íseáia

²¹ Ansin chuir Íseáia mac Ámóz an teachtaireacht seo chuig Hiziciá: “Seo mar a deir an Tiarna, Dia Iosrael, de thairbhe na paidre a chuir tú suas chugam mar gheall ar Shanaichéirib, rí na hAsaíre. ²² Seo é an fógra a thug an Tiarna uaidh ina choinne:

Caitheann sí tarcaisne, caitheann sí achasán leat,
 an mhaighdean, iníon Shíón;
 craitheann sí a ceann ar do chúla,
 iníon Iarúsailéim.

²³ Cé dhó ar thug tú masla agus aithis?
 Cé ina choinne ar labhair tú in ard do chinn
 agus ar bhreathnaigh tú suas go sotalach?
 I gcoinne Neach Naofa Iosrael!

²⁴ Trí do ghiollaí thug tú masla don Tiarna.
 Dúirt tú: Le hiomad mo charbad
 chuaigh mé suas ar mhullach na sléibhte,
 ar bheanna iargúlta na Liobáine.
 Ghearr mé anuas an chuid is airde dá céadrais,
 an chuid is áille dá cufróga.



Bhain mé amach an ascaill is uaigní ann
agus na cluainte i lár a cuid caschoille.

²⁵ Thochail mé toibreacha agus d'ól mé uiscí na coigríche;
thriomaigh mé le bonn mo choise
srutháin na hÉigipte go léir.

²⁶ An ea nár chuala tú? Fadó riamh
a bhí sin leagtha amach agam;
sna laethe anallód a bheartaigh mé é,
anois tá sé á chur i gcrích agam.
Ba é ba chinniúint duitse
dúnbhailte a réabadh ina mollta conamair.

²⁷ Bhí a lucht cónaithe gan lúth na lámh,
lán uafáis agus scéine,
ar nós lusra na mbánta agus na scratha glasa,
féar bharr na dtithe agus na ngort
á sheargadh ag an gaoth anoir.

²⁸ Is eol dom nuair a éiríonn tú agus nuair a shuíonn tú,
nuair a ghabhann tú amach agus isteach.

²⁹ Ó tharla gur thug tú aghaidh do chraois orm
agus gur tháinig do shotal fad le mo chluasa,
cuirfidh mé fáinne i do shrón



agus mo bhéalbhach le do bheola,
 agus déanfaidh mé thú a chinnireacht ar ais,
 siar an bealach a tháinig tú!

Comhartha le haghaidh Hiziciá

- ³⁰ Beidh sé seo ina chomhartha agat:
 Íosfar i mbliana grán a d'fhás ar bhranar
 agus an bhliain seo chugainn a bhfásann as sin arís,
 ach an tríú bliain, cuirigí síol agus bainigí fómhar,
 cuirigí fíonghoirt agus ithigí a dtoradh.
- ³¹ An fuílleach a bheidh fágtha de theaghlach Iúdá,
 cuirfidh sé amach fréamhacha úra thíos agus toradh ar barr.
- ³² Óir as Iarúsailéim rachaidh fuíoll áir amach
 agus iarmhar ó shliabh Shíón.
 Dúthracht Thiarna na Slua a chuirfidh an méid sin i gcrích.

Fáistine i dtaoibh na hAsaíre

- ³³ Mar sin, seo é briathar an Tiarna i dtaobh rí na hAsaíre:
 Ní thiocfaidh sé sa chathair seo isteach,
 saighead ní scaoilfidh sé inti,



sciath ní ardóidh sé ina coinne,
Ní thógfaidh sé múr léigir ina haghaidh.

³⁴ An bealach a tháinig sé, fillfidh sé ar ais;
ní thiocfaidh sé isteach sa chathair seo – briathar an Tiarna.

³⁵ Déanfaidh mé an chathair a chaomhnú agus a shábháil
ar mo shon féin agus ar son Dháiví, mo shearbhónta.”

Oidhe Shanaichéir íb

³⁶ An oíche chéanna sin, chuaigh aingeal an Tiarna amach agus bhuail sé céad agus a hochtó cúig míle fear i gcampa na nAsáireach. Tráth dúiseachta ar maidin, bhí siad go léir sínte marbh. ³⁷ Scor Sanaichéir íb a champa ansin agus d’imigh sé abhaile go Nínivé agus chuir sé faoi ann. ³⁸ Lá amháin, agus é ag adhradh i dteampall Niosroc, an dia a bhí aige, tháinig a bheirt mhac, Adraimeilic agus Seaireizir, agus mharaigh siad é le claíomh agus d’imigh ar a seachnadh go tír Ararat. Rinneadh rí dá mhac Éasarchadón ina ionad.

Galar agus leigheas Hiziciá

38 Sna laethanta sin, buaileadh Hiziciá tinn agus bhí sé le bás. Tháinig an fáidh Íseáia mac Ámóz chuige agus dúirt leis: “Seo mar a deir an Tiarna: Déan do thiomna le do theaghlach, mar tá an bás agat; níl téarnamh i ndán duit.” ² D’iompaigh Hiziciá a aghaidh ar an mballa agus chuir sé suas an phaidir seo chuig an Tiarna: ³ “Uch, a Thiarna,



cuimhnigh, impím ort, mar a d’iompair mé mé féin i d’fhianaise le dílseacht agus faoi chroí mór maith, agus an rud a bhí maith i do shúile á dhéanamh agam.” Agus chaoin sé uisce a chinn.

⁴ Ansin ligeadh briathar an Tiarna le hÍseáia: ⁵“Gabh agus abair le Hiziciá: Seo mar a deir an Tiarna, Dia Dháiví do shinsear: Tá d’urnaí cloiste agam agus do dheora feicthe agam. Tá mé chun tú a leigheas; faoi chionn trí lá, rachaidh tú suas go Teampall an Tiarna. Cuirfidh mé cúig bliana déag le do shaol. ⁶Scaoilfidh mé saor thú as láimh rí na hAsáire, agus déanfaidh mé an chathair seo a chumhdach.”

²¹ Dúirt Íseáia: “Cuirigí ceirín figí ar an neascóid agus tiocfaidh biseach air.” ²² Dúirt Hiziciá: “Cén comhartha a bheidh agam go rachaidh mé suas go Teampall an Tiarna?” ⁷ D’fhreagair Íseáia: “Seo duit ón Tiarna an comhartha go ndéanfaidh sé an rud a dúirt sé. ⁸ Bí ag coimhead scáth na gréine ar chéimeanna Áchaz, tabharfaidh mé air filleadh deich gcéimeanna ar ais.” Agus d’fhill an ghrian ar ais na deich gcéimeanna a bhí sí tar éis a dhul síos.

Duan le Hiziciá

⁹ Duan Hiziciá, rí, Iúdá, ar ócáid a leigheasta ón ngalar a bhí air.

¹⁰ Bhí mé á rá: i mbláth mo mhaitheasa
ní foláir dom imeacht liom
go geataí Seól síos; is ann a choinneofar mé
ar feadh a bhfanann agam de bhlianta.



¹¹ Bhí mé á rá: Ní fheicfidh mé an Tiarna níos mó
i dtír na mbeo,
ní fheicfidh mé a thuilleadh
aon duine de mhuintir an tsaoil seo.

¹² Tá m'áit chónaithe bainte dhíom,
tá sí stoite ar nós an phubail a bhíonn ag aoirí;
mar a dhéanfadh fíodóir, tá mo shaol cornta suas agat,
agus tú ar tí an uige a ghearradh.

Ó mhaidin go faoithin tá tú do mo thabhairt chun críche,

¹³ agus mé ag screadaíl ansin go teacht na maidine;
tá mo chnámha ina gconamar, mar bhrisfeadh leon iad,
ó mhaidin go faoithin tá tú do mo thabhairt chun críche.

¹⁴ Mar a bheadh fáinleog ann, tá mé ag bíogarnach,
tá mé ag olagón ar nós colúir;
tá mo shúile á n-iompú agam i dtreo na n-ard,
amharc i mo dhiaidh agus bí i d'urra agam.

¹⁵ Cad is féidir liom a rá, ná a chaitheamh suas leis an Tiarna,
ó tharla gurb é féin a rinne an beart seo;
beidh mé ag fánaíocht romham an dá lá a mhairfidh mé,
agus m'anam go goirt ionam istigh.



- ¹⁶ Ach, a Thiarna, ina dhiaidh sin beidh m'anam beo i do chuideachta;
is tú a thabharfaidh suaimhneas do mo spiorad.
Beidh fáil ar théarnamh agam agus fadú saoil.
- ¹⁷ Óir an donas seo, tá sé á chlaochlú ina shéan;
is tú a shábháil mé ar dhuibheagán an neamhní,
óir chaith tú ar do chúla mo pheacaí go léir.
- ¹⁸ Ní thugann Seól moladh duit,
ní féidir don Bhás tú a cheiliúradh;
an dream a théann síos sa duibheagán,
níl dóchas acu as do dhílseacht níos mó.
- ¹⁹ An beo, an beo amháin a cheiliúrann thú,
mar a dhéanaim féin inniu.
Athair mé ag meabhrú do dhílseachta dá chlann.
- ²⁰ Tá an Tiarna i ngar chun mé a shábháil;
mar sin seinnfimid ceol molta ar théada
laethanta uile ár saoil os comhair Theampall an Tiarna.



Ambasáid ón mBablóin

39 San am sin, chuir Marodac Baladán mac Bhaladán, rí na Bablóine, chuir sé litreacha agus bronntanas chuig Hiziciá, mar gur chuala sé trácht ar a bhreitheacht agus ar a théarnamh. ²Ba mhór le Hiziciá sin agus thaispeáin sé do na teachtairí a státchiste, idir ór agus airgead, idir spíosra agus ola luachmhar, chomh maith lena armlann agus gach a raibh ina chuid stóras. Dada ní raibh ina phálás ná ina chríocha ar fad nár thaispeáin Hiziciá dóibh.

³Ansin tháinig an fáidh Íseáia fá dhéin an rí Hiziciá agus d'fhiafraigh de: “Cad dúirt na daoine sin agus cá has ar tháinig siad go dtí tú?” D’fhreagair Hiziciá: “Tháinig siad ó thír i bhfad i gcéin, ón mBablóin.” ⁴D’fhiafraigh Íseáia arís: “Cad a chonaic siad i do phálás?” D’fhreagair Hiziciá: “Chonaic siad gach a bhfuil i mo phálás: Níl ní ar bith i mo chuid stóras nár thaispeáin mé dóibh.”

⁵Ansin dúirt Íseáia le Hiziciá: “Éist le briathar Thiarna na Slua! ⁶Tiocfaidh na laethanta a dtabharfar ar shiúl chun na Bablóine gach a bhfuil i do phálás, gach ar chuir do shinsir i dtoll a chéile go dtí an lá inniu. Ní fhágfar aon ní, a deir an Tiarna. ⁷Cuid de do chlann mhac féin a shaolófar duit, tabharfar ar shiúl iad agus beidh siad ina gcoillteáin i bpálás rí na Bablóine.” ⁸Dúirt Hiziciá le hÍseáia ansin: “Briathar sin an Tiarna agat, is dea-scéala é.” Óir ba é a bhí ina aigne: “Beidh síocháin agus slándáil ann le mo ré féin.”



An Dara Cuid

Leabhar Shólás Iosrael

Gairm an Fháidh

40 “Sólás, beirigí sólás chuig mo mhuintir,”
a deir bhur nDia.

² “Labhraigí le croí Iarúsailéim agus fógraigí di
go bhfuil aimsir a seirbhíse istigh,
go bhfuil a peaca maite,
go bhfuair sí ó lámh an Tiarna
pionós faoi dhó ina cionta go léir.”

³ Tá glór ag fógairt:
“Réitigí cosán san fhásach
le haghaidh an Tiarna.
Déanaigí díreach thar an machaire
bealach mór dár nDia.

⁴ Líontar isteach gach gleann,
agus íslítear gach sliabh agus gach cnoc;



déantar achréidh de na hailteanna
agus míntír den gharbhchríoch.

⁵ Ansin foilseofar glóir an Tiarna
agus feicfidh an uile fheoil í in éineacht.
Óir tá béal an Tiarna tar éis labhairt.”

⁶ Deir glór: “Glaoih!”
agus deirimse ar ais: “Cad a ghlaofaidh mé?”
– “Tá an uile fheoil mar an féar
agus a scéimh ar fad mar bhláth an mhachaire.

⁷ Feonn an féar, tréigeann an bláth,
nuair a shéideann anáil an Tiarna orthu.
(Is ea, is é an pobal an féar.)

⁸ Feonn an féar, tréigeann an bláth,
ach seasann briathar ár nDé go deo.”

Foilsíú Dé á Fhógairt

⁹ Suas leat ar shliabh ard,
a challaire an dea-scála chuig Síón.
Ardaigh do ghlór go láidir,
a challaire an dea-scála chuig Iarúsailéim.



Ardaigh do ghlór gan eagla,
abair le bailte Iúdá:

“Seo é bhur nDia.”

- ¹⁰ Féach an Tiarna Dia ag teacht lena neart,
agus a lámh ag smachtú roimhe!
Tá a luach saothair leis ina sheilbh,
agus a éadáil ag dul roimhe amach.
- ¹¹ Mar a dhéanfadh aoire ag aoireacht a thréada dó,
ag bailiú na n-uan chuige ina bhaclainn,
á n-iompar ar chlár a uchta
agus ag fosaíocht na gcaorach tórmaigh.

Mórgacht Dé

- ¹² Cé a thomhais i gcroí a bhoise uiscí na farraige
agus a leag amach na spéartha lena réise?
a chruinnigh cré na talún i miosúr,
a rinne na sléibhte a mheá sna scálaí
agus na cnocáin in ainsiléad?
- ¹³ Cé a thabharfadh treoir do spiorad an Tiarna
nó cén comhairleoir a thabharfadh teagasc dó?



- ¹⁴ Cé air a d'iarrfadh sé comhairle chun breithiúnas,
chun eolas a chur ar bhealach na córach,
chun slí na tuisceana a aimsiú?
- ¹⁵ Féach, tá na ciníocha mar bheadh braon i mbuicéad aige!
níl iontu ach deannach ar an ainsiléad.
Tógann sé suas na hoileáin mar nach mbeadh iontu ach dúlagáin.
- ¹⁶ Níor leor an Liobáin ar fad le haghaidh connaidh,
ná níor leor a hainmhithe le haghaidh íobairt loiscthe.
- ¹⁷ Is cuma na ciníocha nó neamhní ina láthair;
is baoth leis iad agus is lú ná neamhní.
- ¹⁸ Cé leis mar sin a chuirfidh sibh Dia i gcosúlacht?
Cén tsamhail a thabharfaidh sibh dó?
- ¹⁹ Íol, an ea? Rud a theilgeann ceardaí i múnla,
a gcuireann gabha screamh óir air,
agus a ngaibhníonn sé slabhraí airgid dó.
- ²⁰ Lorgann snoíodóir cliste adhmaid crann pailme dó,
adhmaid nach lobhann, chun dealbh théagartha a chur suas.

41 [⁶Cuidíonn duine lena chomharsa,
agus deir lena bhráthair: “Misneach!”]



⁷ Spreagann an ceardaí an gabha óir;
 gríosaíonn fear an chasúir ghreanta fear buailte na hinneona.
 Deir sé faoin phlátáil: “Tá sé déanta go maith.”
 Agus daingníonn le tairní é sa chaoi nach mbogfaidh sé.]

40²¹ An ea nárbh eol daoibh? An ea nár chuala sibh?
 An ea nár insíodh daoibh é ón tús?

An ea nach bhfuil sé tuigte agaibh ó bunaíodh an domhan?

²² Tá cónaí air in airde os cionn roth na cruinne,
 agus a muintir sin ar nós dreoilíní teaspaigh.
 Leath sé amach na spéartha mar a bheadh brat iontu,
 spréigh sé amach iad ar nós both chónaithe.

²³ Cuireann sé na huachtaráin ó chrích,
 agus breithiúna na talún ar neamhní.

²⁴ Ní luaithe beangán nó síol uathu i dtalamh,
 ní luaithe fréamh curtha síos ag a ngas
 ná séideann sé orthu. Seargann siad ar an toirt
 agus tugann an stoirm ar shiúl iad ar nós coinlín.

²⁵ “Cé leis a shamhlóidh sibh mé,
 nó an bhfuil mo leithéid eile ann,” a deir an Neach Naofa.

²⁶ Tógaigí bhur súile in airde ansin agus breathnaigí:
 Cé a chruthaigh na réanna úd



murarb é an té a scarann amach in eagar slua iad
agus a ghlaonn orthu go léir ina n-ainm?

Tá a chumhacht chomh mór sin agus a neart chomh láidir
nach bhfuil aon cheann acu a loiceann air.

Uilechumhacht Dé

²⁷ Cén fáth a ndeir tú, a Iacóib,
agus a maíonn tú, a Iosrael:
“Tá mo chinniúint ceilte ar an Tiarna
agus mo cheart scaoilte thairis ag mo Dhia”?

²⁸ An ea nach bhfuil fhios agat?
An ea nach eol duit é?

Dia síoraí is ea an Tiarna,
is é a chruthaigh críocha na talún.
Ní thagann tuirse air ná traochadh
agus níl léamh ar a eagna.

²⁹ Tugann sé neart don té atá tuirseach,
cuireann fuinneamh arís sa té atá lag.

³⁰ Fiú an t-aos óg, bíonn siad tuirseash traochta,
agus baintear tuisliú as fir óga chomh maith.



³¹ Ach an dream a bhfuil a súil leis an Tiarna, tagann neart úr iontu, éiríonn siad ar eítí mar a bheadh iolair.
Ritheann siad gan a bheith cortha,
siúlann siad rompu gan tuirse a theacht orthu.

An Rí Cíoras á Ghairm

41 Bígí in bhur dtost i mo láthair, a insí na farraige,
déanadh na ciníocha a neart a athnuachan;
tagadh siad chun tosaigh agus labhraíodh siad.
Tagaimis le chéile i láthair an bhreithiúnais, mise agus iad.

² “Cé a mhúscaíl é siúd as an Oirthear,
a bhfuil an bua ag fáiltiú roimhe gach áit a dtriallann sé?
Cé a thugann na ciníocha ar láimh dó
agus a thugann béim síos do na ríthe os a chomhair?

Déanann a chlaíomh deannach díobh
agus scaipeann a bhogh iad ina gcoinleach cáite.

³ Cuireann sé an ruaig orthu agus ar aghaidh leis san sábháilte
is ar éigean má bhaineann a chosa leis an mbealach.



- ⁴ Cé hé a rinne an gníomh seo,
murarb é an té a ghlaonn ar na glúine ó thosach?
Mise, an Tiarna, atá i dtús ann
agus a bheidh ar deireadh; is mise é!”
- ⁵ Feiceann insí na farraige é agus gabhann eagla iad,
tá an talamh ar crith ó cheann ceann;
tá siad ag tarraingt orainn, tá siad i láthair.

Tá Dia i bhFochair Iosrael

- ⁸ Is tusa, a Iosrael, mo ghiolla;
tusa, a Iacóib, atá tofa agam,
síol Abrahám, mo chara.
- ⁹ Tusa a thug mé ó chríocha na talún
agus ar ghlaigh mé ort ó iargúil na cruinne;
tusa ar dhúirt mé leat: “Is tú mo ghiolla,
tá tú tofa agam, níor thug mé droim láimhe leat.”
- ¹⁰ Ná bíodh eagla ort, tá mise i d’fhochair;
ná bíodh faitíos ort, mar is mé do Dhia.



Cuirimse neart ionat agus cuidím leat,
coinním suas le mo dheasláimh bhuach thú.

¹¹ Sea, beidh náire agus ceann faoi orthu,
iad siúd uile a bhí go fíochmhar i do choinne.
Beidh siad mar neamhní agus rachaidh siad ar ceal,
an dream a bhí ag iomaíocht leat.

¹² Beidh tú á lorg agus ní bheidh fáil agat orthu,
na céilí comhraic seo agat;
díseofar iad, cuirfear ar neamhní iad,
an dream atá ag cur catha ort.

¹³ Óir mise, an Tiarna, do Dhia,
tá greim agam ar do láimh dheas;
deirim leat: “Ná bíodh eagla ort,
táimse ag teacht i gcabhair ort.”

¹⁴ Ná bíodh eagla ort, a Iacóib, a chnumhógín,
a fhrídín, a Iosrael.
Táimse ag teacht i gcabhair ort – briathar an Tiarna –
is é Neach Naofa Iosrael d’fhuascailteoir.



- ¹⁵ Seo, tá mé chun cliath buailte a dhéanamh díot,
é úrnua agus dhá chíor fiacal ann.
Buailfidh tú agus meilfidh tú na sléibhte,
déanfaidh tú lóchán mín de na cnoic.
- ¹⁶ Cáithfidh tú iad agus tabharfaidh an ghaoth ar shiúl iad,
cuirfidh an stoirm scaipeadh orthu.
Maidir leat féin, beidh lúcháir ort sa Tiarna,
beidh tú ag déanamh mórtais as Neach Naofa Iosrael.

Éachta an Eaxodus Nua

- ¹⁷ Tá na dearóile agus na bochtáin ag lorg uisce, agus níl sé ann.
Tá an teanga spallta iontu le tart.
Ach mise, an Tiarna, tabharfaidh mé éisteacht dóibh,
mise, Dia Iosrael, ní thréigfidh mé iad.
- ¹⁸ Ar na dumhcha osclóidh mé aibhneacha
agus fuaráin uisce i lár na ngleannta.
Déanfaidh mé lochán den ghaineamhlach
agus toibreacha den talamh tirim.



- ¹⁹ San fhásach cuirfidh mé crainn chéadrais,
crainn acáise agus crainn mhiortail agus crainn olóige.
Sa díthreabh cuirfidh mé an t-aiteal,
crann plána agus cufróg le hais a chéile.
- ²⁰ Chun go bhfeice daoine agus go n-aithní siad,
chun go meabhraí siad agus go dtuige siad le chéile
gurb í lámh an Tiarna a rinne an méid sin,
gurb é Neach Naofa Iosrael a chuir i gcrích.

Is é an Tiarna an t-aon Dia amháin

- ²¹ “Tugaigí bhur gcúis i láthair,” a deir an Tiarna;
“déanaigí bhur bpléadáil,” a deir rí Iacóib.
- ²² “Tagadh siad chun tosaigh, na déithe bréige seo,
agus foilsíodh siad dúinn cad tá le titim amach.
Cad a thaispeáin siad dúinn san am atá thart
go dtabharfaimis aird ar bith orthu?
Nó an é go bhfuil sibh chun na rudaí atá le teacht a nochtadh
chun go mbeidh a fhios againn an toradh a bheidh orthu.
- ²³ Foilsígí dúinn cad a bheidh ann amach anseo,
chun go bhfeice muid an déithe sibh.



Déanaigí rud éigin, olc, maith nó dona,
chun go n-airí muid agus go bhfeice muid go léir é.

²⁴ Ar ndóigh, ní dada sibh agus is neamhní bhur saothar,
is gráiniúil an rud é dul i bpáirt libh.”

Bua Chíorais sa Tairngreacht

²⁵ Mhúscaíl mé as an Tuaisceart é agus tháinig sé,
ghlaoigh mé air as an Oirthear ina ainm.

Shatail sé ar mhaoir chúige mar a bheadh láib iontu,
mar a dhéanfadh potaire a chuid cré a phasáil.

²⁶ Cé a d’fhoilsigh é anallód, go mbeadh a fhios againn?
fadó riamh, chun go ndéarfai: “Tá sé ceart”?

Ach ní raibh duine ar bith ann a d’fhoilsigh é,
duine ar bith a d’fhógair é,
duine ar bith a chuala focal uait.

²⁷ Bhí sé ráite agam le Síón roimh ré: “Seo chugainn iad”;
bhí teachtaire dea-scéala curtha agam chuig Iarúsailéim.

²⁸ Bhí mé ag breathnú uaim agus ní raibh aon duine ann,
ní raibh ceann comhairle ar bith ina measc
go bhféadfainn ceist a chur air agus a thabharfadh freagra dom.



²⁹ Ní dada iad agus iad a chur le chéile;
neamhní is ea a n-oibreacha,
níl ina gcuid íol ach gaoth agus baois.

Céad Amhrán Ghiolla an Tiarna

4 Seo é mo ghiolla a bhfuil mé ag tabhairt taca dó,
mo rogha a bhfuil páirt mo chléibhe leis.
Tá mo spiorad curtha anuas agam air
chun go bhfoilsí sé an ceart do na ciníocha.

² Gaoch ná gáir ní chuireann sé as,
ná ní chloistear a ghlór sa tsráid amuigh.

³ Ní bhriseann sé an sífín brúite,
ná ní mhúchann an lasair chreathanach.

Soláthraíonn sé an ceart go dílis,
⁴ ní chreathann sé féin ná ní bhrúitear síos é
nó go mbeidh an ceart bunaithe ar talamh,
óir tá críocha na farraige ag dréim lena reacht.

⁵ Is amhlaidh a deir an Tiarna Dia,
an té a chruthaigh na spéartha agus a spréigh amach iad,



a phasáil amach an talamh agus a thug toradh ann,
a chuir anáil sna daoine atá ina gcónaí air
agus meanma sa dream a shiúlann é:

⁶ Mise, an Tiarna, ghlaigh mé ort san fhíríantacht,
rug mé ar láimh ort agus rinne mé thú a mhúnlú,
agus cheap mé thú i do chonradh leis an bpobal
agus i do sholas do na ciníocha,

⁷ chun súile na ndall a oscailt,
chun na cimí a scaoileadh as an gcarcair
agus as an bpríosún an dream atá ina suí sa dorchadas.

⁸ Mise, arb é an Tiarna is ainm dom,
ní ligfidh mé mo ghlóir le haon dia eile
ná m'onóir leis na híola.

⁹ Na fáistíní túis, seo tagtha chun críche iad.
Anois tá rudaí úra á bhfoilsíú agam;
sula dtagann siad i ngeamhar, tá siad á bhfógairt agam.



Duan Bua

- ¹⁰ Canaigí don Tiarna amhrán úr!
Moladh leis ó cheann ceann na talún!
Móradh an fharraige é agus gach a bhfuil ann,
insí na farraige agus a muintir go léir!
- ¹¹ Ardaíodh an fásach agus a chathracha a nglór,
agus na campaí mar a gcónaíonn clann Chéadar!
Tógadh muintir Charraig Sheala liú
agus gártha ar mhullach na mbeann!
- ¹² Tugadh siad glóir don Tiarna
agus in insí na farraige déanadh siad a mholadh!
- ¹³ Tá an Tiarna ag triall amach mar bheadh laoch ann,
tagann riasradh air mar a thiocfadh ar ghaiscíoch;
cuireann sé an gháir chatha as, tógann sé liú,
agus ar aghaidh leis ina laoch i gcoinne a naimhde.
- ¹⁴ “Le fada riamh bhí mé i mo thost,
d’fhan mé ciúin agus choinnigh smacht orm féin ...
Ach anois tá mé ag olagón ar nós mná seolta,
tá cneadach agus saothar anála orm.



¹⁵ Tá mé ag dul sléibhte agus cnocáin a chríonadh
agus a nduilleúr ar fad a sheargadh;
déanfaidh mé locháin dá n-aibhneacha
agus triomóidh mé a linnte go léir.

¹⁶ Ach treoróidh mé na daill ar an mbealach mór
agus déanfaidh mé iad a chinnireacht ar bhóithre nach eol dóibh.
Athróidh mé an dorchadas ina sholas rompu
agus cosáin chama ina siúlóid réidh.

Sin iad na gealltanais a chomhlíonfaidh mé,
ní bheidh dul siar orthu.”

¹⁷ Druidfidh siad ar gcúl agus náire orthu,
iad siúd a bhfuil a muinín in íola,
iad siúd a deir leis na dealbha leáite seo:
“Sibhse ár ndéithe.”

Daille an Phobail

¹⁸ Sibhse atá bodhar, éistigí anois!
A dhalla, breathnaígí go bhfeice sibh!



- ¹⁹ Cé atá dall, murab é mo shearbhónta é,
nó cé atá chomh bodhar leis an teachtaire a chuir mé uaim?
Cé atá chomh dall le fear muiníne Dé
nó chomh bodhar le giolla an Tiarna?
- ²⁰ Chonaic tú mórán gan sonrú a chur ann,
bhí do chluasa ar oscailt gan dada a chloisteáil!
- ²¹ Is áil leis an Tiarna, ar son na fíréantachta,
a reacht a mhóradh agus a onórú.
- ²² Ach is pobal é seo a creachadh agus a scriosadh,
tá siad go léir sáinnithe i bbrochóga
agus faoi bhraighdeanas i bpríosúin.
- Táthar á gcreachadh agus gan duine lena saoradh,
á slad agus gan duine lena rá: “Tabhair ar ais é.”
- ²³ An bhfuil aon duine in bhur measc ag éisteacht?
Aon duine a chuirfidh cluas air le haghaidh an am atá ag teacht?
- ²⁴ Cé thug Iacób ar láimh don chreachadóir
agus Iosrael do lucht a scriosta?
Nár bh é an Tiarna é? Ó rinne muid peaca ina aghaidh
agus nár mhian linn a bhealaí siúd a leanúint,
ná éisteacht lena reacht.



²⁵ Sa dóigh gur dhoirt sé fraoch agus fearg air agus fíoch an chogaidh.
 Agus chuir an fhearg sin trí thine é thart timpeall gan fhios dó, loisc sí é, agus ní dhearna sé a mhachnamh air.

Saoirse Iosrael

43 Anois, seo mar a deir an Tiarna, do Chruthaitheoirse, a Iacóib, agus fear do dhealfa, a Iosrael:

“Ná bíodh eagla ort, óir tá tú fuascailte agam; ghlaoidh mé ort i d’ainm, agus is liomsa thú.

² Má ghabhann tú trí uiscí doimhne, táimse leat; má ghabhann tú trí aibhneacha, ní bháfaidh siad thú. Má shiúlann tú tríd an tine, ní dhófaidh tú thú féin, ná ní loiscfidh an lasair thú.

³ Óir is mise an Tiarna, do Dhia, Neach Naofa Iosrael, d’fhuascailteoir.

Tugaim an Éigipt uaim mar luach d’fhuascailte, Cúis agus Saba mar éiric ionat.



- ⁴ Mar is luachmhar thú i mo shúile,
is mór liom thú agus is mór é mo chion ort.
Is ar an ábhar sin a thugaim daoine uaim i d'ionad,
agus ciníocha in éiric d'anama.
- ⁵ Ná bíodh eagla ort, mar tá mise leat.

As oirthear domhain tabharfaidh mé do shliocht
agus cruinneoidh mé thú as an domhan thiar.

- ⁶ Déarfaidh mé leis an Tuaisceart: ‘Tabhair ar ais iad!’
agus leis an Deisceart: ‘Ná coinnigh seilbh orthu!’
Seol ar ais mo chlann mhac as an imigéin
agus m’iníonacha ó chríocha na talún,
- ⁷ cách a nglaoitear dó m’ainmse,
óir is ar mhaithe le mo ghlóir a chruthaigh mé iad,
is í faoi deara dom a ndealbhú agus a ndéanamh.”

An Tiarna amháin is Dia ann

- ⁸ Chun tosaigh leis an bpobal seo atá dall cé go bhfuil súile iontu,
an dream bodhar a bhfuil cluasa acu.
- ⁹ Bailíodh na náisiúin go léir le chéile
agus cruinníodh na ciníocha.



Cé ina measc a d'fhoilsigh sin
nó a d'fhógair é anallód?

Tugadh siad a bhfinnéithe i láthair le go dtugtar ceart dóibh,
cloistear iad chun gur féidir á rá: “Tá sin fíor!”

¹⁰ Is sibhse mo chuidse finnéithe – briathar an Tiarna –
agus mo ghiollaí atá tofa agam,
ionas go mbeidh aithne agaibh orm agus go gcreidfidh sibh mé
agus go dtuigfidh sibh gur mise é.
Romhamsa níor dealbhaíodh aon dia,
ná ní bheidh a leithéid ann arís i mo dhiaidh.

¹¹ Mise, is mise an Tiarna,
agus níl slánaitheoir ann ach mé féin.

¹² Is mise a rinne foilsíú agus slánú agus fógairt.
Ní bheidh dia eachtrannach ar bith in bhur measc!
Is sibhse mo chuid finnéithe – briathar an Tiarna –
agus is mise Dia;

¹³ Ó gheal an lá is mise é.
Agus níl aon duine ann a bhogfaidh mo ghreim;
déanaimse beart, agus cé chuirfeadh bac orm?



Cuir fear an Bhablóin ar Ceal

- ¹⁴ Is mar seo a deir an Tiarna,
bhur bhfuascailteoir, Neach Naofa Iosrael:
“Ar bhur sonsa tá mé ag cur chuig an Bhablóin;
leagfaidh mé na Caildéigh agus iad ag teitheadh
agus déanfar olagón dá ngártha caithréime.
- ¹⁵ Is mise an Tiarna, bhur Neach Naofa,
bhur gCruthaitheoir, a Iosrael, agus bhur Rí.”

Éachtaí an Eaxodus Nua

- ¹⁶ Is mar seo a deir an Tiarna,
a rinne bealach mór tríd an bhfarraige,
cosán thar an mbóchna thréamanta;
- ¹⁷ a sheol carbaid agus capaill chun catha
agus slua ollmhór lena gcois;
luigh siad fúthu gan éirí i ndán dóibh,
múchadh iad mar bheadh barrach dóite:
- ¹⁸ “Ná meabhraígí níos mó na rudáí a tharla,
ná cuimhnigí ar an tseanaimsir.



- ¹⁹ Féach an nuacht atá á cur i gcrích agam,
tá sí ag gobadh amach, nach léir daoibh é?
Sea, tá mé chun bealach a réiteach san fhásach
agus cosáin san uaigneas.
- ²⁰ Na hainmhithe allta, tabharfaidh siad glóir dom,
na mic tíre agus na hulchabháin,
óir beidh mé ag soláthar uisce san fhásach,
aibhneacha sa dúiche fhiáin,
chun tart mo phobail thofa a chosc.
- ²¹ An pobal seo a dhealbhaigh mé dom féin,
déanfaidh siad mo mholadh a aithris!

Míbhúiochas Iosrael

- ²² A Iacóib, ní tusa a ghlaoigh ormsa,
ná [níor chuir tú aon stró ort féin] ar mo shonsa, a Iosrael!
- ²³ Níor thug tú tabhartas loiscthe chugam as do thréada,
níor thug tú onóir dom le híobairtí.
Níor leag mise ofrálacha ina ndaorsmacht ort,
níor thuirsinh mé thú ag éileamh túise ort.
- ²⁴ Níor cheannaigh tú giolcach chumhra dom ar luach airgid,
níor líon tú mé le saill do chuid íobairtí.



Ach leag tú daoirse do chuid peacaí orm,
thuirsinh tú mé le do choireanna.

²⁵ Ormsa, ormsa a bhí sé gach rud a chur ar ceal
agus gan do pheacaí a mheabhrú níos mó.

²⁶ Cuimhnigh siar agus tugaimis breith ar an scéal le chéile,
déan do chuntas tú féin le go saortar thú ó chion.

²⁷ Rinne do chéad sinsear peaca,
agus do theangacha labhartha, d'éirigh siad amach i mo choinne.

²⁸ Thruailligh do phrionsaí mo shanctóir.
Dá bharr sin lig mé Iacób uaim faoi chrann smola
agus Iosrael faoi ainíde agus faoi achasán.

Beannacht ar Iosrael

44 Éist anois, a Iacóib,
a ghiolla liom,

² a Iosrael, atá tofa agam.

Seo mar a deir an Tiarna a rinne thú,
a dhealbhaigh ón mbroinn i leith thú agus a chabhraíonn leat:
Ná bíodh eagla ort, a ghiolla liom, a Iacóib,
a Isiriún atá tofa agam.



- ³ Óir doirtfidh mé uisce anuas ar an triomlach,
uisce ina thuilte ar an talamh spalptha.
Doirtfidh mé mo spiorad ar do phór,
mo bheannacht ar shliocht do shleachta.
- ⁴ Fásfaidh siad ar nós féar cois uisce,
mar bheadh na saileacha ar bhruach na sruthán.
- ⁵ Déarfaidh an duine seo: ‘Is leis an Tiarna mé’,
tabharfaidh duine eile ainm Iacóib air féin.
Scríobhfaidh duine eile ar a lámh ‘An Tiarna’,
agus sloinnfidh é féin ó Iosrael.”

Creideamh in aon Dia amháin

- ⁶ Mar seo a labhraíonn an Tiarna, rí Iosrael,
agus a fhuascailteoir, Tiarna na Slua:
- “Is mise an tús agus an deireadh;
ach mise amháin, níl déithe ar bith eile ann.
- ⁷ Cé atá inchurtha liomsa? Amach leis anseo agus labhraíodh sé;
taispeánadh sé é féin agus cuireadh sé a chás i mo láthair!
Cé hé a thug le fios anallód a raibh le teacht?
Fógraíodh siad na rudaí atá chugainn!



⁸Ná bíodh uamhan ná eagla oraibh:
 Nár thug mé le fios agus nár fhógair mé sin daoibh fadó?
 Tá sibh féin in bhur bhfinnéithe agam,
 an bhfuil Dia eile ann seachas mé féin?
 Níl aon Charraig eile ann; ní eol dom a leithéid!”

Aoir ar Lucht na nÍol

⁹Lucht déanta íol iad go léir is neamhní iad agus níl aon sochar sna rudaí seo ar a bhfuil a ngnaoi. Níl radharc ná tuiscint ag a lucht freastail agus dá bharr sin beidh siad náirithe go deo. ¹⁰Cé a dhealbhaíonn dia nó a mhúnlaíonn íomhá gan bheith ag dréim le sochar uaidh? ¹¹Is amhlaidh a bheidh náire ar fhírén na deilbhe sin agus ceann faoi ar lucht a déanta. Bailíodh siad le chéile agus seasadh siad amach. Beidh idir uamhan agus náire orthu le chéile. ¹²Saothraíonn an gabha os cionn na tine é, cumann sé lena chasúr é agus gaibhníonn é lena láimh láidir. Nuair a thagann ocras air, imíonn a neart uaidh; mura bhfuil uisce le hól aige, tagann laige air.

¹³Tógann an saor adhmaid an tomhas, dearann sé an íomhá lena chailc, snoíonn sé í le siséal agus leanann sé an dearadh le compás. Cuireann sé crot agus ceannaithe duine dhaonna uirthi chun go dté sí a chónaí i dteampall. ¹⁴Bhí sé tar éis céadras a ghearradh, nó cufróg nó dair a roghnú i measc crainn na foraoise, nó b’fhéidir gur céadras a chuir sé agus gur chuir an fheartainn ag fás é. ¹⁵Dar le daoine ansin nach bhfuil ann ach ábhar tine. Tógann siad cuid de le hiad féin a théamh. Dóitear cuid de le harán a dhéanamh.



Ach an duine seo, dealbhaíonn sé dia as agus caitheann é féin ar a bhéal faoi os a chomhair. ¹⁶Leath amháin de, adaíonn sé tine leis, róstanann feoil air agus itheann a dhóthain. Déanann sé a ghoradh féin chomh maith á rá: “Á, tá mé do mo ghoradh féin agus ag breathnú isteach sa tine.” ¹⁷Lena bhfuil fágtha déanann sé dia dó féin, íol a sléachtann sé agus a síneann sé é féin béal faoi os a chomhair, ag guí chuige agus á rá: “Saor mé, óir is tú mo dhia.”

¹⁸Níl eolas ná tuiscint ag a leithéidí. Tá a súile dúnta sa chaoi nach bhfeiceann siad, agus a gcroí sa chaoi nach dtuigeann. ¹⁹Ní smaoiníonn siad orthu féin, níl sé de chiall ná de réasún acu a rá: “An ea nár dhóigh mé a leath ar an tine, nach ndearna mé arán a bhruith ar an ngríosach agus feoil a róstadh le hithe? An bhfuil mé chun rud úrghrána a dhéanamh as an gcuid eile? An bhfuil mé chun sléachtadh i láthair ceap adhmaid?”

²⁰An té a bhfuil dúil aige sa luaithreach ar an dóigh sin, tá mearbhall ar a intinn agus é ar seachrán. Níl sé in ann é féin a shábháil agus a rá: “An rud seo i mo láimh agam, níl ann ach cur i gcéill!”

Fáistine

- ²¹ A Iacóib, cuimhnigh ar an méid seo, cuimhnigh gur tusa mo ghiolla, a Iosrael. Is mé a dhealbhaigh thú i do ghiolla dom; a Iosrael, ní ligfidh mé chun dearmaid thú.



²² Tá do pheacaí scaipthe agam mar a bheadh néal
agus do chionta ar nós scamail.
Fill chugam ar ais mar tá tú fuascailte agam.

Amhrán Áthais

²³ A spéartha, liúirígí le háthas,
mar tá an Tiarna i mbun gnímh.
Scairtigí amach, a dhuibheagáin na talún!
A shléibhte, ceolaigí le háthas,
agus tusa freisin, a fhoraois, agus gach crann atá ionat!
Óir tá an Tiarna tar éis Iacób a scaoileadh saor
agus a ghlóir a fhoilsíú in Iosrael!

Near t an Tiarna

²⁴ Is amhlaidh a deir an Tiarna, d'fhuascailteoir,
an té a dhealbhaigh thú ón mbroinn i leith:
Is mise, an Tiarna, a rinne an uile rud,
a spréigh na spéartha amach ar mo chonlán féin.
Chuir mé bun faoin talamh, agus cé bhí ag cuidiú liom?



²⁵ Is mise a chuireann éarlaisí na ndraíodóirí ó rath
 agus a chuireann lucht asarlaíochta as a gcéill,
 a sheolann na saoithe ar a gcúil uaim
 agus a dhéanann seafóid dá stuaim,

²⁶ a chuireann téagracht i mbriathar mo shearbhónta,
 a chuireann bearta mo theachtaí i gcrích.

Is mise a deir i dtaobh Iarúsailéim: “Bíodh cónaí inti!”
 agus faoi bhailte Iúdá: “Tógtar iad arís!”
 agus a dhéanann na ballóga sin a atógáil.

²⁷ Is mise a deir leis an Aigéan: “Bí tirim!
 triomóidh mé do chuid sruthanna.”

²⁸ Is mise a deir i dtaobh Chíorais: “Is é mo thréadaí é!
 déanfaidh sé mar is rún liom,”
 ag rá i dtaobh Iarúsailéim: “Tógtar suas arís í.”
 Agus i dtaobh an Teampaill: “Cuirtear ar bun é as an nua!”

Fáistine i bhfabhar Chíorais

45 Is amhlaidh seo a labhraíonn an Tiarna lena unghach, Cíoras,
 an té ar rug sé ar láimh dheis air
 chun na ciníocha a leagan ina fhianaise



agus claíomhchrios na ríthe a scaoileadh ó chéile;
chun na comhlaí a bhriseadh roimhe isteach
ionas nach mbeidh na doirse dúnta níos mó.

- ² “Siúlfaidh mise romhat mé féin
chun na cnapáin a dhéanamh cothrom.
Déanfaidh mé smionagar de na comhlaí práis,
gearrfaidh mé na barraí iarainn ó chéile.
- ³ Tabharfaidh mé ar láimh duit taiscí faoi choim
atá cnuasta i gcillíní rúin,
chun go dtuige tú gur mise an Tiarna,
Dia Iosrael atá ag glaoch ort i d’ainm.
- ⁴ Is ar mhaithe le mo ghiolla Iacób
agus le hIosrael, mo rogha,
a ghlaoigh mé i d’ainm ort,
ag tabhairt gradaim duit agus gan aithne agat orm.
- ⁵ Is mise an Tiarna; níl m’athrach eile ann;
ach mise amháin, níl aon dia ann.
Gan aithne agat orm, tá tú i mbun airm agam
- ⁶ ionas go mbeidh a fhios ó éirí go luí na gréine
gur neamhní an uile rud ach mise amháin.”



Fáistine Fuascailte

Is mise an Tiarna; níl m'athrach eile ann;

⁷ cumaim an solas agus cruthaím an dorchadas.

Tugaim an sonas ann agus spreagaim an donas,
is mise an Tiarna a dhéanann é ar fad.

⁸ A spéartha, fearaigí anuas fíréantacht mar bheadh drúcht ann,
ligeadh na néalta anuas í ina báisteach!

Osclaíodh an talamh lena gabháil
agus tagadh an slánú aníos ina gheamhar!
Fásadh suas ina theannta sin an fhuascailt
atá mise, an Tiarna, lena chruthú!

Cumhacht Cheannasach an Tiarna

⁹ An dual don phota dul a chonspóid leis an bpotaire,
nó an próca le fear a dhealfa sa chré?

An dual don chreafóg a rá le fear a múnlaith: “Cad tá ar bun agat?”

An bhfuil a shaothar chun a rá leis: “Níl lámha ar bith ort?”

¹⁰ Is mairg a deir lena athair: “Cad é seo a ghin tú?”
nó lena mháthair: “Cad é a thug tú ar an saol?”



- ¹¹ Is amhlaidh seo a deir an Tiarna,
an Neach Naofa, an té a mhúnlaíonn Iosrael:
“An daoibhse is dleacht mé a cheistiú i dtaobh mo chlainne,
nó orduithe a thabhairt dom faoi shaothar mo lámh?
- ¹² Is mise a rinne an talamh,
is mé a chruthaigh an duine atá ina chónaí air.
Mise le mo lámha féin a spréigh amach na spéartha
agus tá ceannas agam ar a slua go léir.
- ¹³ An duine seo, is mé a ghríosaiigh chun bua é,
tá an bealach réitithe agam roimhe.
Déanfaidh sé mo chathair a atógáil
agus mo dheoraithe a scaoileadh saor abhaile
gan éiric gan airgead fuascailte,”
a deir Tiarna na Slua.

Rachaidh na Págánaigh leis an Tiarna

- ¹⁴ Is amhlaidh seo a labhraíonn an Tiarna:
[Scológa] na hÉigipte agus [ceannaithe] Chúis,
muintir Shaba na bhfear mór ard,
tiocfaidh siad anall agus rachaidh siad i bpáirt leat;
siúlfaidh siad i do dhiaidh agus slabhraí orthu.



Sléachtfaidh siad i do láthair,

agus guífidh siad thú, á rá:

“Faratsa amháin atá Dia, agus níl a leithéid eile ann;
níl dia eile ann ach é.”

¹⁵ Go deimhin, is faratsa atá Dia i bhfolach,
Dia Iosrael, an slánaitheoir.

¹⁶ An dream a thug do dhúshlán, beidh mearbhall agus ceann faoi orthu;
imeoidh siad leo faoi náire, lucht déanta na n-íol.

¹⁷ Tá Iosrael slánaithe ag an Tiarna,
tá sibh slánaithe aige go deo.
Ní bheidh mearbhall ná ceann faoi oraibhse
ar feadh saol na saol go brách.

Tá Gníomhaíocht an Tiarna Soiléir

¹⁸ Is ea, is amhlaidh seo a labhraíonn an Tiarna,
Cruthaitheoir na spéartha,
arb é Dia é,
arb é a dhealbhaigh an talamh agus a rinne é,
a chuir bun faoi
agus nár chruthaigh in anord é



ach a rinne áit chónaithe de:

“Is mise an Tiarna, níl m’athrach ann.

¹⁹ Níor labhair mé i modh rúin
ná áit éigin i gcríoch dhorcha.

Níor dhúirt mé le sliocht Iacóib:

Cuardaigí mé san éagruth.

Mise, an Tiarna, labhraím ceart

agus cuirim mé féin in iúl le cruinneas focal.

Is é an Tiarna Dia na nUile

²⁰ Bailígí timpeall, tagaigí, cruinnigí uile le chéile,
sibhse a mhair de na ciníocha!

Níl eolas ar bith acu siúd

a bhfuil a n-íol adhmaid á iompar thart acu,

ná acu siúd a bhíonn ag glaoch ar dhia

nach bhfuil an slánú ar a chumas.

²¹ Déanaigí fógra, cuirigí bhur gcás i láthair,
gabhaigí i gcomhairle le chéile fiú amháin:

Cé a d’fhógair an méid sin roimh ré,

nó cé a d’fhoilsigh é ag an am?

An ea nach mise, an Tiarna, a rinne?



Níl aon dia eile ann ach mé féin,
Dia cóir agus Fuascailteoir;
níl dada eile ann ach mise amháin.

²² Iompaigí chugamsa agus tá sibh slánaithe,
a chríocha na talún uile,
óir is mise Dia, agus níl m'athrach ann!

²³ Mionnaim dar mé féin;
is í an fhírinne a thagann as mo bhéal,
geallúint nach bhfuil dul siar uirthi:
'Os mo chomhairse cromfar gach glúin,
dar mise is ea a thabharfaidh gach teanga a mionn.'

²⁴ Tríd an Tiarna amháin, a déarfaidh daoine,
a thagann bua agus neart!
Chuigesean a thiocfaidh siad agus náire orthu,
iad siúd uile a thug a dhúshlán.

²⁵ Tríd an Tiarna is ea a bheidh bua agus glóir
ag sliocht Iosrael go léir!"



Turnamh Bhéil

46 Tá Béil ar a ghlúine! Tá Neabó tar éis cúbadh chuige féin!
Tá a n-íola ar dhroim ainmhithe agus beithígh iompair,
ina n-ualach anuas ar bheithígh thraochta.

² Cúbann siad agus cromann siad uile;
gan ar a n-acmhainn a lucht iompair féin a shábháil,
ag imeacht mar aon leo i mbraighdeanas iad féin.

³ “Éistigí liom, a theaghlach Iacóib,
a iarmhair uile de theaghlach Iosrael!
sibhse a bhí ar iompar agam ó saolaíodh sibh,
a bhí mar chúram agam ó bhroinn na máthar i leith.

⁴ Go dtí bhur seanaois beidh mise mar atá mé,
agus go liatha bhur gceann beidh mise i mo thaca agaibh.
Is é a rinne mé cheana nuair a d’iompair mé sibh;
beidh mé mar thaca agaibh agus mar fhuascailt.”

Níl leithéid an Tiarna ann

⁵ Cé leis a gcuirfidh sibh i gcomparáid agus i gcóimheas mé,
cé leis a gcuirfidh sibh mé i gcomórtas agus i gcosúlacht?



- ⁶Tá dream ann a dhoirteann ór go fial as a sparán agus meán siad airgead ar an ainsiléad. Fostaíonn siad orcheard chun dia a dhéanamh dóibh sléachtann siad síos agus tugann adhradh dó!
- ⁷Tógann siad suas ar a nguailí agus iompraíonn siad é, cuireann siad é san ionad ar dual dó seasamh ann. As an ionad ina bhfuil sé ní féidir leis bogadh. An té a ghlaonn air, ní thugann sé freagra dó, óna thrioblóid ní fhéadann sé a shábháil.

Tá an Tiarna ina Mháistir ar a bhfuil Romhainn

- ⁸Meabhraígí sin, a lucht an éirí in airde, déanaigí machnamh air agus tagaigí ar bhur gciall;
- ⁹cuimhnigí ar rudaí atá thart le fada an lá. Is mise Dia agus níl m'athrach ann is mise Dia agus níl mo leithéid eile ar fáil!
- ¹⁰Foilsím ón tús an deireadh a bheidh ann, foilsím riamh anall rudaí nár cuireadh i gcrích go fóill!

Deirim: Déanfar mar a bheartáim agus gach is áil liom cuirfidh mé i gcrích.



¹¹ Scairtim ar éan creiche anoir,
ar fhear na cinniúna as tír i gcéin.
Ní luaithe ráite ná déanta é!
Ní luaithe beartaithe ná curtha i gcrích!

¹² Éistigí liom, sibhse atá ag cailleadh misnigh
agus ar fada libh an bua gan teacht.

¹³ Tá mo bhua á thabhairt i ngar agam, ní fada uaibh é,
ní bheidh moill ar mo shlánú.
Deonóidh mé an slánú i Síón,
ar mhaithe le hIosrael mo ghlóir!

Mairgneach faoin mBablóin

47 Síos leat! Buail fút sa láib,
a mhaighdean, a iníon na Bablóine!
Anuas leat ó do chathaoir ríoga agus suigh ar an talamh,
a iníon na gCaildéach!
Óir ní thabharfar ort níos mó
maoth ná muirneach.
² Chuig na clocha brón leat agus meil an mhin!



Scaoil díot do chaille;
tóg suas do sciortaí, taispeáin do chosa,
siúl tríd na haibhneacha.

³Taispeáin tú féin tarnocht
go bhfeice daoine do náire!

Tá mé ar son díoltais
agus ní chuirfear isteach orm.

⁴Deir ár slánaitheoir, arb é Tiarna na Slua is ainm dó
Neach Naofa Iosrael:

⁵Suigh fút, bí i do thost, agus isteach sa dorchadas leat, –
a iníon na gCaidéach.

Óir ní thabharfar ort níos mó choíche
máistreás na ríochtaí.

⁶Bhí colg orm chuig mo mhuintir,
agus d'fhág mé smál ar m'oidhreacht.
Lig mé isteach i do lámhasa iad,
ach ní dhearna tú trua dá laghad díobh.
Ar an seandúine bhuail tú anuas
do chuing go róthrom.

⁷Bhí sé ina dheilín agat: “Choíche is go brách
beidh mise i mo mháistreás.”



Níor mhachnaigh tú ar na rudaí seo i do chroí,
ná níor chuimhnigh ar an deireadh a bheadh orthu.

- ⁸ Anois, éist leis seo, a chailín an mhacnais,
atá i do shuí go te
á rá leat féin i do chroí:
“Mise, mé féin amháin!
Ní bheidh mise i mo bhaintreach choíche,
ná ní dual dom mo chlann a chailliúint.”
- ⁹ Tiocfaidh an dá rud seo díreach sa mhullach ort
d’aon iarraidh agus in aon lá amháin.
Caill do chlainne agus baintreachas,
tiocfaidh siad ort go tobann,
d’ainneoin do chuid asarlaíochta go léir
agus ilchumas do dhraíochta.

- ¹⁰ Bhí tú muiníneach as do mhailís, á rá:
“Ní fheiceann aon duine mé.”
Do chríonnacht agus d’eolas,
is iad a mhearaigh thú.
Bhítheá á rá leat féin i do chroí istigh:
“Mise, mé féin amháin!”



- ¹¹ Ach tiocfaidh tubaiste ort
nach mbeidh dul agat [a chur faoi chónaí];
titfidh matalang ort
nach mbeidh tú in ann a chur díot;
bainfidh míchríoch díot
nach bhfuil coinne agat léi.
- ¹² Fan i mbun d'asarlaíochta mar sin
agus d'ildraíochta,
ar chaith tú do dhua leo ó d'óige i leith.
B'fhéidir go mbainfidh tú tairbhe astu!
B'fhéidir go spreagfaidh tú scéin fós!
- ¹³ Ach tá tú tuirseach d'iomad do lucht comhairle.
Seasadh siad amach anois le tú a shábháil,
lucht chomhaireamh na spéartha,
lucht scrúdaithe na réaltaí,
an dream a fhoilsíonn in aghaidh na míosa
cad tá le titim amach.
- ¹⁴ Beidh siad ar nós na gcoinlíní
a dhónn an tine.
Ní shábhálfaidh siad a mbeo
ar ghreim na lasrach.



Ná ní aon ghríosach í seo chun do ghoradh a dhéanamh,
ní aon teallach é le suí os a chomhair.

¹⁵ Sin agat anois do lucht draíochta,
lenar chaith tú do dhua ó d'óige i leith!
Imeoidh siad leo, gach aon acu ag dul roimhe,
gan de chumas iontu tú a shábháil.

An Tiarna ina Mháistir

48 Éistigí leis seo, a theaghlach Iacóib,
ar a dtugtar ainm Iosrael
agus a tháinig ó fhréamh Iúdá;
sibhse a mhionnaíonn dar ainm an Tiarna
agus a tharraingíonn anuas Dia Iosrael
gan dea-rún gan fíréantacht.

² Óir ainmníonn sibh sibh féin as an chathair bheannaithe
agus ligeann sibh bhur dtaca le Dia Iosrael
arb é Tiarna na Slua is ainm dó.

³ Na rudaí a tharla, bhí siad foilsithe agam fadó,
bhí siad imithe amach as mo bhéal agus fógraithe;
leis sin rinne mé beart agus tháinig siad i gcrích.



- ⁴ Óir bhí fhios agam go raibh tú ceanndána;
is geall le féithleog iarainn do mhuineál,
agus tá clár d'éadain ina phrás.
- ⁵ Is uime sin a d'fhoilsigh mé rudaí duit roimh ré;
sula dtarlódh siad, d'fhógair mé duit iad,
ionas nach mbeifeá á rá: "M'íol is é a rinne iad;
mo dhealbh shnoite, mo dhealbh leáite a d'ordaigh!"
- ⁶ Chuala tú agus chonaic tú sin go léir anois,
nach bhfuil sé chomh maith agat é a admháil?

Anois tá mé chun rudaí nua a fhoilsiú duit,
rudaí folaithe nárbh eol duit,

- ⁷ a cruthaíodh anois beag,
nár chuala tú caint orthu go dtí seo,
nach féidir leat á rá fúthu: "Ar ndóigh, bhí a fhios agam sin."

- ⁸ Níor chuala tú trácht riamh orthu,
níorbh eol duit iad,
ní raibh do chluas oscailte agam dóibh roimh ré.
Óir bhí a fhios agam an feall atá ionat,
agus clú na ceannairce a bheith ort ón mbroinn.



- ⁹ Ar son m'ainm chuirinn m'fhearg ar cairde,
ar mhaithe le mo chlú choinninn srian léi agus ní bhrisinn thú.
- ¹⁰ Is amhlaidh a chuir mé an tine leat, ar nós airgid;
chuir mé féachaint ort i bhfoirnéis na buartha.
- ¹¹ Ar mo shon féin amháin is ea dhéanaim é,
óir cén chaoi a mbeadh m'ainm á thruailliú?
Ní ligfidh mé mo ghlóir le haon dia eile.

Gnaoi an Tiarna ar Chíoras

- ¹² Éist liom, a Iacóib,
a Iosrael, ós ortsa a ghlaigh mé:
Is mise an tús
agus is mise fós an deireadh.
- ¹³ Mo lámh is í a bhunaigh an talamh,
mo dheaslámh a scar amach na spéartha.
Ach mé a ghlaoch orthu,
éiríonn siad aniar chugam in éineacht.
- ¹⁴ Bailigí go léir le chéile agus éistigí;
cé acu a d'inis na rudaí seo roimh ré?
“Déanfaidh fear mo pháirte rud orm



i gcoinne na Bablóine agus sliocht na gCaidéach.”

- ¹⁵ Mise mé féin a labhair agus a ghlaigh air,
a thug ann é agus a chuir rath ar a bheart.
- ¹⁶ Gabhaigí i leith chugam go gcloise sibh an méid seo:
“Ón tús níor labhair mé libh faoi choim,
agus ón am a tharla seo tá mise ann.”
– “Agus anois tá an Tiarna Dia tar éis mé a chur uaidh,
mar aon lena spiorad.”

A raibh leagtha amach ag an Tiarna d'Iosrael

- ¹⁷ Seo mar a deir an Tiarna, d'fhuascailteoir, Neach Naofa Iosrael:
Is mise, an Tiarna do Dhia, a thugann teagasc do leasa duit,
is mé a threoraíonn thú sa treo is dual duit.
- ¹⁸ Och, dá mba gur thug tú aire do m'aitheanta!
Ar nós abhann is ea a bheadh do shonas
agus an rath ba dhual duit ar nós tonnta na farraige!
- ¹⁹ Mar an ngaineamh is ea bheadh do shliocht
agus bheadh clann do bhroinne chomh tiubh lena ghráinní!
Choíche go deo ní bheadh d'ainm stoite scriosta os mo chomhair.



D'uair an imeachta as an mBablóin

- ²⁰ Amach libh as an mBablóin! Greadaigí chun siúil ó na Caidéigh!
 Le gártha áthais foilsigí, fógraigí an scéala;
 craolaigí é go críocha na talún.
 Abraigí: Tá an Tiarna tar éis a ghiolla Iacób a fhuascailt!
- ²¹ Ní raibh tart orthu agus iad á gcinnireacht tríd an bhfásach aige;
 chuir sé uisce ag scairdeadh as an gcarraig dóibh,
 scoilt sé an charraig agus bhrúcht an t-uisce amach aisti.
- ²² “Níl síocháin ar bith,” a deir an Tiarna, “i ndán do choirpigh.”

Dara hAmhrán Ghiolla an Tiarna

49 A insí na farraige, éistigí liomsa;
 tugaigí aire, a chiníocha i gcéin!
 Ghairm an Tiarna mé sa bhroinn dom,
 agus mé i gcoim mo mháthar luaigh sé m'ainm.

- ² Rinne sé claíomh faobhrach de mo bhéal,
 chuir sé i bhfolach mé faoi scáth a láimhe.
 Saighead líofa a rinne sé díom,
 agus leag sé thart mé ina bholgán saighead.



³ Dúirt sé liom: “Is tú mo ghiolla Iosrael trína saothróidh mé glóir dom féin.”

⁴ Agus bhí mise á rá liom féin: “Tá mo shaothar in aisce agam, tá mo neart caite agam gan éifeacht.”

Ach bhí mo cheart le fáil agam i bhfochair mo Thiarna, agus mo chúiteamh i bhfochair mo Dhé.

⁵ Bhí maise orm i súile an Tiarna, ba é mo Dhia mo neart.

Agus anois tá an Tiarna tar éis labhairt, an té a dhealbhaigh mé ón mbroinn i leith i mo ghiolla dó, le go mbailínn Iacób ar ais chuige, le go gcruinnínn Iosrael le chéile dó:

⁶ “Is fánach an mhaise duit a bheith i do ghiolla agam chun treibheanna Iacóib amháin a thabhairt chucu féin, chun ar slánaíodh d’Iosrael a thabhairt ar ais. Ceapfaidh mé thú i do sholas do na ciníocha, chun go dté mo shlánú go críocha na cruinne.”



Eachtra Iontach an Teach Abhaile

⁷ Is amhlaidh seo a deir an Tiarna,
 fuascailteoir agus Neach Naofa Iosrael,
 leis an té atá ina ábhar tarcaisne agus gráin ag na ciníocha air,
 le sclábh na dtíoránach:
 Éireoidh ríthe ina seasamh ach súil a leagan ort,
 rachaidh prionsaí ar a mbéal fúthu,
 de dheasca an Tiarna agus a dhílseachta,
 Neach Naofa Iosrael a thogh thú.

⁸ Is amhlaidh seo a deir an Tiarna:
 i dtráth mo pháirte tabharfaidh mé toradh ort,
 lá na fuascailte tiocfaidh mé i gcabhair ort.
 (Tá tú coinnithe caomhnaithe agam mar chonradh leis an bpobal.)
 Cuirfidh mé an tír ina ceart arís;
 roinnfidh mé oraibh as an nua na gabháltais scriosta;

⁹ déarfaidh mé leis na cimí: “Amach libh!”
 agus leo siúd atá sa dorchadas: “Amach go bhfeicimid sibh!”

Ar na bealaí go léir beidh siad ag iníor,
 ar gach dumhach ghainimh gheabhaidh siad féarach.



- ¹⁰ Ocras ná tart ní bheidh orthu feasta,
ní loiscfear iad le gaoth ná le grian.
Óir an té a ghlac trua dóibh, beidh sé á gcinnireacht
agus á mbuachailleacht cois toibreacha fíoruisce.
- ¹¹ Déanfaidh mé slí de na sléibhte uile
agus leagfar síos dúshraith do na bealaí móra.
- ¹² Tá dream acu ag triall ó chríoch i gcéin,
dream aduaidh agus dream aniar,
dream eile fós ó Shínim aneas.
- ¹³ Canaigí le lúcháir, a spéartha, agus déan gairdeas, a thalaimh!
a shléibhte, gairigí amach bhur racht áthais!
Óir tá an Tiarna ag tabhairt sóláis dá mhuintir
agus ag glacadh trua dá chlann dearóil.
- ¹⁴ Mar bhí Síón á rá: “Tá mé tréigthe ag an Tiarna,
tá mé ligthe i ndearmad ag mo Dhia.”
- ¹⁵ An ndéanann bean dearmad ar leanbh a cíche,
an mbíonn deireadh lena grá do mhac a broinne?
Agus dearmad dá ndéanfadh féin,
ní dhéanfaidh mise dearmad ortsa go deo!



- ¹⁶ Féach, tá tú greanta ar bhosa mo lámh agam,
is gnách do bhallaí os comhair mo shúl.
- ¹⁷ Tá lucht d’atógála chugat faoi dheifir,
agus lucht do scriosta agus do chreachta ag imeacht asat amach.
- ¹⁸ Ardaigh do shúile agus breathnaigh mórthimpeall uait:
tá siad siúd go léir ag cruinniú agus ag déanamh ort.
Ar mo bheo – is é an Tiarna atá á mhionnú –
seoda is ea iad le tú féin a mhaisiú,
le cur ort ar nós feisteas brídeoige!
- ¹⁹ Óir na ceantair bhánaithe chreachta sin agat,
agus do dhúiche shladta go léir –
róchúng a bheidh tú feasta do do lucht áitrithe,
agus beidh an dream a thug aghaidh a gcraois ort i bhfad i gcéin.
- ²⁰ Beidh siad á rá arís i d’éisteacht,
an chlann mhac sin a shíl tú a bheith cailte:
“Tá an áit seo róchúng dom,
déan slí dhom go socraí mé isteach!”
- ²¹ Beidh tú á rá leat féin i do chroí istigh:
“Cé a shaolaigh iad siúd go léir dom?
Bhí mé gan chlann agus mé aimrid,
ach iad seo, cé a thóg suas iad?”



Bhí mé fágtha liom féin,
an dream úd mar sin, cá has a dtagann siad?

²² Is amhlaidh seo a labhraíonn an Tiarna Dia:
Seo chuige! Bagraím lámh ar na ciníocha
agus cuirim suas mo mheirge le haghaidh na náisiún.
Tabharfaidh siad do mhic ar ais chugat ina mbaclainn
agus d'iníonacha ar a ngualainn.

²³ Beidh ríthe ina n-aithreacha altrama agat
agus a mbanríona agat mar bhanaltraí cíche.
Sléachtfaidh siad romhat agus a mbéal fúthu ar an talamh
agus lífidh siad an dusta de do chosa.
Beidh a fhios agat gur mise an Tiarna;
an dream a bhfuil a súil liom, ní chuirfear iad dá ndóchas.

²⁴ An féidir an chreach a bhaint den ghaiscíoch,
nó príosúnach an aintiarna a tharrtháil?

²⁵ Is ea, ach seo é freagra an Tiarna:
Bainfear a phríosúnach den ghaiscíoch féin,
déanfar creach an aintiarna a tharrtháil!
Troidfidh mise lena dtroidfidh leat,
agus sábhálfaidh mé do chlann orthu.



²⁶ Cuirfidh mé lucht do bhrúite ag ithe a bhfeola féin,
 beidh siad ar meisce lena bhfuil féin mar a bheadh fíon úr ann.
 Agus beidh a fhios ag an uile fheoil
 gur mise an Tiarna do Shlánaitheoir,
 agus gurb é d'fhuascailteoir Tréanlaoch Iacóib.

An Slánú ar Fáil i gCónaí

50 Is amhlaidh seo a deir an Tiarna:
 Cá bhfuil bille dealaithe do mháthar, más ea,
 an dintiúr lenar chuir mé uaim í?
 Nó cé acu de mo chreidiúnaithe
 ar dhíol mé sibh leis?
 De dheasca bhur gcionta is ea díoladh sibh,
 de thairbhe bhur gcoireanna a séanadh bhur máthair.

² Cén fáth, nuair a tháinig mé, nach raibh aon duine ann romham,
 agus nuair a ghlaigh mé, nach raibh duine le mé a fhreagairt?
 An amhlaidh, dar libh, atá mo lámh róghearr chun fuascailte?
 An é nach bhfuil cumas ionam chun tarrthála?
 Focal aithise uaim agus triomaím an fharraige,
 déanaim gaineamhlach de na haibhneacha;
 tá a gcuid éisc marbh cheal uisce agus ag morgadh leis an triomach.



³Éadaím na spéartha le dúchan bróin,
cuirim éadach róin umpu mar chlúdach.

Tríú hAmhrán Ghiolla an Tiarna

(a) Labhraíonn an Giolla

⁴Thug an Tiarna Dia dom
teanga an aos léinn.
Chun go mbeinn i riocht fóirithint ar an té atá traochta
spreagann sé briathar ionam.
Maidin in aghaidh na maidine cuireann sé cluas orm
chun go n-éiste mé ar nós an aos léinn.

⁵An Tiarna Dia, is é a d'oscail mo chluas.

Maidir liom féin, níor chuir mé ina choinne,
níor theann mé ar gcúl.

⁶Lig mé mo dhroim le lucht a bhualte
agus mo ghruanna leo siúd a bhí ag piocadh na féasóige asam;
níor cheil mé mo ghnúis
ar mhasla ná ar sheile.



⁷ Tá an Tiarna Dia ag teacht i gcabhair orm,
is é sin an fáth nach mothaím an masla.
Mar sin, chruaigh mé mo ghnúis mar an chloch ghlas,
bhí a fhios agam nach mbeinn meallta.

⁸ An té a shaorfaidh mé ar chion, tá sé i ngar.
An bhfuil aon duine a chuirfeadh cúis orm?
Tagaimis beirt i láthair, má tá.
An bhfuil aon duine ag éileamh ceart orm?
Seasadh sé chugam amach!

⁹ Tá an Tiarna Dia ag cuidiú liom,
cé a thabharfadh ciontach mé?
Beidh siad spíonta smolchaite ar nós giobal éadaigh,
agus iad á gcreimeadh ag leamhain.

(b) Gríosú chun an Giolla a Leanúint

¹⁰ Aon duine in bhur measc a bhfuil eagla air roimh an Tiarna,
éisteadh sé le glór a Ghiolla!
An té a shiúlann sa dorchadas
agus gan léas le feiceáil aige,
cuireadh sé a mhuintín in ainm an Tiarna,
baineadh sé taca as a Dhia.



¹¹ Ach sibhse uile, fadaíonn sibh tine,
 corraíonn sibh suas an ghríosach.
 Isteach libh i lasracha na tine sin agaibh
 agus sa ghríosach atá adhainte agaibh.
 Mo lámhsa a chaithfidh libh ar an dóigh sin,
 súfidh sibh fúibh i bpeannaid.

Slánú Chlann Abrahám

51 Éistigí liom, sibhse go léir atá ar lorg an chirt,
 atá ag iarraidh an Tiarna.

Breathnaígí an charraig as ar gearradh sibh,
 agus an cairéal ar tochlaíodh sibh amach as.

² Breathnaígí Abrahám bhur n-athair
 agus Sára a thug ar an saol sibh.
 Óir bhí sé ina aonar nuair a ghairm mise é
 agus rinne mé líonmhar é.

³ Is ea, tá trua ag an Tiarna do Shíón,
 tá trua aige di ina ballóga ar fad mar atá.
 As an díthreabh sin aici déanfaidh sé Éidin,
 agus as a gaineamhlach gairdín don Tiarna.



Cloisfear gártha áthais agus lúcháire ann,
altú buíochais agus siansa ceoil.

Breith ar an Domhan

- ⁴ Tugaigí aird orm, a chiníocha;
a náisiúna, cuirigí cluas oraibh le héisteacht liom.
Óir is uaimse a thagann an reacht
agus beidh mo bhreithiúnas ina sholas do na ciníocha.
- ⁵ Tabharfaidh mé mo cheart i láthair go tobann,
tiocfaidh mo shlánú ar nós an tsolais.
Tá mo lámh ar tí breith a thabhairt ar na ciníocha.
Tá súil ag insí na farraige liom
agus iad muiníneach as neart mo láimhe.
- ⁶ Ardaigí bhur súile i dtreo na spéire
agus breathnaigí ar an talamh síos.
Scaipfidh na spéartha ar nós deataigh,
imeoidh an talamh ina scifleoga mar a bheadh global éadaigh ann,
gheobhaidh lucht a áitrithe bás ar nós na míoltóg.
Ach mo shlánúsa, beidh sé buan,
agus mo chumhacht chun cirt ní rachaidh i léig.



⁷ Éistigí liom, sibhse a bhfuil eolas an chirt agaibh,
a phobal a mheabhraíonn mo dhlíthe in bhur gcroí.
Ná bíodh eagla oraibh roimh mhasla daoine
ná anbhuaín de bharr a gcuid achasán.

⁸ Óir creimfidh an leamhan iad ar nós giobal éadaigh,
mar bheadh olann iontu íosfaidh na péisteoga iad.
Ach mo chumhachta chun cirt, mairfidh sí buan
agus mo shlánú ó ghlúin go glúin!

Múscaíl t an Tiarna

⁹ Múscaíl, múscaíl, cuir umat do neart,
a lámh an Tiarna,
Múscaíl mar a dhéantá sa seanam,
in aimsir na nglún a d'imigh.
An ea nach tusa a scoilt Ráhab,
a pholl an Dragan ina lár?

¹⁰ An ea nach tusa a thriomaigh an fharraige,
uiscí an Aigéin mhóir,
chun bealach mór a dhéanamh as duibheagáin na farraige,
le go bhféadfadh an dream a fuasclaíodh dul trasna?



¹¹ An pobal atá saortha ag an Tiarna, tá siad ag filleadh,
tá siad ag teacht go Síón ag liúireach le gairdeas.
Tá aoibhneas síoraí ina choróin ar a gceann,
áthas agus aoibhneas ag triall ina gcuideachta,
casaoid agus crá bailithe leo ar shiúl.

Sólásaí Uilechumhachtach is ea an Tiarna

¹² Mise mé féin, is mé a thugann sólas duit.
Cé hé tusa go bhfuil eagla ort roimh an duine,
an duine ar dual dó an bás,
an duine seo nach buaine é ná an féar?

¹³ Tá dearmad déanta agat ar an Tiarna a rinne thú,
a spréigh na spéartha amach agus a chuir bun faoin talamh;
agus tá crith ort i gcónaí agus gach uile lá
roimh fhraoch an aintiarna agus é faoi réir le tú a scrios.
Ach cá bhfuil sé, an fraoch seo an aintiarna?

An Slánú

¹⁴ Tá an cime ar tí a scaoilte amach; ní bhfaighidh sé bás i dtóin díge agus ní bheidh ganntanas aráin air. ¹⁵ Is mise an Tiarna do Dhia a chorraíonn an fharraige agus a



chuireann a tonnta ag torann; Tiarna na Slua is ainm dom. ¹⁶Chuir mé mo chuid focal i do bhéal, ar scáth mo láimhe chuir mé i bhfolach thú, nuair a spreigh mé amach na spéartha agus chuir mé bun faoin tálamh agus dúirt le Síón: “Is tú mo phobal.”

Múscailt Iarúsailéim

¹⁷Dúisigh, dúisigh suas! Bí i do shuí, a Iarúsailéim!
Tusa a d’ól ó láimh an Tiarna cupán a fheirge.
Corn an mhearbhail, d’ól tú é, d’ól tú siar é ar fad.

¹⁸Níl agat feasta chun tú a chinnireacht
duine ar bith den chlann mhac a shaolaigh tú,
ná chun tú a choinneáil suas lena láimh
duine ar bith den chlann mhac a thóg tú.

¹⁹Tá an dá olc seo tar éis teacht ort
– cé a bheadh ag maíomh do dhóigh ort?
Creach agus scrios, claíomh agus gorta,
– cé a thabharfadh sólas duit?

²⁰Tá do mhic ina luí gan lúth
ar choirnéal gach uile shráide
chomh lag le heilit i mbarrach,



ar meisce le fearg an Tiarna,
le bagairtí do Dhé.

²¹ Ar an ábhar sin, éist leis seo, a chreatúir chráite,
atá ar meisce cé nach le fíon é;

²² seo mar a deir Dia do Thiarna,
do Dhiasa agus curadh cosanta do mhuintire:

Seo, tá mé á thógáil as do láimh,
an cupán sin an mhearbhaill;
corn mo chuid feirge,
ní ólfaidh tú as níos mó.

²³ Cuirfidh mé isteach i lámha lucht do chéasta é,
iad sin a deireadh leat:

“Luigh fút, agus siúlfaimid sa mhullach ort.”

Agus dhéantá cabhsa as do dhroim,
mar a bheadh bealach mór ann le haghaidh lucht siúil.

52 Dúisigh, dúisigh suas!
Cuir umat do neart, a Shíón!

Cuir ort an chuid is galánta de d'édach,
a Iarúsailéim, a chathair bheannaithe.



Óir ní thiocfaidh isteach chugat níos mó
duine gan timpeallghearradh ná duine neamhghlan.

² Craith díot an dusta sin! Bí i do shuí,
a Iarúsailéim, a bhraighdeanaigh!
Scaoil do mhúineál as a gheimhleacha,
a iníon Shíón, a bhraighdeanaigh!

An Pobal i nGéibheann

³ Sea, seo mar a deir an Tiarna: Díoladh saor in aisce sibh agus ceannófar ar ais sibh gan airgead. ⁴ Sea, seo mar a deir an Tiarna: Chuaigh mo mhuintir síos chun na hÉigipte anallód agus d’fhan ansin; ina dhiaidh sin d’imir an Asaír ansmacht agus foréigean orthu. ⁵ Ach anois cad atá agam anseo? a deir an Tiarna, ó tógadh mo mhuintir ar shiúl saor in aisce agus lucht smachtaithe ag déanamh gaisce, a deir an Tiarna, agus ó mhaidin go hoíche gan stad tá m’ainm á mhaslú. ⁶ Sin é an fáth a gcuirfidh mo mhuintir aithne ar m’ainm; tuigfidh siad, an lá sin, gur mise a deir: “Seo anseo mé!”

Múscail t Iarúsailéim

⁷ Nach álainn ar na sléibhte
cosa an té a bhfuil dea-scéala leis,



síocháin á craoladh aige, maitheas á fógairt aige,
fuascailt á craoladh aige, á rá le Síón:

“Tá do Dhia tar éis teacht i réim.”

⁸ Éist! Tá do lucht faire ag ardú a nglór,
ag liúireach le háthas in éineacht,
óir is léir dóibh lena súile cinn
an Tiarna ag fillleadh ar Shíón.

⁹ Scairtigí amach le háthas,
a bhallóga Iarúsailéim!
mar tá an Tiarna ag tabhairt sóláis dá mhuintir,
tá sé ag fuascailt Iarúsailéim.

¹⁰ Tá an Tiarna ag nochtadh a láimhe naofa
os comhair súile na gciníocha go léir,
agus feicfidh críocha uile na talún
beart tarrthála ár nDé.

¹¹ “Amach libh! Amach! Amach as an mBablóin,
ná bainigí le rud ar bith atá neamhghlan!
Amach libh as lár na háite sin! Glanaigí sibh féin,
a lucht iompair shoithigh an Tiarna!



¹² Óir ní rachaidh sibh amach faoi dheifir,
ní imeoidh sibh mar bheadh teifigh ionaibh.
Ar cheann bhur slua beidh an Tiarna ag máirseáil,
agus ag déanamh sciath thar lorg oraibh beidh Dia Iosrael.”

Ceathrú hAmhrán Ghiolla an Tiarna

¹³ Is amhlaidh a bheidh rath ar mo Ghiolla,
gheobhaidh sé gradam agus céimíocht agus oirearcas thar cuimse.

¹⁴ Mar a bhí scéin trath ar na sluaite ar a fheiceáil,
(bhí sé chomh loite sin ina chuma
– ní raibh cruth duine dhaonna air níos mó)

¹⁵ is amhlaidh fós a bheidh alltacht ar an iomad ciníocha;
fágfar ríthe ina mbalbháin os a chomhair.
Óir feicfidh siad rud nach raibh insint scéil air
agus breathnóidh siad rud nár chualathas a leithéid riamh:

53 “Cé a chreidfeadh an scéal is clos dúinn,
agus neart an Tiarna, cé dó a nochtadh é?”

² Amhail bachlóg is ea a d’fhás sé os ár gcomhair
a mbeadh a fréamh i dtalamh tirim.



Níl cruth ná cumthacht air, dá bhfaca sinne
ná scéimh ar bith go mbeadh dúil againn ann;

³ ach é ina dhíol tarcaisne agus tréigthe ag daoine,
fear pianta agus seanaithe ag an mbreiteacht air;
a ndála siúd a gclúdaímid ar n-aighthe ina bhfianaise,
ba tháir agus ba tharcaisne linn é.

⁴ Ní hea! ach ár mbreiteachtaí a bhí sé a iompar
agus ár bpianta, ba iad a thromualach.
Sinne, áfach, dar linn gur milleadh é,
gur leag Dia lámh air agus go raibh sé cloíte.

⁵ Goineadh é as ucht ár gcoireanna,
bascadh é as ucht ár gcionta.
Airsean a cuireadh an pionós a thug sláinte dúinn
agus trína fhearbacha tháinig cneasú orainne.

⁶ Sinn uile, amhail caoirigh, bhíomar ar seachrán,
gach aon ag dul a bhealach féin.
Agus d'aifir an Tiarna airsean ár gcionta go léir.

⁷ Fuair sé ainíde agus rinne sé beag de féin,
agus níor oscail sé a bhéal.



Mar a bheadh uan á chinnireacht chuig an seamlas,
mar bheadh caora ina tost os comhair lucht a lomtha,
níor oscail sé a bhéal.

⁸ Le barr éigin agus le breithiúnas tugadh ar shiúl é;
cé atá buartha faoina chríoch?

Sea! Teascadh é as tír na mbeo;
as ucht ár gcoireanna a ciorraíodh é.

⁹ Tugadh uaigh dó i measc na gcoirpeach
agus tuama i gcuideachta na saibhre,
cé nach ndearna sé éagóir ar aon duine
agus nach raibh cluain ná cealg ina bhéal.

¹⁰ Ba thoil leis an Tiarna é a bhascadh le breoiteacht.
Má thugann sé a anam in éiric an pheaca,
feicfidh sé a shliocht, cuirfidh sé fad lena shaol,
agus rachaidh toil an Tiarna chun cinn ina lámha.

¹¹ “Tar éis saothar a anama,
feicfidh sé an solas agus beidh sásamh air.
Lena phianta déanfaidh mo ghiolla fírín de na sluaite,
á luchtú féin le hualach a gcionta.



¹² Is é sin an fáth a ndáilfidh mé na sluaite air agus roinnfidh sé an chreach leis na tréana, cionnas gur scaoil sé a anam leis an mbás agus gur áiríodh é ar líon na bpeacach, cé go raibh coireanna na sluaite ar iompar aige agus é ag déanamh eadrána ar son na bpeacach.”

Torthúlacht Iarúsailéim

54 Gáir le háthas, a bhean aimrid nár shaolaigh clann; bris amach i ngártha áthais agus lúcháire, tusa nach raibh i bpriacal riamh! Óir is líonmhaire clann na mná tréigthe ná clann na mná céile, a deir an Tiarna.

² Cuir méid le hurlár do phubaill, sín amach bratacha d’áit chónaithe, scaoil amach iad; cuir fad le do chordaí agus téagar i do sháiteáin!

³ Óir réabfaidh tú amach as do chríocha ar dheis agus ar chlé. Cuirfidh do shliocht na ciníocha as a seilbh, agus déanfaidh áitreabh dóibh féin as cathracha tréigthe.



Grá an Tiarna

- ⁴ Ná bíodh eagla ort, mar ní thabharfar do náire;
ná bí buartha, ní bhainfear lasadh asat níos mó.
Óir déanfaidh tú dearmad ar náire d'óige
agus ní bheidh cuimhne agat feasta ar mhíchlú do bhaintreachais.
- ⁵ Óir do Chruthaitheoir, is é is céile duit,
agus Tiarna na Slua is ainm dó;
Neach Naofa Iosrael, is é do shlánaitheoir é,
ar a dtugtar Dia an domhain uile.
- ⁶ Sea! i do bhean tréigthe mar atá tú agus an t-anam cráite ionat,
tá Dia ag glooch ar ais ort.
Cé a shéanfadh an bhean atá mar chéile aige óna hóige?
a deir do Dhia.
- ⁷ Seal faiteadh súl a thréig mé thú,
ach le barr dáimhe agus dúchais baileoidh mé chugam thú.
- ⁸ Seal beag agus racht fraoich agus feirge orm
cheil mé mo ghnúis ort.
Ach tá trua agam duit anois le caoindúthracht shíoraí,
a deir an Tiarna, do shlánaitheoir.



⁹ Is ionann cás dom anois agus in aimsir Naoi nuair a mhionnaigh mé i dtaobh uiscí na Díleann nach sceithfeadh siad thar an talamh níos mó. Mionnaim mar an gcéanna i dtaobh na feirge a bhí orm leat agus i dtaobh na haithise a chaith mé leat.

¹⁰ Óir féadann na sléibhte imeacht agus na cnocáin bogadh leo, ach mo chaoindúthracht duitse ní imeoidh ná mo chonradh síochána leat ní bhogfar, a deir an Tiarna, a bhfuil trua aige duit.

An Iarúsailéim Nua

¹¹ A chathair atá cráite, stoirmshuaite, gan sólás, is amhlaidh a leagfaidh mé do chlocha ar charmhogail agus do dhúshraith ar shaifírí.

¹² Déanfaidh mé binn agus buaic duit de rúibíní, geataí den chriostal duit, agus de liaga lómhara do chompal uile.

¹³ Do chlann go léir beidh siad á dteagasc ag an Tiarna agus is mór an rath a bheidh orthu mar chlann.



¹⁴ Beidh tú bunaithe ar an bhfíréantacht;
i bhfad uait an leatrom, agus ní bheidh eagla ort,
i bhfad uait an scéin, mar ní thiocfaidh sí i do chomhair.

¹⁵ Má dhéantar ionsaí ort, ní uaimse a thiocfaidh sé;
an té a dhéanann ionsaí ort, caillfear é dá bharr.

¹⁶ Seo, is mise a chruthaigh an gabha,
an té a shéideann tine na gceartaí
agus a tháirgeann airm de réir na feidhme atá leo.
Ach is mise fós a chruthaigh fear a scriosta agus a ndíobhála.

¹⁷ Níl arm dá ndearna gabha a mbeidh aon mhaith leis i do choinne.
Duine ar bith a chuireann cúis dlí ort, casfaidh tú an t-éitheach lena bhéal.
Sin mar atá i ndán do shearbhóntaí an Tiarna;
sin mar a sheasfaidh mé a gceart dóibh, briathar an Tiarna.

Bia na mBochtán

55 Hóigh, a lucht an íota, tagaigí faoi choinne uisce;
fiú mura bhfuil airgead agaibh, tagaigí;
Ceannaigí cruithneacht agus ithigí gan díol as,
agus fíon agus bainne gan íoc.



- ² Cén fáth a gcaitheann sibh airgead air rud nach arán é,
agus luach bhur saothair ar rud nach bhfuil sásamh ann?
Éistigí liomsa agus beidh sólaistí le hithe agaibh
agus beidh taitneamh á bhaint agaibh as togha an bhia.
- ³ Tugaigí cluas agus tagaigí chugam,
éistigí agus beidh bhur n-anam saolach.

An Conradh

- Déanfaidh mé conradh libh, conradh buan an uair seo,
an chomaoin cheanúil a chur oraibh a ba mhinic ag Dáiví.
- ⁴ Is amhlaidh atá tú mar fhinné agam do na ciníocha,
i do cheannaire agus i do cheann comhairle ar na náisiúin.
- ⁵ Seo, glaofaidh tú ar chiníocha nárbh aithin duit
agus tiocfaidh ciníocha gan aithne ort chugat ina rith.
Toisc an Tiarna, do Dhia,
agus Neach Naofa Iosrael, ós é a chuir maise ort.

An Tiarna Tréan i nGar

- ⁶ Lorgaigí an Tiarna, fad a chuireann sé é féin air fáil;
glaoidigí air, fad atá sé i ngar.



⁷Fágadh an coirpeach a dhrochnós
agus fear na hurchóide a bhearta.
Filleadh sé ar an Tiarna, a ghlacfaidh trua dó,
agus ar ár nDia, atá fial faoi mhaithiúnas.

⁸Óir ní hiad mo bhearta bhur mbearta,
ná ní hiad bhur mbealaíse mo bhealaíse, briathar an Tiarna.

⁹Is ard iad na spéartha os cionn na talún,
agus is comh-ard mo bhealaí os cionn bhur mbealaí
agus mo bhearta os cionn bhur mbearta.

Éifeacht Bhriathar an Tiarna

¹⁰Óir mar a thagann báisteach agus sneachta anuas ó na spéartha agus nach bhfilleann suas ar ais gan an talamh a fhliuchadh, gan fás agus eascar a chur ann, chun go dtuga sé síol don síoladóir agus arán le hithe, ¹¹is amhlaidh don bhriathar a théann as mo bhéal, ní fhilleann orm gan toradh, gan an rud a b'áil liom a dhéanamh agus mo bheart a chur i gcrích.

Deireadh an Leabhair

¹²Sea, imeoidh sibh amach faoi lúcháir
agus tabharfar abhaile sibh slán sábháilte.



Sléibhte agus cnoic, ligfidh siad gártha áthais romhaibh
agus beidh crainn uile na tíre ag bualadh bos.

¹³In ionad driseacha beidh an chufróg ag fás,
agus in áit na neantóg an miortal.
Déanfaidh sin clú agus cáil don Tiarna,
beidh ina chomhartha nach gcaitear agus nach mbristear!

An Treas Cuid

Glacann an Tiarna le hEachtrannaigh a Iompaíonn

56 Is amhlaidh a deir an Tiarna: Coinnígí an ceart, cleachtaigí an fhíréantacht, óir tá m'fhuascailt ar tí teacht agus m'fhíréantacht ar tí a foilsithe.

²Is méanar don duine a dhéanann amhlaidh agus do mhac an duine a chloíonn go docht leis: ag coinneáil na sabóide gan truailliú agus á choimeád féin ó gach droch ghníomh.

³Ná habradh mac an eachtrannaigh a chuaigh leis an Tiarna: “Cinnte, coinneoidh an Tiarna amach as a phobal mé.” Ná habradh an coillteán: “Níl ionamsa ach crann seasc.”

⁴Óir is mar seo a deir an Tiarna: Na coillteáin a choinníonn mo shabóidí, a théann leis an ní a thaitníonn liom agus a chloíonn go docht le mo chonradh, ⁵tabharfaidh mé dóibh leacht agus ainm i mo theach féin agus laistigh de mo bhallaí, rud is fearr ná clann mhac agus iníonacha; tabharfaidh mé dóibh ainm síoraí, ainm nach gcealófar go deo.



⁶ Agus clann na n-eachtrannach chomh maith, a chloígh leis an Tiarna chun fónamh dó, chun grá a thabhairt d’ainm an Tiarna agus chun bheith ina seirbhísigh aige, iad siúd uile a choinníonn an tsabóid gan truailliú agus a chloíonn go docht le mo chonradh,
⁷ déanfaidh mé a gcinnireacht go dtí mo shliabh beannaithe. Tabharfaidh mé aoibhneas dóibh i mo theach urnaí. Glacfar air m’altóir lena dtabhartais loiscthe agus lena n-íobairtí, óir gairfear de mo theachsa teach urnaí na gciníocha go léir.

⁸ Seo é briathar an Tiarna Dia a chruinníonn muintir scaipthe Iosrael. Cruinneoidh mé tuilleadh fós in éindí leo siúd atá cruinnithe cheana.

Taoisigh gan Rath

- ⁹ A ainmhithe uile an mhachaire, tagaigí;
 a ainmhithe uile na foraoise, tagaigí agus sásaigí bhur gcaos.
- ¹⁰ Ár lucht faire, tá siad ar fad dall,
 ní léir dóibh dada!
 Madaí balbha iad go léir,
 nach féidir leo tafann.
 Ag brionglóideach atá siad, ina luí fúthu,
 a ndúil sa chodladh.
- ¹¹ Madaí craosacha iad nach féidir a shásamh,
 tréadaithe nach dtuigeann dada.



Téann siad go léir a mbealach féin,
gach aon riamh acu ar lorg a leasa féin.

¹²“Tagaigí!” a deir siad, “tá mé ag dul a lorg fíona;
líonfaimid sinn féin le biotáille,
agus beidh an lá amárach mar an lá inniu,
lá mór má bhí a leithéid riamh ann!”

57 Téann an fírén in éag
agus ní mheabhraíonn aon duine ina chroí é.
Tógtar lucht na caoindúthrachta ar shiúl
gan duine ar bith a thabhairt aird air.

² Is ea, de bharr na hurchóide tógtar an fírén ar shiúl
ach isteach sa tsíocháin a théann sé.

Tá siad ag ligean a scíthe ar a leaba dheireanach,
iad siúd a shiúil bealach na córa.

³ Ach tagaigí sibhse i leith anseo, a chlann na cailí feasa,
a phór an adhaltranaigh agus na striapaí.

⁴ Cé faoi atá sibh ag fonóid, cé faoi an clab sin oraibh,
agus cé chuige a shánn sibh amach bhur dteanga?



Síol an pheaca atá ionaibh
agus pór na mbréag!

⁵ Sibhse a dhéanann drúis faoi na crainn teiribinte,
faoi gach crann glas
ag íobairt páistí sna haltáin sléibhe,
i scealpacha na gcarraig!

Tairngire in aghaidh na nÍol

⁶ Clocha snoite na n-altán, sin iad do chuibhreann,
is iad, is iad do chuid.
Ar a son siúd a dhoirteann tú deochanna ofrála,
chucusan a thugann tú ofrálacha bia.
An bhfuil sásamh le fáil agam ina leithéid?

⁷ Ar shliabh mór ard
atá do leaba cóirithe agat.
Is ann freisin a chuaigh tú suas
a dhéanamh do chuid íobairtí.

⁸ Ar chúl an dorais agus na hursan
is ea a chuir tú do chloch chuimhne in airde.



D'imigh tú uaim agus bhain tú díot,
chuaigh tú ar an leaba fhairsing a bhí cóirithe agat.

Tá conradh déanta agat leo siúd
ar mhór leat a leaba,
ag síorstriapachas leo
agus do shúile ar an dia bréige.

⁹ Chuir tú maise ort féin le hola ar son Mhoilic,
ag stealladh cumhrán ort féin;
chuir tú do theachtairí i bhfad i gcéin,
chuir tú iad síos go Seól fiú.

¹⁰ Tuirseach is mar bhí tú leis an bhfánaíocht ar fad,
níor dhúirt tú: “Tá mé ag éirí as.”
Fuair tú neart agus urra as an nua,
mar sin níl tú tuirseach fós.

¹¹ Cé a chuir an eagla agus an t-uamhan ort
gur shéan tú mé,
go ndearna tú dearmad orm
agus nár choinnigh tú áit i do chroí dom?



Ach mise, an ea nár fhan mé i mo thost, nár dhún mé mo shúile?

Mar sin níl eagla ort romhamsa.

¹² Ach anois tá mé chun an fhíríantacht seo agat a léiriú go hoscailte, agus do ghnóthaí gan rath.

¹³ Nuair a screadann tú, sábháladh do dhéithe bréige gránna thú!

Cartfar ar shiúl leis an ngaoth an t-iomlán acu,
siabfaidh anáil ar shiúl iad.

Ach an té a chuireann a iontaoibh ionamsa, gheabhaidh sé an tír mar oidhreacht, agus beidh seilbh aige ar mo shliabh beannaithe.

Dán Sólais

¹⁴ Agus cloisfear glór á rá:

Tógaigí suas tóchar agus réitigí an bealach,
glanaigí gach constaic as cosán mo mhuintire

¹⁵ Óir is mar seo a deir an Té is airde,
a bhfuil a chónaí sa tsíoraíocht
agus a bhfuil a ainm naofa:

“Tá cónaí orm in áras atá ard agus naofa,
agus fós i bhfochair an té atá brúite uiríseal ó spiorad,



chun misneach a mhúscailt arís i spiorad na n-uirísle,
chun misneach a chur ar ais sna croíthe brúite.

- ¹⁶ Óir ní bheidh mé ag sárú oraibh i gcónaí,
agus ní bheidh fearg á cothú istigh agam i dtólamh;
mar sa tslí sin mheathfadh romham an bheatha féin
agus gach dúil bheo dá ndearna mé.
- ¹⁷ Coiriúlacht agus bradaíl Iosrael a chuir fearg orm seal;
cheil mé mo ghnúis air agus bhuail mé le teann feirge.
D'imigh sé leis fiáin sna bealaí a b'áil lena chroí;
- ¹⁸ chonaic mé féin iad na bealaí céanna.

Ach leigheasfaidh mé é agus tabharfaidh mé sólás dó;
líonfaidh mé le suaimhneas é,
é féin agus lucht a chaointe,

- ¹⁹ á dhéanamh sin le briathra mo bheola:
Síocháin! Síocháin don uile dhuine, i bhfad agus i ngar!
a deir an Tiarna. Sea go deimhin, tá mé chun tú a leigheas.”
- ²⁰ Ach tá lucht na hurchóide ar nós farraige suaite,
farraige nach féidir di bheith ciúin,



a mbíonn a tonnta ag caitheamh suas salachair agus láibe.

²¹“Níl síocháin i ndán,” a deir mo Dhia, “do lucht na hurchóide.”

An Troscadh

58 Glaoigh amach in ard do chinn, na coinnigh siar é,
ardaigh do ghlór mar a bheadh adharc á séideadh.

Taispeáin do mo phobal a gcoireanna
agus do theaghlach Iacóib a bpeacaí.

²Lá in aghaidh an lae tá siad do mo thaithí,
ag maíomh toil a bheith acu agus tuiscint do mo shlite,
amhail pobal a bheadh ag cleachtadh fíréantachta,
in áit a bheith ag tabhairt cúl le dleacht a nDé.

Bíonn siad ag cur tuairisc orm faoi dhlíthe córa;
is áil leo, más fíor dóibh, druidim le Dia:

³“Cad chuige ár dtroscadh mura bhfeiceann tusa é,
ár gcrá anama, mura dtugann tú aird air?”

Ach bhur laethanta troscaidh bíonn gnóthaí ar siúl agaibh,
bíonn sibh ag tromaíocht ar bhur n-oibrithe go léir.



⁴ Déanann sibh troscadh agus sibh ag bruíon agus ag troid agus ag bualadh dorn ar a chéile le binb.

Troscadh mar atá ar siúl agaibh faoi láthair, ní hé a leithéid a gheobhaidh éisteacht thuas do bhur nglór.

⁵ An é sin an troscadh is rogha liom, lá cránais den chineál seo i láthair?

Duine ag cromadh a chinn mar a bheadh giolcach ann, agus é sínte ar éadach róin agus ar luaithreach, an air seo a thabharfá troscadh, agus lá taitneamhach i láthair an Tiarna?

⁶ An troscadh is áil liom, nach é seo é? dar briathar an Tiarna Dia: Geimhleacha na héagóra a scaoileadh, an ceangal a bhaint den chuing;

an dream a smachtaíodh a scaoileadh saor amach, an uile chuing a bhriseadh;

⁷ do chuid aráin a roinnt le lucht ocrais, dídean a thabhairt do bhochtáin gan teach gan treabh,



éadach a chur ar an té a fheiceann tú nocht
agus gan faillí a dhéanamh i do dhualgas i leith do mhuintire.

⁸ Ansin scallfaidh do sholas amach mar an maidneachan
agus is gearr go dtaga cneasú ar do chréachtaí.

Rachaidh d'fhíríantacht romhat amach
agus glóir an Tiarna i do dhiaidh.

⁹ Ansin, má ghlaonn tú, tabharfaidh an Tiarna freagra ort;
nuair a scairtfidh tú, déarfaidh sé: “Seo anseo mé.”

Má dhíbríonn tú an leatrom as do chúrsaí,
bagairt na méire agus an chaint urchóideach,

¹⁰ má thugann tú do chuid aráin don ocrach
agus a sháith don duine dearóil,

éireoidh do sholas sa dorchadas
agus beidh do ghruaim ina loinnir mheán lae.

¹¹ Beidh an Tiarna do do threorú de shíor
agus ag riar do ghá faoi loscadh na gréine.

Cuirfidh sé smior i do chnámha
agus beidh tú mar ghairdín a fuair riar uisce,
ar nós tobar nach dtéann a chuid uiscí i ndísc.



¹² Agus beidh tú ag tógáil arís ar na fothracha ársa agus ag foirgniú ar dhúshraith na seanaimsire. Tabharfar ort fear líonta na bearna, fear cóirithe na n-áitreabh scriosta.

I dtaobh na Sabóide

¹³ Má scorann tú den tsabóid a bhrú faoi chois agus de do ghnóthaí a dhéanamh ar an lá beannaithe; má ghlaonn tú lá aoibhnis ar an tsabóid, agus lá urraime ar lá beannaithe an Tiarna; má thugann tú onóir dó agus gan taisteal a dhéanamh air, ná gnóthaí a dhéanamh ná dul i ndáil chomhairle;

¹⁴ is ansin a bheidh d'aoibhneas sa Tiarna; cuirfidh mé i do mharcach thú ar mhullaí cosanta na tíre. Beathóidh mé thú le hoidhreacht Iacóib, d'athair, óir tá béal an Tiarna tar éis labhairt.

Salm

59 Ní hé go bhfuil lámh an Tiarna chomh giorraithe sin nach bhfuasclaíonn,



ná a chluas chomh mall nach gcloiseann.

² Ach is iad bhur gcionta atá ina nduibheagán idir sibh agus bhur nDia.

Thug bhur bpeacaí air a aghaidh a chlúdach ionas nach gcloiseann sé sibh.

³ Óir tá bhur lámha truailithe le fuil agus bhur méara le cionta.

Tá an bhréag ar bhur mbeola agus monabhar an éigirt ar bhur dteanga.

⁴ Éileamh ar cheart ní dhéantar sa chúirt, ná ní théitear chun dlí go hionraic.

Cuirtear muinín sa díomhaointeas agus cantar bréaga; gabhtar an míghníomh sa bhroinn agus saolaítear buaireamh.

⁵ Ar gor ar uibheacha nathrach atá siad, agus ag fíodóireacht líonta damhán alla; an té a itheann a n-uibheacha, faigheann sé bás, agus má bhristear ceann acu, nathair nimhe a thagann amach.

⁶ Maidir lena líonta, ní dhéanfaidh siad gnó éadaigh, ná ní dhéanfar clúdach dóibh as saothar a láimhe.

A saothar siúd, is é saothar an donais é agus is réidh chucu an gníomh garbh.



- ⁷ Ritheann a gcosa chun an oilc,
agus deifir orthu fuil neamhurchóideach a dhoirteadh.
Bearta coiriúla is ea a mbearta,
níl ach scrios agus slad ina ndiaidh aniar.
- ⁸ Bealach na síochána ní eol dóibh,
ná níl ionracas ar bith i rian a n-imeachta.
Cosáin chama atá réitithe amach acu;
an té a shiúlann iad, ní síocháin i ndán dó.
- ⁹ Dá thairbhe sin is fada an ceart uainn
agus ní thagann an fhíríantacht suas linn.
Bímid ag dréim leis an solas, agus seo dorchadas,
le gealán gréine, agus tá muid ag siúl faoi ghruaim.
- ¹⁰ Tá muid ag gliúmáil romhainn inár ndaill cois balla;
mar a dhéanfadh daoine gan súile atá ár ngliúmáil.
Tá muid ag tuisliú um nóin mar bheadh sa chlapsholas,
tá cónaí orainn sa dorchadas ar nós na marbh.
- ¹¹ Tá muid uile ag gnúsacht mar bheadh béir ionainn,
ag ochlán agus ag éagaoín ar nós colúr.
Tá ár súil leis an gceart – ach ní ann dó,
le fuascailt, ach is fada uainn í.



- ¹² Óir is líonmhar ár bpeacaí i do láthair,
agus tá ár gcionta ag tabhairt fianaise inár n-aghaidh.
Mar is feasach sinn ar bpeacaí,
agus is eol dúinn go maith ár gcoireanna:
- ¹³ an Tiarna a thréigean agus a shéanadh
agus imeacht ar shiúl ónár nDia,
a bheith ag beartú ansmachta agus ceannairce,
agus ag monabhar bréaga inár gcroí.
- ¹⁴ Caitear an ceart i leataobh
agus seasann an fhíríantacht siar.
Mar baineadh leagan as an iontaoibh ar fhaiche na cathrach,
agus níl cead isteach ag an macántacht.

Blúire de Thaispeánadh

- ¹⁵ Tá an t-ionracas in easnamh
agus déantar slad ar fhear seachanta an oilc.
Chonaic an Tiarna sin agus níor thaitin sé leis
nach raibh ceart le fáil os a chomhair.
- ¹⁶ Chonaic sé nach raibh aon duine ann,
agus b'iontach leis gan fear eadrána bheith le fáil.



Mar sin rinne a lámh féin slánú dó
agus ba í a fhíríantacht a chrann taca.

¹⁷ Chuir sé an fhíríantacht air ina lúireach
agus clogad an tslánaithe ar a cheann.
Chuir sé éadach an díoltais uime ina léine
agus chlúdaigh é féin le díbheirg mar chlóca.

¹⁸ Cúiteoidh sé cách mar is dleacht,
fearg dá naimhde agus díoltas dá eascairde.

¹⁹ Beidh urraim d'ainm an Tiarna aniar
agus dá ghlóir ó éirí na gréine.
Óir tiocfaidh sé mar a bheadh tuile á cúnglú idir dhá bhrúach
agus siorradh ón Tiarna á siabadh.

²⁰ Ach tiocfaidh sé go Síón mar fhuascalteoir,
chuig muintir Iacóib agus a bpeacaí tréigthe acu.
Briathar féin an Tiarna an méid sin!

Fáistine

²¹ Maidir liom féin, is é seo mo chonradh leo, a deir an Tiarna: Mo spioradsa atá ag lonnú ort agus mo bhriathra atá curtha i do bhéal agam, ní imeoidh siad as do bhéal, ná as béal do shleachta, ná as béal shliocht do shleachta feasta go deo. Sin é a deir an Tiarna.



Aiséirí Iarúsailéim

60 Éirigh, go lonrach, mar seo é do sholas ort,
agus tá glóir an Tiarna tar éis éirí os do chionn,
² ainneoin go bhfuil an dorchadas ag leathadh thar an talamh
agus dúchan na hoíche ar na ciníocha.

Os do chionnsa tá an Tiarna ag éirí
agus tá a ghlóir le feiceáil anuas ort.

³ Tá na náisiúin ag triall ar do sholas
agus a ríthe ar ghile do mhaidneachain.

⁴ Ardaigh do shúile agus breathnaigh mórthimpeall:
táthar ag bailiú le chéile agus ag triall ort.
Tá do chlann mhac ag teacht ó i bhfad i gcéin,
d iníonacha fós agus iad á n-iompar ar an leis.

⁵ Ar a fheiceáil duit, beidh loinnir i do ghnúis,
beidh do chroí ag borradh ionat le tocht:
óir casfar flúirse na farraige i do threo,
tiocfaidh saibhreas na náisiún ag triall ort.



- ⁶ Beidh tú ar do chlúdach le camaill ina sluaite,
scoth chamaill Mhidián agus Éafá,
iad siúd go léir ag triall as Seabá,
ór agus túis ar iompar acu,
agus iad ag fógairt moltaí an Tiarna.
- ⁷ Tréada uile Chéadar, cruinneoidh siad le chéile duit;
beidh reithí Nabáiót ag riar ar do ghá.
Rachaidh siad suas agus beidh glacadh leo air m'altóir,
cuirfeair maise le maise mo Theampaill.
- ⁸ Cé hiad siúd ag seoladh leo ar nós na néalta,
mar a bheadh colúir ag filleadh ar a gcró?
- ⁹ Soithí is ea iad ag bailiú as críocha na farraige,
agus longa Thairsís ar a gceann,
ag iompar do chlann mhac ó i bhfad i gcéin
agus a gcuid óir agus airgid in éindí leo,
ar son ainm an Tiarna do Dhia
agus Neach Naofa Iosrael, os é a chuir maise ort.
- ¹⁰ Beidh clann na gcoimhthíoch ag tógáil do mhúrtha as an nua,
agus a ríthe ag déanamh freastail ort.



Óir cé gur bhasc mé thú nuair a bhí an taom feirge orm,
is tú mo pháirt anois agus ghlac mé trua duit.

- ¹¹ Beidh do gheataí ar leathadh de shíor,
de lá ná d'óiche ní bheidh siad dúnta,
chun go dtugtar chugat saibhreas na gciníocha
agus a ríthe ar téad dá gcinnireacht.
- ¹² Óir náisiún nó ríocht nach stríocann duit, caillfear iad,
agus déanfar slad ar thíortha iomlána.
- ¹³ Maise na Liobáine tiocfaidh ag triall ort,
giúis agus ailm agus cufróg ar fad le chéile,
chun slacht a chur ar láthair mo shanctóra,
agus scéimh san áit ar lonnaigh mo chosa.
- ¹⁴ Tiocfaidh clann lucht an ansmachta ag cromadh síos i do láthair;
sléachtfaidh ag do chosa an dream a mba tháir leo thú.
Tabharfaidh siad Cathair an Tiarna ort,
Síón Neach Naofa Iosrael.
- ¹⁵ In ionad a bheith tréigthe mar a bhí tú,
i do chéile a raibh fuath ort agus tú fágtha,



déanfaidh mé ábhar mórála díot go deo,
cúis ghairdis ó ghlúin go glúin.

¹⁶ Diúlfaidh tú bainne na gciníocha,
diúlfaidh tú saibhreas na ríthe.
Agus tuigfidh tú gur mise an Tiarna is slánaitheoir duit,
gurb é Neach Tréan Iacóib d'fhuascailteoir.

¹⁷ In ionad umha, tabharfaidh mé ór chugat;
in ionad iarainn, tabharfaidh mé airgead;
in ionad adhmaid, umha; in ionad cloiche, iarann.
Gnó do chuid reachtairí fágfaidh mé ag an tsíocháin,
agus feidhm do mhaor ag an bhfíréantacht.

¹⁸ Ní bheidh trácht ar fhoréigean i do dhúiche níos mó,
ar scrios ná ar shlad i do chríocha.
Goirfidh tú Saoirse do do mhúrthaí.

¹⁹ Ní bheidh an ghrian mar sholas agat feasta sa lá
ná loinnir ghealaí le teacht na hoíche.
Is é an Tiarna a bheidh agat ina sholas síoraí
agus do Dhia ina bharr maise ort.



²⁰ Ní rachaidh do ghrian faoi go deo arís
ná urú ní thiocfaidh ar do ghealach,
óir beidh an Tiarna agat mar sholas síoraí
agus cuirfear críoch le laethanta do bhróin.

²¹ Beidh do mhuintir go léir ina bhfíréin
agus seilbh acu ar an tír go deo,
ina mbachlóg de chuid plandála an Tiarna,
saothar ó mo lámha féin ar mhaithe le mo ghlóir.

²² An té is lú díobh déanfar míle de,
agus cine láidir as an mbaicle bheag.
Mise an Tiarna, tá mé tar éis labhairt;
in am trátha cuirfidh mé i gcrích é.

Gairm an Fháidh

61 Tá spiorad an Tiarna Dia orm
de bhrí go ndearna an Tiarna mé a choisreacan,
chun dea-scéala a bhreith liom chuig na dearóile,
chun cóir leighis a chur ar chroíthe brúite,



chun cead a gcos a fhógairt do na cimí
agus fuascailt do phríosúnaigh;

² chun bliain logha a fhógairt thar ceann an Tiarna,
agus lá díoltais dár nDia;

chun sólás a thabhairt do lucht an dobróin

³ agus bláthfhleasc in ionad luaithrigh,
ola na lúcháire in ionad éide an bhróin,
moladh in ionad éadóchais.

Goirfear dóibh Crainn na Córa,
a chuir an Tiarna i dtalamh ar mhaithe lena ghlóir.

⁴ Tógfaidh siad suas arís na fothracha ársa,
beidh siad ag foirgniú ar bhallóga an tseanama;
deiseoidh siad na cathracha creachta
agus na ballóga atá uaigneach leis na cianta.

⁵ Beidh eachtrannaigh ag buachailleacht bhur dtréada daoibh,
agus coimhthígh ag saothrú bhur dtalaimh agus bhur bhfíniúna.

⁶ Ach goirfear daoibhse sagairt an Tiarna
agus tabharfar oraibh lucht freastail ár nDé.
Beidh saibhreas na gciníocha agaibh le caitheamh
agus a maoin ar fad faoi réir agaibh.



- ⁷ Ó tharla go bhfuair mo mhuintir a dhá oiread náire agus gur masla agus magadh a tháinig ar a gcrann, gheobhaidh siad a dhá oiread rathúnais ina dtír féin agus lúcháir shíoraí atá i ndán dóibh.
- ⁸ Óir mise, an Tiarna, is ionúin liom an ceart agus is gráin liom slad agus éagóir. Tabharfaidh mé a luach saothair dóibh go dílis, agus déanfaidh mé conradh síoraí leo.
- ⁹ Beidh cáil ar a sliocht os comhair na gciníocha agus ar shliocht a sleachta i measc na náisiún. Admhóidh gach aon dá bhfeiceann iad gur cine iad atá beannaithe ag an Tiarna.
- ¹⁰ “Gáirim le gairdeas sa Tiarna, tá lúcháir ar m’anam i mo Dhia. Óir chuir sé an slánú umam ina éadach, rinne sé mé a chuachadh i mbrat na fíréantachta, ar nós buachaill óg ag cur bláthfhleasc air chun a phósta nó brídeach á maisiú féin lena seoda.



¹¹ Óir, mar a chuireann an talamh aníos a gheamhair,
ar nós gairdín ag geamhrú ón síolchur,
is amhlaidh a chuirfidh an Tiarna Dia aníos mar gheamhar
fíréantacht agus moladh i bhfianaise na gcínocha go léir.”

Aiséirí Iarúsailéim Arís

62 Ar mhaithe le Síón ní fhanfaidh mé i mo thost,
agus mar gheall ar Iarúsailéim ní mian liom bheith socair,
nó go dté a fíréantacht amach mar an maidneachan
agus a slánú mar bheadh lóchrann ag lonrú.

² Is ann a fheicfidh na cínocha d’fhíréantacht
agus na ríthe uile do ghlóir;
agus tabharfar ainm nua ort,
ainm a fhógróidh béal an Tiarna féin.

³ Beidh tú i do choróin taibhseach i láimh an Tiarna,
i do cheannbheart ríoga ar bhois do Dhé.

⁴ Ní déarfaidh siad Uaigneach leat feasta,
ná ní ghairfear Fásach do do dhúiche.
Ach is é ainm a bheidh ort féin “Bean mo rúin”
agus “an Céile” a bheidh ar do dhúiche.



Óir lig an Tiarna a rún leat
agus gheobhaidh do dhúiche é mar chéile.

⁵ Díreach mar a phósann ógfhear cailín,
is é an Saor féin a phósfaidh thusa;
agus mar is cúis ghairdis a chéile don fhear nuaphósta,
beidh tú féin i do chúis ghairdis ag do Dhia.

⁶ Ar do mhúrtha, a Iarúsailéim, tá lucht faire i gceann poist agam
nach dual tost dóibh de lá ná d’oíche;
Sibhse a mheabhraíonn ár gcás don Tiarna,

⁷ níl sos i ndán daoibh – agus ná tugaigí sos dósan
nó go gcuire sé Iarúsailéim ar bun
ina duan molta dó go deo ar talamh.

⁸ Tá an Tiarna tar éis a mhionn a thabhairt
dar a dheasláimh agus dar neart a ghualann:
“Ní baol feasta go dtabharfaidh mé do chruithneacht
mar bhia do do naimhde.
Eachtrannaigh ní ólfaidh níos mó do chuid fíona
ar chaith tú do shaothar leis.



⁹ Ach an dream a rinne an t-arbhar a tharlú,
íosfaidh siad féin é agus molfaidh siad an Tiarna.
Is iad lucht cnuasaithe na gcaora fíona
a bheidh ag ól i mo chúirteanna beannaithe.”

Clabhsúr ar na trí Chaibidil seo

¹⁰ Amach libh, amach trí na geataí!
Réitigí bealach do mo mhuintir!
Tógaigí tóchar, tógaigí suas é;
glanaigí na carraigeacha ar shiúl!
Ardaigí an comhartha le haghaidh na gciníocha!

¹¹ Seo é fógra an Tiarna
go críocha na cruinne féin:
“Abraigí le hiníon Shíón:
Seo chugat d’fhuascailteoir.
Tá a luach saothair leis ina sheilbh
agus a chúiteamh á iompar roimhe amach.

¹² Gairfear dóibh Pobal Naofa,
Cion Fuascailte an Tiarna,



agus duit féin a mbíonn síorthriall ort
Cathair nach dtréigtear.”

Díoltas Dé

63 Cé hé seo chugainn as Eadóm,
as Bozrá agus é dearg ina chuid éadaigh?

É i mborr agus i mbláth faoina chulaith,
ag céimniú i mbarr a nirt.

– Mise atá ann, ag fógairt fíréantachta,
mise atá in acmhainn slánaithe!

² – Cén fáth gur dearg ar fad atá do chulaith ort,
ar nós éadach duine a bheadh ag satailt sa dabhach fíona?

³ – Phasáil mé an chantaoir i m’aonar;
duine de mo mhuintir ní raibh in éindí liom.

Mar sin shatail mé orthu agus mo racht feirge orm,
agus shiúil mé orthu i gcuthach dom;
steall súlach a geroí ar mo chulaith
agus smálaigh mo chuid éadaigh ar fad.

⁴ Mar bhí cinnte ar lá an díoltais i mo chroí agam,
agus bhí bliain fuascailte mo mhuintire tagtha.



- ⁵ Bhreathnaigh mé timpeall; ní raibh duine le cuidiú liom;
 agus b'iontach liom nach raibh taca le fáil.
 Mo lámh féin mar sin a chuidigh liom,
 agus m'fhearg, is í a rinne taca dom.
- ⁶ Bhasc mé na ciníocha le cuthach,
 shatail mé orthu le teann feirge,
 agus sceith mé a súlach amach ar an talamh.

Salm

- ⁷ Is mian liom comharthaí caoindúthrachta an Tiarna a aithris,
 agus éachtaí an Tiarna a fhógairt,
 gach a ndearna an Tiarna ar ár son
 agus a iolmhaitheasa i leith teaghlach Iosrael,
 gach ar bhronn sé orthu le barr dáimhe
 agus ilchomharthaí a chaoindúthrachta.
- ⁸ Dúirt sé: “Cinnté is iad mo mhuintir iad,
 mo chlann mhac nach dual dóibh bréag.”
 Agus bhí sé ina shlánaitheoir acu
- ⁹ ina dtrioblóidí go léir.



Ní teachtaire ná aingeal
ach é féin a scaoil saor iad.

Le teann grá agus trua
d'fhuascail sé féin iad;
thóg sé suas agus d'iompair iad
sna laethanta sin uile anallód.

¹⁰ Ach d'éirigh siad amach ina choinne
agus chuir brón ar a spiorad naofa.
Is leis sin a d'iompaigh sé ina namhaid dóibh
agus chuir sé cogadh orthu é féin.

¹¹ Ansin chuimhnigh siad ar na laethanta a bhí
agus ar Mhaois a thug a mhuintir chun saoirse:
Cá bhfuil an té úd a thug aníos ón muir
iad féin agus tréadaí a thréada?
Cá bhfuil an té a chuir isteach ann a spiorad naofa;

¹² a chuir a chumhacht ghlórmhar uaidh
ag gluaiseacht ar dheasláimh Mhaois;
a scoilt na huiscí ó chéile rompu
chun ainm síoraí a bhaint amach dó féin;

¹³ a stiúraigh iad tríd an duibheagán
chomh réidh le capall ar an machaire fiáin,



- ¹⁴ gan tuisliú ach oiread le heallach
ag druidim síos bun gleanna,
agus spiorad an Tiarna á seoladh chun suaimhnis.
Is amhlaidh sin a threoraigh tú do mhuintir
chun clú agus mórcháil a thuilleamh duit féin.
- ¹⁵ Breathnaigh anuas ó na flathis agus féach,
ó arda na naofachta agus na glóire mar a bhfuil do chónaí.
Cá bhfuil do dhíbheirg agus do ghaisce,
do theasghrá agus do thrócaire chugainn?
Ná seas i leataobh uainn
- ¹⁶ óir is tusa ár n-athair,
cé nach n-aithníonn Abrahám sinn
agus nach cuimhin le hIosrael sinn níos mó.
Tusa, a Thiarna, is athair dúinn;
ár bhfuascailteoir, is é sin d'ainm riamh anall.
- ¹⁷ Cén fáth, a Thiarna, a bhfuil muid ar seachrán agat i bhfad ó do shlite,
agus ár gcoíthe á gcruachan ionas nach eagal leo thú níos mó?
Fill ar ais ar son do sheirbhíseach,
ar son treibheanna d'oidhreacht.
- ¹⁸ Cén fáth ar sháraigh lucht an oilc do shanctóir,
cén fáth ar shatail ár naimhde ar do scrín?



¹⁹ Is fada nach beo dúinn faoi do réir,
ionann agus nárbh é d'ainmse atá orainn.

64 Och, dá roisfeá na flaithis ó chéile agus teacht anuas,
ag cur na sléibhte ar crith os do chomhair,

² mar a lasann tine ina bladhaire trí bhrosna,
mar a chuireann tine uisce ag fiuchadh;
ansin bheadh aithne ag do naimhde ar d'ainm
agus ciníocha ar crith roimh do theacht.

³ Dhéanfá éachtaí ansin nach raibh súil leo,
agus nár chuala aon duine caint orthu riamh.

⁴ Cluas níor chuala ná súil ní fhaca
dia ar bith ach tusa ag seasamh leis an té a chuir a mhuinín ann.

⁵ Cuireann tú fáilte roimh an dream a chleachtann an ceart
agus a mbíonn cuimhne acu ort féin agus ar do bhealaí.
Tá fearg ort, agus déanaimid peaca dá ainneoin sin;
is fada sinn ag déanamh ceannairce i do choinne.

⁶ Bhíomar go léir ar nós duine atá neamhghlan
agus ár ndea-ghníomhartha uile mar ghiobail bhrocacha.
Tá muid seargtha ar fad mar bheadh duilleoga,
dár siabadh linn ag ár gcionta ar nós na gaoithe.



- ⁷ Duine níl ann a ghlaonn ar d’ainm,
ná a mhúsclaíonn é féin chun teannadh go dlúth leat.
óir tá tú tar éis do ghnúis a cheilt orainn,
agus sinn fágtha agat faoi smacht ár gcoireanna.
- ⁸ Ach fós féin, a Thiarna, is tú ár n-athair.
Sinne an chré, tusa an potaire,
agus saothar do láimhe is ea sinn go léir.
- ⁹ Ná bíodh fearg rómhór ort, a Thiarna,
ná meabhraigh an urchóid de shíor!
Féach orainn go léir, breathnaigh ar do mhuintir.
- ¹⁰ Tá do chathracha beannaithe ina ndíthreibh,
tá Síón ina díthreibh agus Iarúsailéim ina fásach.
- ¹¹ Ár dTeampall a ba bheannaithe agus a b’álainn,
mar a mbíodh ár n-aithreacha do do mholadh,
tá sé dóite go talamh le tine,
agus gach a raibh ár ndúil ann, tá sé ina léirscrios.
- ¹² Ina dhiaidh sin, a Thiarna, an bhfuil tú chun srian a chur leat féin,
chun fanacht i do thost agus sinn a smachtú thar cuimse?

Déithe Bréige: An Nua-Aois

65 Bhí mé ansin le lorg ag dream nach raibh do m’iarraidh agus bhí fáil orm ag dream nach raibh do mo chuartú. Bhí mé ag rá: “Seo anseo mé, seo anseo mé,” le cine



nach raibh ag glaoch ar m'ainm. ²Bhí mo lámha sínte amach agam an lá ar fad chuig pobal míréireach agus iad ag dul bealach nárbh fhóna, de réir a dtallann féin, ³ag tabhairt mo dhúshlán gan sos suas le mo bhéal, ag déanamh íobairtí i ngairdíní, ag dó túise ar altóirí bríce, ⁴ag gnáthú uaigheanna agus ag faire go maidin i gcúinní dorcha, ag ithe feoil mhuiice agus súlach salachair ina gcoirí acu. ⁵“Fan mar a bhfuil tú,” a deir siad, “ná bain díom; óir is naofa ná tusa mé.” Toit i mo shrón is ea an dream seo, tine nach múchtar ar feadh an lae. ⁶Seo, tá sé scríofa os mo chomhair; ní fhanfaidh mé i mo thost nó go gcúití mé leo ⁷a n-urchóidí féin agus urchóidí a n-aithreacha, an t-iomlán le chéile, a deir an Tiarna, an dream a bhíodh ag dó túise ar na sléibhte agus ag tabhairt mo dhúshlán ar na cnoic. Díolfaidh mé an comhar leo go huile agus go hiomlán.

⁸Seo mar a deir an Tiarna: Nuair a bhíonn fíon úr le fáil i dtriopall caora fíniúna, deirtear: “Ná mill é; tá beannacht ann.” Déanfaidh mise mar an gcéanna ar son mo sheirbhíseach. Ní mhillfidh mé an náisiún ar fad. ⁹Tabharfaidh mé sliocht ar Iacób agus oidhrí air Iúdá a mbeidh seilbh acu ar mo shléibhte. Beidh siad mar oidhreacht acu siúd atá tofa agam, agus mar áit chónaithe ag mo sheirbhísigh. ¹⁰Beidh Seáron ina réimse ag tréada caorach agus Gleann Áchór ina fhéarach eallaigh, agus iad i seilbh mo mhuintire a lorgann mé.

- ¹¹ Ach sibhse atá i ndiaidh an Tiarna a thréigean,
 a bhfuil mo shliabh beannaithe dearmadta agaibh,
 a chóiríonn tábla faoi choinne dia na cinniúna,
 agus a leagann amach cupán fíona do dhia an áidh,



¹² tugaim suas don chlaíomh sibh
 agus titfidh sibh ar lár san eirleach.
 Óir ghlaoiigh mé agus níor thug sibh freagra,
 labhair mé agus níor éist sibh.
 Ach rinne sibh rudaí a b'olc liom,
 agus an rud nár thoil liom, ba é bhur rogha é.

¹³ Dá bharr sin, seo mar a deir an Tiarna Dia:
 Beidh mo sheirbhísigh ag ithe, ach beidh ocras oraibhse;
 beidh mo sheirbhísigh ag ól, agus beidh tart oraibhse;
 beidh lúcháir ar mo sheirbhísigh, ach náire a bheidh oraibhse.

¹⁴ Beidh mo sheirbhísigh ag ceol, agus áthas ina gcroí.
 Ach sibhse, beidh sibh ag éagaoín le doilíos croí,
 agus ag olagón le hanbhuan anama.

¹⁵ Beidh bhur n-ainm ina eascaine ag mo mhuintir thofa, agus tabharfaidh an Tiarna Dia bhur mbás. Ach do mo sheirbhísigh tabharfar ainm nua. ¹⁶ An té a mbeidh beannacht uaidh ar talamh, beannacht ó Dhia na fírinne a bheidh uaidh, agus an té a thabharfaidh a mhionn ar talamh, dar Dia na fírinne a mhionnóidh sé, óir ligfear amhgar an tseanama i ndearmad agus beidh sé ceilte ar mo radharc. ¹⁷ Óir tá mé chun spéartha nua agus talamh nua a chruthú agus ní mheabhrófar feasta na rudaí a tharla, ná ní thabharfar chun cuimhne iad níos mó. ¹⁸ Ach déanáigí gairdeas agus bíodh lúcháir oraibh go deo agus go brách as a bhfuil á chruthú agam, mar tá mé chun Iarúsailéim a chruthú ina lúcháir agus a muintir



ina ngairdeas. ¹⁹Beidh lúcháir orm féin as Iarúsailéim, beidh gairdeas orm as mo mhuintir. Ní chloisfear ann choíche glór an chaointe ná gloach ar chabhair. ²⁰Ní bheidh níos mó ann naíonán nach maireann ach beagán laethanta ná seanduine nach dtugann a sheal. An té a mhaireann céad bliain, ní bheidh ann ach ógánach; agus an té nach maireann an céad, beidh sé amuigh air gur faoi chrann smola a bhí sé. ²¹Tógfaidh siad tithe agus déanfaidh siad cónaí iontu; cuirfidh siad fíniúin agus íosfaidh siad a toradh. ²²Ní dhéanfaidh siad tógáil a bheidh mar áit chónaithe ag daoine eile; ní chuirfidh siad síol le go mbeidh daoine eile ag ithe. Óir tabharfaidh mo mhuintir saol fada leo ar nós saol na gcrann, agus is fada a bheidh mo dhaoine tofa ag baint leas as saothar a lámh. ²³Ní bheidh siad ag sclábhaíocht in aisce ná ag saolú clainne chun a gcaillte, mar bunadh is ea iad a bhfuil beannacht ón Tiarna orthu, agus a sliocht ina ndiaidh. ²⁴Is amhlaidh a thabharfaidh mé freagra sula nglaio siad; agus iad fós ag caint, beidh siad cloiste agam. ²⁵Beidh an mac tíre agus an t-uan ag iníor le chéile, íosfaidh an leon cochán ar nós na mart, agus beathóidh an nathair í féin le deannach. Díth ná dochar ní dhéanfar níos mó ar mo shliabh beannaithe ar fad, a deir an Tiarna.

Fáistine

66 Seo mar a deir an Tiarna:

Is iad na spéartha mo chathaoir ríoga
agus an talamh stól mo chos!



Cá bhfuil an teach a d'fhéadfadh sibh a thógáil dom?

Cén áit a dhéanfadh cónaí dom?

² Na rudaí seo ar fad is de dhéantús mo láimhe iad;

is liom féin an t-iomlán, briathar an Tiarna.

Ach an té a dtugaimse aird air,

is é an bochtán é agus fear an chroí bhrúite,

an té a bhfuil urraim aige do mo bhriathar.

I gCoinne na gCultas Coigríche

³ An té a íobraíonn mart, agus a leagann duine mar an gcéanna,

a mharaíonn uan agus a thachtann madadh,

a ofrálann arbhar, agus a thoirbhríonn fuil mhuiice,

a dhóinn túis mar chuimhneachán, agus a thugann ómós d'íola,

tá a mbealach féin roghnaithe ag a leithéidí,

agus dúil a n-anama ina gcuid gráiniúlachta.

⁴ Ar an gcuma chéanna, roghnóidh mé féin amhgar dóibhsean,

agus tarraingeoidh mé orthu na rudaí is mó is eagal leo.

Óir ghlaigh mé agus níor fhreagair aon duine,

labhair mé agus ní raibh aon duine ag éisteacht.

Rinne siad an rud a b'olc i mo shúile,

agus an rud a thaitneodh liom, níorbh áil leo.



Dán Apacailipteach

⁵ Éistigí le briathar an Tiarna,
 sibhse a bhfuil urraim agaibh dá bhriathar
 Bhur muintir féin gur fuath leo sibh,
 agus a thugann droim láimhe libh de dheasca m'ainm,
 deir siad: “Taispeánadh an Tiarna a ghlóir,
 go bhfeicimid sibh ag déanamh gairdis.”
 Ach is orthu féin a bheidh an náire.

⁶ An ghlóraíl agus an ghlafarnach sin sa chathair,
 an glór ag teacht ón Teampall,
 glór an Tiarna is ea é
 agus é ag baint sásaimh as a naimhde.

⁷ Bean a bhreith clainne gan tinneas
 agus mac a shaolú gan bheith i bpriacal!

⁸ Cé a chuala trácht ar a leithéid,
 cé a chonaic a leithéid riamh?

An saolaítear tír in aon lá amháin,
 an dtugtar náisiún chun breithe d'aon uain amháin?



Ach níor luaithe Síón ina luí seoil
ná thug sí clann mhac ar an saol!

⁹ An dtabharfaidh mé chun breithe, gan an bhreith a thabhairt chun críche?
a deir an Tiarna.

Mise a ghin, an ndúnfaidh mé an bhroinn?
a deir do Dhia.

¹⁰ Bíodh lúcháir ort, a Iarúsailéim,
bíodh áthas oraibh, a lucht na páirte, mar gheall uirthi!
Gáirigí le gairdeas mar gheall uirthi,
sibh uile a raibh éide bhróin oraibh ina diaidh!

¹¹ Ionas go dtálfar bhur sáith oraibh
ó chíocha na sólás,
ionas go mblaisfidh sibh go fonnmhar
de dhiúl a glóire.

¹² Óir is mar seo a deir an Tiarna:
Cuirfidh mé an tsíocháin uaim
ag triall uirthi mar bheadh abhainn ann,
agus ar nós tuile ag sceitheadh thar bruacha
saibhreas na gciníocha.



Beidh a leanaí cíche á n-iompar ar an leis
agus á luascadh ar ghlúine.

¹³ Mar a bheadh máthair ag cur páiste chun suaimhnis,
mise chomh maith, tabharfaidh mé suaimhneas daoibhse.
(In Iarúsailéim a gheobhaidh sibh suaimhneas.)

¹⁴ Ar a fheiceáil daoibh, beidh lúcháir ar bhur gcroí,
agus beidh bhur gcnámha chomh húr le geamhar féir.
Léireoidh an Tiarna a neart dá sheirbhísigh
agus cuirfidh a naimhde aithne ar a fhearg.

¹⁵ Óir féach, tá an Tiarna ag teacht i gcaor thine
agus a charbadra ar nós guairneán gaoithe,
chun a chuid feirge a scaoileadh ina fraoch,
agus a aithis in aon bharr amháin lasrach.

¹⁶ Mar tá an Tiarna chun breith a thabhairt le tine,
chun an cine daonna a chiontú lena chlaíomh,
agus marófar mórán leis an Tiarna.

I gCoinne na Searmanas Págánach

¹⁷ An dream a choisreacann agus a ghlanann iad féin i ngairdíní,
duine i ndiaidh an duine i bhfáinne draíochta,



a itheann feoil mhúice agus luchóg agus péisteanna gránna,
béarfaidh drochchríoch ar an iomlán acu,
briathar an Tiarna.

Aitheasc ar an Nua-aois

¹⁸Tá mé ag teacht chun ciníocha na n-uile theanga a chruinniú le chéile. Tiocfaidh siad a bhreathnú ar mo ghlóir. ¹⁹Tabharfaidh mé comhartha dóibh agus cuirfidh mé cuid dár tháinig slán díobh amach chuig na náisiúin: chuig Tairsís, Pút, Lúd, Móiséic, Róis, Túbal agus Iáván, i dtreo insí na farraige i gcéin nár chuala trácht orm agus nach bhfaca mo ghlóir. ²⁰Agus ar ais as na náisiúin uile, ina dtabhartais don Tiarna, tabharfaidh siad leo bhur muintir go léir – ar muin capaill, i gcarbaid agus ar eileatroim, ar mhiúileanna agus ar chamaill rásaíochta – go dtí mo shliabh beannaithe in Iarúsailéim, a deir an Tiarna, ar nós mar iompraíonn clann Iosrael an tabhartas i soithí glana go teampall an Tiarna.

²¹Agus cuid acu, déanfaidh mé sagairt agus Léivítigh díobh dom féin, a deir an Tiarna.

²²Óir na spéartha nua agus an talamh nua
atá á gcruthú agam,
díreach mar a bheidh siadsan buan i mo láthair, briathair an Tiarna,
is amhlaidh a bheidh bhur gcine agus bhur n-ainm buan chomh maith.

²³Mí in aghaidh na míosa le teacht na ré nua,
agus seachtain in aghaidh na seachtaine lá na sabóide,



tiocfaidh an cine daonna go léir ag sléachtadh i mo láthair,
a deir an Tiarna.

²⁴ Agus nuair a théann siad amach,
feicfidh siad corpáin na ndaoine sin
a rinne ceannairc i m'aghaidh.
A gcnúmhóg siúd, ní rachaidh in éag
ná a dtine ní mhúchfar
ábhar gránach a bhéas iontu ag an gcine daonna go léir.

